Údaráis Áitiúla Chill Dara

Tuarascáil Bhliantúil 2012

Ábhar	Leathanach

Réamhrá	3
Comhaltaí Chomhairle Contae Chill Dara	5
Coistí um Beartais Straitéiseacha	8
Coistí na Comhairle	12
Comhaltaí na gComhlachtaí Seachtracha	13
Comhdhálacha ar ar Freastalaíodh	15
An Struchtúr Bainistíochta	16
Fáiltiú Cathartha	17
Seirbhísí Corparáideacha, Acmhainní Daonna agus TFC	18
Seirbhísí Corparáideacha	19
Acmhainní Daonna	25
TFC	29
Seirbhísí Tithíochta, Pobail agus Cultúrtha	31
Tithíocht	32
Pobal agus Cultúr	36
Seirbhísí Fóillíochta	41
Na hEalaíona	43
Seirbhís Leabharlainne Chontae Chill Dara	44
Pleanáil agus Forbairt Eacnamaíochta	47
Bóithre, Iompar agus Sábháilteacht Phoiblí	57
An tSeirbhís Dóiteáin	61
Seirbhísí Uisce agus Comhshaoil	65
Seirbhísí Uisce	66
Seirbhísí Comhshaoil	71
Ráiteas Airgeadais	75
Táscairí Seirbhíse	77
Tuairisc ar Dhul Chun Cinn an Phlean Chorparáidigh	87
Comhairlí Baile	
Comhairle Baile Bhaile Átha Í	122
Comhairle Baile Dhroichead Nua	131
Comhairle Baile Léim an Bhradáin	134
Comhairle Baile an Náis	142

Réamhrá

Fáilte go tuarascáil bhliantúil Údaráis Áitiúla Chill Dara don bhliain 2012, ina dtugtar mionsonraí ar an obair a rinne an chomhairle chun seirbhísí poiblí agus mórthionscadail bonneagair a sheachadadh le linn na bliana. Déanann an chomhairle an fhorbairt eacnamaíochta, shóisialta agus chultúrtha a éascú trí réimse leathan tionscnamh.

Bhí bliain dhúshlánach ag na comhairlí baile agus contae ó thaobh airgeadais de. Bhíothas ag díriú den chuid is mó ar éifeachtúlacht agus ar luach ar airgead, mar gheall ar bhuiséid agus acmhainní a bheith laghdaithe. Tá foireann agus lucht bainistíochta na comhairle tar éis cur chuige dearfach solúbtha a ghlacadh i leith bheith ag freastal dá hoibleagáidí airgeadais trí sheirbhísí a chlaochlú, luach ar airgead a lorg, caighdeáin a fheabhsú go leanúnach agus, san am céanna, príomhsheirbhísí a choimeád.

Imríonn Údaráis Áitiúla Chill Dara ról lárnach i bhfás agus i bhforbairt eacnamaíochta Chontae Chill Dara ina iomláine. Ar bhealach ginearálta, cuireann réimse leathan seirbhísí na comhairle le forbairt eacnamaíochta agus shóisialta an chontae. Tá seirbhísí bóithre, uisce, pleanála agus comhshaoil i gcoitinne ríthábhachtach chun tacú leis an bhforbairt eacnamaíochta.

Bíonn na comhaltaí tofa ag freastal i gcónaí ar thosaíochtaí agus riachtanais an phobail agus ag cur treoir riachtanach ar fáil faoi na tosaíochtaí a glacadh in 2012.

Ar ghníomhartha agus ócáidí móra na bliana:

- Cuireadh Ionad Cóireála Fuíolluisce Chill Dara i gcrích.
- Chuaigh Scéim Astarraingthe Uisce na Bearú chun cinn le linn na bliana.
- Tosaíodh ar obair tógála faoi Scéim Séarachais an Bhaile Mhóir.
- Tosaíodh ar obair tógála faoi Scéim Píblíne agus Taiscumair Chaisleán Bhairnín go dtí Ballygoran.
- Tosaíodh ar obair tógála faoin tionscadal Feabhsúchán Bóthair R402, An Bóthar Buí go dtí Éadan Doire.
- Seoladh an Straitéis Contae a Thacaíonn le Daoine Breacaosta.

- Ar chuireadh ó Chumann Chill Dara, d'fhreastail an Méara go hoifigiúil ar Mhorshiúl Lá Fhéile Pádraig i gcathair Nua-Eabhrac.
- Seoladh an Plean Forbartha Ealaíon 2012 – 2016.
- Seoladh an tionscnamh Deisighdoshraid.ie.
- Lean an Chomhairle de bheith ag obair chun bonneagar úrscothach gan sreang a leathnú amach, chun an cheanncheathrú agus oifigí sna ceantair máguaird a nascadh go slán lena chéile trí sheirbhís ardluais gan sreang.
- Seoladh tionscnaimh bhreise de chuid na Seirbhíse Leabharlainne a bhaineann le Ríomhsheirbhísí 24 Uair an Chloig.
- Reáchtáladh Fáiltiú Cathartha le haghaidh na ndaoine as Contae Chill Dara a ghlac páirt sna Cluichí Oilimpeacha agus Parailimpeacha.
- D'fhreastail an Méara ar na Gradaim do Phearsa na Bliana, Cill Dara, don bhliain 2012.
- Reáchtáladh 'Lá Súgartha' in Áras Chill Dara chun an Lá Náisiúnta Súgartha a cheiliúradh.

Leagtar amach in *Putting People First*, an Clár Gníomhaíochta don Rialtas Áitiúil Éifeachtach a seoladh i nDeireadh Fómhair 2012, beartas an Rialtais i leith fhorbairt agus athchóiriú ar an gcóras rialtais áitiúil. Fógraítear ann go gcaithfidh na húdaráis áitiúla glacadh le hathruithe, nuachóiriú a dhéanamh, imthosca nua airgeadais a ghlacadh agus seirbhísí a chur ar fáil atá níos fearr fós ná cinn atá anois ann, agus é sin ar fad a dhéanamh ar bheagán acmhainní.

Tá buíochas ó chroí ag dul do na comhaltaí tofa, don lucht bainistíochta agus don fhoireann a bhíonn ag obair as lámh a chéile i gcónaí chun éifeachtúlacht níos fearr a bhaint amach le go bhfreastalófar ar riachtanais ár saoránach.

Micheál "Spike" Nolan
Méara

Michael Malone
Bainisteoir Contae

Comhaltaí Chomhairle Contae Chill Dara

Tá 25 comhalta ann a dhéanann ionadaíocht

do 5 thoghcheantar:

Baile Átha Í	Cill Dara
Cill Droichid	An Nás

Claonadh

Toghcheantar Bhaile Átha Í

An Clr. Richard Daly
Fine Gael

An Clr. Ivan Keatley
Fine Gael

An Clr. Martin Miley Jnr
Fianna Fáil

An Clr. Mark Wall
Páirtí an Lucht Oibre

Toghcheantar Chill Droichid

An Clr. Kevin Byrne
Páirtí an Lucht Oibre

An Clr. Senan Griffin
Fine Gael

An Clr. Anthony Larkin
Neamhspleách

An Clr. John McGinley
Páirtí an Lucht Oibre

An Clr. Frank O'Rourke
Fianna Fáil

An Clr. Colm Purcell
Páirtí an Lucht Oibre

Toghcheantar Chlaonadh

An Clr. Liam Doyle
Fianna Fáil

An Clr. Seamus Langan
Fine Gael

An Clr. Pádraig McEvoy
Neamhspleách

An Clr. Brendan Weld
Fine Gael

Toghcheantar Chill Dara

An Clr. Francis Browne
Páirtí an Lucht Oibre

An Clr. Suzanne Doyle
Fianna Fáil



An Clr. Paddy Kennedy
Neamhspleách

Micheál Nolan, Méara
Fine Gael

An Clr. Fiona O'Loughlin
Fianna Fáil

An Clr. Tony O'Donnell
Fine Gael

Toghcheantar an Náis

An Clr. Fintan Brett
Fine Gael

An Clr. Willie Callaghan
Fianna Fáil

An Clr. Paddy MacNamara
Páirtí an Lucht Oibre

An Clr. Seamie Moore
Neamhspleách

An Clr. Darren Scully
Fine Gael

Seomra na Comhairle

Coistí um Beartais Straitéiseacha

Tá 5 cinn de Choistí um Beartais Straitéiseacha ag Comhairle Contae Chill Dara:

Seirbhísí Uisce agus Comhshaoil

Tithíocht

Pobal agus Cultúr

Cúrsaí Iompair

Pleanáil agus Forbairt Eacnamaíochta

Tarraingíonn na Coistí um Beartais Straitéiseacha ar shaineolas agus ar oilteacht na ndaoine a bhíonn ag obair le comhlachtaí sóisialta, eacnamaíochta, cultúrtha agus comhshaoil ar fud Chill Dara.

Chomh maith leis sin, cuireann na coistí ar chumas daoine a bhfuil saineolas ábhartha acu bheith ag obair in éineacht leis na hionadaithe tofa chun beartas na comhairle a fhorbairt de mheon comhpháirtíochta.

CBS - Cúrsaí Iompair

Comhaltaí	*Cruinnithe a tionóladh in 2012*	*Saincheisteanna a pléadh*
An Clr. K. Byrne (Cathaoirleach) **An Clr. P. McEvoy** **An Clr. C. Purcell** **An Clr. R. Daly** **An Clr. W. Callaghan** **An Clr. M. Dalton** **An tUas. Miriam O'Brien** **An tUas. James Earle** **An tUas. Sean Darcy**	4	• Leachtanna/gairdín cuimhneacháin cois bóthair • Rialáil na limistéar príobháideach páirceála • Polasaí achomhairc maidir le fíneálacha páirceála • Córas Comhtháite Iompair Áitiúil agus Tuaithe • Saincheisteanna sábháilteachta ar bhóithre • Scáthláin bhus • Cothabháil ar shoilsiú poiblí • Dréachtpholasaí maidir le Dearbhú Bóithre Poiblí

CBS - Seirbhísí Uisce agus Comhshaoil

Comhaltaí	*Cruinnithe a tionóladh in 2012*	*Saincheisteanna a pléadh*
An Clr. P. Kennedy (Cathaoirleach) **An Clr. M. Wall** **An Clr. F. O'Rourke** **An Clr. F. Brett** **An Clr. M. Nolan** **An Clr. S. Fitzgerald** **An tUas. Allen Shine** **An tUas. Fiona Tutty** **An tUas. Tom Malone**	4	• Dumpáil neamhúdaraithe dramhaíola • Athnuachan ar Phlean Bainistithe Dramhaíola Chill Dara • Plean Freagartha maidir le Teagmhas Uisce Óil • Cláir Feabhais le haghaidh Láithreáin Tréigthe agus Foirgnimh Chontúirteacha • Athrú aeráide • An soláthar uisce i gCill Dara agus sa tír trí chéile • Muirín a dhéanamh de dhramhaíl • Úsáid inbhuanaithe fuinnimh agus forbairt inbhuanaithe • An Clár LEADER um Fhorbairt Tuaithe • Obair ghrúpaí na mbailte slachtmhara • Bearradh fáil • Diúscairt mhídhleathach • Staidéar Straitéiseach ar Dhraenáil Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath.

CBS - Tithíocht

Comhaltaí	*Cruinnithe a tionóladh in 2012*	*Saincheisteanna a pléadh*
An Clr. S. Doyle (Cathaoirleach) **An Clr. A. Larkin** **An Clr. P. MacNamara** **An Clr. M. Miley** **An Clr. S. Griffin** **An Clr. A. Breen** **An tUas. Liam O'Brien** **An tUas. Joe Curran** **An tUas. D. Maher**	4	• An Scéim um Chóiríocht ar Cíos • Léasú • Iompraíocht fhrithshóisialta • Deontais • Mapáil Leithdháiltí • Éifeachtúlacht Fuinnimh/Téimh • Muirir le haghaidh seirbhísí

CBS - Pobal agus Cultúr

Comhaltaí	*Cruinnithe a tionóladh in 2012*	*Saincheisteanna a pléadh*
An Clr. S. Langan (Cathaoirleach) **An Clr. I. Keatley** **An Clr. F. O'Loughlin** **An Clr. S. Moore** **An Clr. F. Browne** **An Clr. G. Dunne** **An tUas. Sinead Heneghan** **An tUas. John Hayden** **An tUas. Triona Muldoon**	4	• Beartas maidir le Saoráidí Pobail • Ráiteas leabharlainne do leanaí agus do dhéagóirí • Beartas maidir le Fóntais • Forbairt spóirt i gCill Dara • Tóstal Éireann • Na healaíona i gCill Dara

CBS - Pleanáil agus Forbairt Eacnamaíochta

Comhaltaí	*Cruinnithe a tionóladh in 2012*	*Saincheisteanna a pléadh*
An Clr. D. Scully (Cathaoirleach) **An Clr. T. O'Donell** **An Clr. L. Doyle** **An Clr. B. Weld** **An Clr. J. McGinley** **An Clr. Emma Kiernan** **An tUas. Robert Mehigan** **An tUas. David O'Reilly** **An tUas. James Cotter**	5	• Beartas comharthaíochta • Comóradh 200 Bliain de Dhroichead Nua • Fodhlíthe Corrthrádála • Cur chun cinn na turasóireachta • Suíomh Ospidéal Náisiúnta na Leanaí • Rátaí Tráchtála • Toscaireacht ó Chomhlachais Tráchtála • Beartas maidir le heastáit tithíochta neamhchríochnaithe • Idirghníomhaíocht le Comhlachais Tráchtála agus le Fáilte Chontae Chill Dara • Coiste na Séadchomharthaí Stairiúla • Beartas maidir le héadain siopa • Tobshiopaí • Athnuachan láir na mbailte móra • Páirceáil • Idirghníomhaíocht le comhlachtaí deonacha

Coistí na Comhairle

Greamú Séala
Comhaltaí uile na Comhairle

An Coiste Iniúchta
Na Comhairleoirí J. McGinley, S. Griffin, L. Doyle

Bord Draenála na Bearú
Na Comhairleoirí R. Daly, M. Wall

Comhbhord Draenála Burrin
An Comhairleoir I. Keatley

An Coiste Airgeadais
Na Comhairleoirí L. Doyle, J. McGinley, I. Keatley, P. Kennedy, S. Moore

An Coiste Monatóireachta um Uisce Áitiúil Tuaithe
Na Comhairleoirí S. Langan, P. McEvoy, I. Keatley, M. Miley, F. Browne

An Coiste Prótacail agus Nósanna Imeachta
Na Comhairleoirí S. Griffin, S. Doyle, T. O'Donnell, I. Keatley, M. Wall, W. Callaghan, F. O'Loughlin, K. Byrne, J. McGinley, A. Larkin

An Coiste Comhairleach Áitiúil faoi Chóiríocht don Lucht Siúil
Na Comhairleoirí M. Wall, S. Langan, J. McGinley, P. Kennedy, P. MacNamara

Coiste faoi Nascadh Bailte
Na Comhairleoirí P. Kennedy, F. O'Rourke, F. Brett, L. Doyle

Comhaltaí na gComhlachtaí Seachtracha

Cumann Comhairlí Contae is Cathrach
Na Comhairleoirí F. Brett, L. Doyle, C. Purcell

Athy Heritage Company Ltd
An Comhairleoir R. Daly

Fóram Infheistíochta, Forbartha agus Fostaíochta Bhaile Átha Í
Na Comhairleoirí R. Daly, I. Keatley

Togra Athnuachana Bhaile Átha Í & Rhyl
Na Comhairleoirí R. Daly, I. Keatley

Coiste Teagmhála Pobail Áis Líonta Talún Bhaile Artúir
Na Comhairleoirí F. Brett, P. MacNamara

Coiste Caidrimh Pobail an Bhaile Mhóir
Na Comhairleoirí W. Callaghan, M. Wall

Bord Fhondúireacht na Mí
An Comhairleoir B. Weld

Cill Dara ar Aghaidh Teo
Na Comhairleoirí S. Moore, T. O'Donnell, M. Wall

An Bord Forbartha Contae
Na Comhairleoirí K. Byrne, S. Doyle, P. Kennedy, M. Nolan (Méara), D. Scully

Comhchoiste Póilíneachta an Chontae
Na Comhairleoirí F. Brett, S. Doyle, S. Griffin,
I. Keatley, S. Langan, P. MacNamara, P. McEvoy, J. McGinley, M. Nolan (Méara), T. O'Donnell, F. O'Rourke, D. Scully, M. Wall, B. Weld

Fáilte Chontae Chill Dara
Na Comhairleoirí S. Griffin, P. MacNamara, P. McEvoy, M. Miley, M. Nolan (Méara)

Grúpa Idirchaidreamh Pobail Shuíomh Líonta Talún an Droichid
Na Comhairleoirí F. O'Loughlin, B. Weld

Fóram Sláinte Réigiúnach Bhaile Átha Cliath agus Lár Laighean
Na Comhairleoirí F. Browne, I. Keatley, S. Langan, A. Larkin, F. O'Loughlin

Coiste Comhairleach Cheantar Abhantraí an Oirthir
Na Comhairleoirí S. Langan, P. McEvoy

Comhar-Árachais Comhairlí Éireann
An Comhairleoir M. Nolan

Cuideachta Líonra Sláinte Chill Dara
Na Comhairleoirí A. Larkin, M. Nolan, T. O'Donnell

Bord Fiontar Contae Chill Dara
Na Comhairleoirí F. Brett, W. Callaghan, L. Doyle, B. Weld

Fóram Oidhreachta Chill Dara
Na Comhairleoirí F. Browne, S. Moore, M. Nolan

Kildare Heritage Town Company Ltd
Na Comhairleoirí S. Doyle, T. O'Donnell

Ionad Fóntas Léim an Bhradáin
Na Comhairleoirí A. Larkin, C. Purcell

An Tascfhórsa Réigiúnach Drugaí
An Clr. P. Kennedy

An Painéal Sóisialta agus Comhshaoil maidir leis an gCeantar Lár Tíre ag Coillte Teoranta
An Clr. P. McEvoy

Coiste Comhairleach Cheantar Abhantraí an Oirdheiscirt
Na Comhairleoirí S. Doyle, M. Nolan

Tionól Réigiúnach an Deiscirt agus an Oirthir
Na Comhairleoirí S. Griffin, J. McGinley

An Coiste Gairmoideachais
Na Comhairleoirí F. Browne, W. Callaghan, R. Daly, I. Keatley, P. Kennedy, J. McGinley, M. Miley, M. Nolan, B. Weld

Comhdhálacha/Cúrsaí Oiliúna ar ar Freastalaíodh in 2012

Dáta	*Mionsonraí Comhdhála*	*Ionad*	*An Líon Comhairleoirí a d'Fhreastail*
10 Feabhra 2012	Athnuachan agus Forbairt Rialtais Áitiúil	An Cabhán	4
13 Aibreán 2012	Ról na nÚdarás Áitiúil i gCumasú Forbairt Eacnamaíochta	Port Láirge	5
10 Bealtaine 2012	Athchóiriú ar Rialtas Áitiúil	Cill Chainnigh	3
11 Bealtaine 2012	Turasóireacht Pobail	Corcaigh	1
17 Bealtaine 2012	Comhdháil na gCleachtóirí Tithíochta	Luimneach	1
8 Meitheamh 2012	Treoirphlean do Chomhairleoirí chun Teacht ar Mhaoiniú chun Áiseanna Spóirt i bPobail ar fud na hÉireann a Uasghrádú	Luimneach	1
22 Meitheamh 2012	An Teicneolaíocht a Chur chun Cinn san Oideachas i dTíortha Tearcfhorbartha	Corcaigh	3
20 Iúil 2012	Fluairídiú Uisce in Éirinn	Luimneach	1
22 Iúil 2012	Ár Stát a Athchóiriú agus a Atógáil	Dún na nGall	5
10 Lúnasa 2012	Deiseanna Fostaíochta a Chruthú sa Táirgeacht Áitiúil Bia	Corcaigh	1
12 Lúnasa 2012	Flaitheas agus an tSochaí	Cill Mhantáin	1
13 Meán Fómhair 2012	Céad Bliain de Sheirbhís	Gaillimh	1
19 Meán Fómhair 2012	Comhdháil Chultúr agus Oidhreacht Chomhshaoil Chiarraí	Ciarraí	4
28 Meán Fómhair 2012	Athruithe i Saol an Chúramóra	Tiobraid Árann	2
28 Meán Fómhair 2012	An Dúshlán roimh Údaráis Áitiúla *Mórán a Dhéanamh ar Bheagán*	Dún na nGall	6

An Struchtúr Bainistíochta

Bainisteoir Contae
Michael Malone

Seirbhísí Corparáideacha, Acmhainní Daonna agus TFC
Stiúrthóir Seirbhíse
Eamonn O'Sullivan

Oifigigh Feidhmiúcháin Sinsearacha
Annette Aspell (Gníomhach) (Seirbhísí Corparáideacha)
Christine O'Grady (Gníomhach) (Acmhainní Daonna)

Ceannasaí ar Chúrsaí TFC agus Soláthair
Bernard Higgins

Seirbhísí Tithíochta, Pobail agus Cultúrtha
Stiúrthóir Seirbhíse
Peter Minnock

Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach
George Perry (Tithíocht)

Ailtire Sinsearach
Anne Crofton (Gníomhach)

Oifigeach Riaracháin
Anne Marie Conneely (Pobal agus Cultúr)

Maoirseoir Sinsearach Feidhmiúcháin ar Pháirceanna
Simon Wallace

Leabharlannaí an Chontae
Marian Higgins (Gníomhach)

Seirbhísí Airgeadais
Ceannasaí ar Chúrsaí Airgeadais
Eileen Hanlon

Cuntasóir Airgeadais agus Bainistíochta
Barbara Sweeney

Fiona Millane

Pleanáil agus Forbairt Eacnamaíochta
Stiúrthóir Seirbhíse
John Lahart

Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach
Anne Rowan

Pleanálaí Sinsearach
Michael Kenny

Bóithre, Iompar agus Sábháilteacht Phoiblí
Stiúrthóir Seirbhíse
Michael O'Leary (Gníomhach)

Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach
Sonya Kavanagh

Innealtóir Sinsearach
John Coppinger

Príomhoifigeach Dóiteáin
Celina Barrett

Oifigeach Sláinte agus Sábháilteachta
Michael Hurley

Seirbhísí Uisce agus Comhshaoil
Stiúrthóir Seirbhíse
Joe Boland

Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach
Gerry Halton (Seirbhísí Uisce)
Liam Dunne (Seirbhísí Comhshaoil)

Innealtóirí Sinsearacha
John McGowan (Oibríochtaí Seirbhísí Uisce)
Gerry Conlan (Tionscadail Chaipitil)
Michael Holligan (Seirbhísí Comhshaoil)

Fáiltiú Cathartha

Reáchtáladh Fáiltiú Cathartha le haghaidh na ndaoine as Contae Chill Dara a ghlac páirt sna Cluichí Oilimpeacha agus Parailimpeacha i Londain in 2012 mar aitheantas ar ar bhain siad amach ann. Orthu siúd a ghlac páirt sna Cluichí Oilimpeacha bhí Cian O'Connor (Eachaíocht – Seóléim agus buaiteoir bonn cré-umha), Anna Merveldt (Eachaíocht – Eachraíocht), Aoife Clarke (Eachaíocht – Seómharcaíocht Trí Lá), Camilla Spiers (Eachaíocht – Seómharcaíocht Trí Lá), Eoin Rheinisch (Cadhc Singil na bhFear – Slalóm), Mark Kennedy (Maratón na bhFear) agus an luthchleasaí Parailimpeach Sean Baldwin (Foghlaeireacht).

Chuir an Comhairleoir Micheál 'Spike' Nolan, Méara Chill Dara, fáilte roimh lúthchleasaithe Oilimpeacha an chontae go dtí Seomra na Comhairle. Le linn a óráide, thréaslaigh sé an méid a bhain siad amach leo, á rá gur spreagadh a bhí ann do dhaoine eile a ndea-shampla a leanúint agus inspioráid, gan dabht, don chéad ghlúin eile.

Bhí Méaraí an Náis, Dhroichead Nua agus Léim an Bhradáin, chomh maith le Cathaoirleach Chomhairle Baile Bhaile Átha Í, i láthair ag an bhfáiltiú. Ina dteannta bhí comhaltaí ón gcomhairle contae agus ó na comhairlí baile.

Seirbhísí Corporáideacha, Achmhainní Daonna agus TFC

Corporate, Human Resources and ICT

Seirbhísí Corparáideacha, Acmhainní Daonna agus TFC

Seirbhísí Corparáideacha

Leanann an Roinn Seirbhísí Corparáideacha de bheith ag feabhsú agus ag baint úsáid níos fearr as acmhainní d'fhonn a chinntiú go gcuirfear faisnéis ardchaighdeáin agus seirbhísí feabhsaithe do chustaiméirí ar fáil dóibh siúd a bhfuil cónaí orthu sa chontae agus d'fhonn tacaíocht a thabhairt do chomhaltaí na comhairle freastal dá n-oibleagáidí i leith toghthóirí.

Bíonn an Roinn Seirbhísí Corparáideacha ag idirghníomhú agus ag tacú le gach roinn de chuid na comhairle agus tá freagracht air go ginearálta as tacaíocht a thabhairt don Mhéara agus do chomhaltaí, as cúrsaí cumarsáide, cúram do chustaiméirí, clár na dtoghthóirí agus deontais ardoideachais.

Cúram do Chustaiméirí

Is éard is aidhm leis an gcomhairle:

- seirbhís den chéad scoth a thabhairt dár gcustaiméirí uile ar bhealach cothrom, éifeachtach, éifeachtúil agus tíosach ar airgead.
- leanúint orainn roinnt seirbhísí atá dírithe ar an gcustaiméir a oibriú agus féachaint i gcónaí le feabhas a chur ar na seirbhísí a chuirtear ar fáil.
- cinnte a dhéanamh de go gcuirtear na caighdeáin inbhuanaitheachta is airde i bhfeidhm ar fud na comhairle.
- acmhainneacht iomlán lucht saothair atá tiomanta agus tréitheach a spreagadh agus a fhorbairt trí oiliúint, trí tharmligean agus trí shocruithe oibre comhpháirtíochta.
- rannpháirtíocht an phobail a bheith chomh mór agus is féidir agus sin a éascú trí chomhairle agus faisnéis a chur ar fáil.
- faisnéis a chur ar fáil atá soiléir, tráthúil, iomlán, cruinn agus le fáil ó phointí aitheanta teagmhála agus a fhreastalaíonn orthu siúd a bhfuil sainriachtanais rochtana/tacaíochta acu.

Is féidir breathnú ar Phlean Gníomhaíochta Custaiméirí Údarás Áitiúil Chill Dara 2011-2014 ar ár suíomh gréasáin.

Inrochtaineacht

Ó thaobh rochtana de, cuireadh feabhas ar Áras Chill Dara ar roinnt bealach in 2012, lena n-áirítear marcáil an charrchlóis a leasaíodh agus ráillí láimhe agus comharthaíocht inrochtana a cuireadh isteach.

Bhí an tSeachtain Náisiúnta Inrochtaineachta ar siúl idir 3 - 7 Nollaig 2012 agus reáchtáladh í i gcomhar le modúl idirbhliana dar teideal 'Rochtain á Cumasú ó Ghlúin go Glúin'.

Ba é príomhsprioc an tionscnaimh feasacht ar mhíchumas a chur chun cinn agus forbraíodh é, dá réir, mar uirlis chuiditheach foghlama do dhaltaí idirbhliana.

Deisigh do Shráid

Is tionscnamh nua é Deisigh do Shráid a leag an rialtas amach i gClár an Rialtais um Théarnamh Náisiúnta. Is éard atá ann ná suíomh gréasáin, agus an teicneolaíocht mhóibíleach a bhaineann leis, ar ar féidir leis an bpobal teacht chun saincheisteanna a ardú agus tuairisc a dhéanamh ar fhadhbanna nach ábhar éigeandála iad, mar shampla graifítí, lochtanna bóthair, soilsiú sráide, draenáil/ligean uisce agus bruscar/dumpáil neamhdhleathach. Tugtar freagra orthu sin faoi cheann 2 lá oibre. Sheol Comhairle Contae Chill Dara deisighdoshraid.ie ar an 19 Meán Fómhair 2012 agus rinneadh tuairisc ar 181 teagmhas roimh dheireadh na bliana.

Baineadh úsáid as an bpóstaer seo i ngach feachtas feasachta agus eolais ar mhíchumas agus ar chúrsaí inrochtaineachta dá raibh ag na húdaráis áitiúla.



Deontais Ardoideachais

Bronntar Deontais Ardoideachais ar mhic léinn a bhfuil cónaí orthu i gContae Chill Dara de réir na nAchtanna Rialtais Áitiúil (Deontais Ardoideachais) 1968 – 1992 agus de réir na scéime bliantúla ábhartha a fhorbraítear faoi threoir na Roinne Oideachais agus Scileanna agus a ghlacann an chomhairle.

Rinne an Roinn Oideachais agus Scileanna údarás láraithe nua a fhógairt darb ainm Tacaíocht Chomhchoiteann do Mhic Léinn in Éirinn (SUSI) chun déileáil le gach iarratas nua ar dheontais do mhic léinn ó mhí na Bealtaine 2012 amach.

Rinne 1042 mac léinn a n-iarratas a athnuachan don bhliain acadúil 2012/13.

Fuarthas 920 iarratas le haghaidh athbhreithnithe don bhliain acadúil 2012/13.

Clár na dToghthóirí

Is é 139,262 an figiúr a bhí ar Dhréachtchlár na dToghthóirí don bhliain 2013/14, a foilsíodh ar an 1 Samhain 2012, figiúr ab ísle ná an 140,598 duine a bhí ar an gClár roimhe seo. Dhá chúis a bhí leis an laghdú: an eisimirce agus cártaí faisnéis vótaíochta a tháinig ar ais chuig an gcomhairle i ndiaidh vótaíochta le linn na bliana. Scríobh an chomhairle chuig na daoine dar leo na cártaí sin agus baineadh iad siúd den liosta nár dhearbhaigh go raibh siad fós ina gcónaí ag an seoladh a tugadh.

Seoltar cóip páipéir den chlár reatha chuig oifigí an Phoist, stáisiúin na nGardaí agus leabharlanna pobail gach bliain, áit ar féidir le páirtithe leasmhara an clár a scrúdú féachaint an bhfuil siad cláraithe i gceart ann. Tá fáil sna háiteanna sin freisin ar fhoirmeacha le haghaidh duine a chur leis an liosta, a bhaint den liosta nó an clárú a leasú.

Tá an clár agus na foirmeacha iarratais éagsúla ar fáil ar líne freisin ag www.checktheregister.ie.

Ba chóir do shaoránaigh an chontae atá i dteideal vótála seiceáil a dhéanamh ar Chlár na dToghthóirí gach bliain chun a chinntiú go bhfuil siad fós cláraithe chun vótála ag an seoladh ceart.

Cruinnithe

Tá an Roinn Seirbhísí Corparáideacha freagrach as cruinnithe na comhairle a riar, lena n-áirítear an cruinniú buiséid, cruinnithe ceantair agus cruinnithe de chuid an ghrúpa beartais chorparáidigh.

Seo miondealú ar na cruinnithe a tionóladh in 2012:

- 16 chruinniú den chomhairle ina hiomláine
- 62 cruinniú ceantair
- 11 chruinniú de chuid an Ghrúpa Beartais Chorparáidigh
- 45 cruinniú eile

Cumarsáid

Tá ról fíorthábhachtach le himirt ag Aonad Cumarsáide na Roinne Seirbhísí Corparáideacha chun a chinntiú go gcuirtear faisnéis chruinn, thráthúil agus ábhartha ar fáil don phobal, do chomhaltaí tofa agus d'fhoireann na comhairle. Baintear leas as réimse bealach cumarsáide chun a chinntiú go bhfuil faisnéis ar fáil go fairsing.

Na Meáin

Féachann an tAonad Cumarsáide le dea-chaidreamh leis na meáin náisiúnta agus áitiúla a fhorbairt agus a choimeád. In 2012, fuarthas breis agus 250 iarratas ó na meáin agus eisíodh breis agus 30 preasráiteas inar tugadh faisnéis ar thionscnaimh agus ar sheirbhísí na comhairle.

Líon do Chomhaltaí agus Inlíon na Foirne

Cuireann an Roinn Seirbhísí Corparáideacha faisnéis ar fáil ar an Líon do Chomhaltaí agus ar Inlíon na Foirne, rud a chinntíonn go gcoinnítear comhaltaí tofa agus an fhoireann ar an eolas maidir le nuacht thábhachtach na comhairle.

Foilseacháin Chorparáideacha

In 2012, d'ullmhaigh an tAonad an Tuarascáil Bhliantúil don bhliain 2011.

Na Meáin Shóisialta

Bíonn na meáin shóisialta ag athrú an chaoi a mbímid ag obair. Tugann na meáin seo deis don chomhairle faisnéis a chur in iúl ar bhealach neamhthraidisiúnta. Gabhaimid ár mbuíochas le gach duine 'ar maith leo' muid ar Facebook agus a 'leanann' muid ar Twitter. Is maith linn i gcónaí tuilleadh daoine a bheith dár leanúint. Féadfaidh tú tú féin a choinneáil ar an eolas faoi theachtaireachtaí práinne agus preaseisiúintí na comhairle, faoi na míreanna is déanaí agus faoi imeachtaí nó fógraí poiblí atá le teacht ach a rá gur maith leat muid ar www.facebook.com/kildarecountycouncil nó muid a leanúint ag @kildarecoco ar Twitter. Tiocfaidh tú orainn ag www.kildarecountycouncil.ie.

Láithreán Gréasáin

Tá faisnéis chothrom le dáta agus seirbhísí ar líne ar fáil 24/7 ar láithreán gréasáin Chomhairle Contae Chill Dara (www.kildarecountycouncil.ie).

- Dearadh é sa chaoi go dtiocfaidh gach duine go héasca air, beag beann ar mhíchumas;
- Is féidir teacht air ó aon bhrabhsálaí nó aon ghléas, fóin phóca san áireamh;
- Nuashonraítear gach lá é;
- Tá faisnéis le fáil ann faoi gach roinn san eagraíocht, lena n-áirítear sonraí teagmhála, foirmeacha, ceisteanna coitianta agus seirbhísí ar leith a thugtar;
- Tá sonraí teagmhála ár gcomhairleoirí ann;
- Tá seirbhísí ar líne ar fáil, lena n-áirítear íocaíochtaí ar líne - féadfaidh tú fíneáil tráchta a íoc, buta uisce a cheannach nó do cheadúnas madraí a íoc i measc rudaí eile;
- Breathnaigh ar fhiosrúcháin pleanála ar líne;
- Má bhíonn tú liostáilte lenár gcuid fothaí RSS, más 'maith leat' muid ar Facebook nó má 'leanann' tú muid ar Twitter, coinneofar ar an eolas go huathoibríoch thú maidir leis na preaseisiúintí, na teachtaireachtaí práinne agus na míreanna is déanaí a chuirtear leis an láithreán gréasáin;
- Tá Cúrsaí Gaeilge mar chuid den láithreán;
- Thug **301,937** duine cuairt ar an láithreán gréasáin agus breathnaíodh ar **1,137,854** leathanach in 2012.

An Ghaeilge:

In 2012, lean Oifigeach Gaeilge Údaráis Áitiúla Chill Dara de bheith ag cabhrú le foireann na heagraíochta, mar ba ghá, maidir le:

- comhairle agus cabhair i dtaca le comhlíonadh na n-oibleagáidí a chuireann Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, an reachtaíocht bhainteach agus Scéim Gaeilge Údaráis Áitiúla Chill Dara uirthi;
- comharthaíocht a aistriú;
- foirmeacha iarratais a aistriú nó aistritheoirí a aimsiú lena n-aistriú;
- cabhair a thabhairt agus comhfhreagras i nGaeilge á dhéanamh le baill den phobal ba mhian leo gnó a dhéanamh leis na húdaráis i nGaeilge;
- comhfhreagras a dhéanamh, thar ceann na n-údarás, leis an gCoimisinéir Teanga, le Ranna Rialtais agus le heagraíochtaí agus le daoine eile mar ba ghá.

Cuireadh rannóg nua leis an láithreán gréasáin a bhaineann le cúrsaí Gaeilge. Cuimsítear ann, i measc rudaí eile, faisnéis i nGaeilge faoi na nithe seo a leanas:

- Sonraí na gcomhairleoirí
- Sonraí teagmhála
- Cúram do Chustaiméirí
- Saoráil Faisnéise
- Cárta nóta tráchta ar líne
- Roinnt foirmeacha iarratais ar sheirbhísí éagsúla a chuireann na húdaráis ar fáil.

Déantar ábhar na rannóige seo den láithreán gréasáin a leasú agus a nuashonrú mar is gá i gcomhairle le ranna na heagraíochta.

Chuaigh Scéim Gaeilge Údaráis Áitiúla Chill Dara, a foilsíodh in 2008, in éag in 2011. Faoi mar a iarradh orainn, ullmhaíodh dréachtscéim nua agus cuireadh faoi bhráid na Roinne Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta í lena faomhadh in 2011. Ní raibh an scéim nua faofa go foirmiúil roimh dheireadh 2012.

Saoráil Faisnéise

Fuarthas 32 iarratas faoin Acht um Shaoráil Faisnéise in 2012. Iarratais ar fhaisnéis phearsanta a bhí i 5 cinn acu sin. Ceadaíodh 18 n-iarratas, páirtcheadaíodh 8 n-iarratas agus diúltaíodh do 6 iarratas.

Freedom of Information

Acmhainní Daonna

Earcaíocht

Seo a leanas líon na foirne in Údaráis Áitiúla Chill Dara ar an 31 Nollaig 2012:

An Bhunfhoireann	Líon	Coibhéis Lánaimseartha
Lucht Bainistíochta *	6	6.00
Cléireachas / Riarachán	371	326.22
Gairmiúil / Teicniúil	153	150.40
Allamuigh	366	298.00
Scéim Dhreasachta um Shos Gairme	2	2.00
Baill Foirne Bhreise	21	21.00
An Bhunfhoireann Iomlán	**919**	**803.62**
Baill Foirne Eile		
Poist ar Conradh	27	27.00
Poist ar Conradh ag Maoirseoirí Láithreáin	9	900
Sealadach / Séasúrach *	4	4.00
Comhraiceoirí Dóiteáin Coimeádta	75	N/A
Nach den Roinn CP&RA iad	11	5.00
Iomlán na bPost Eile	**126**	**45.00**

Rinne an Roinn próiseáil ar 651 iarratas ar phoist éagsúla dár reáchtáladh comórtais le linn na bliana. Fuarthas 651 iarratas: 551 ó fhir agus 100 ó mhná.

Mar thoradh ar na comórtais a reáchtáladh le haghaidh na bpost seo, measadh go raibh iarratasóirí cáilithe agus cuireadh ar phainéil iad. Fir a bhí i 127 acu sin agus mná a bhí i 106 acu. Tairgeadh 26 post (20 cinn d'fhir agus 6 cinn do mhná).

Oiliúint agus Forbairt

Aithnítear an gá leanúnach atá le lucht oibre atá nua-aimseartha, solúbtha agus iloilte agus saincheaptar scéimeanna oiliúna dá réir, le comhoibriú agus rannpháirtíocht na foirne. Cuirtear béim ar leith ar riachtanais sláinte agus sábháilteachta, inrochtaineacht agus éagsúlacht, scileanna bainistíochta, scileanna teicniúla, agus ar scileanna le haghaidh an phoist.

An Clár Cúnaimh d'Fhostaithe

Tá an Clár Cúnaimh d'Fhostaithe (CCF) i bhfeidhm in Údaráis Áitiúla Chill Dara le roinnt blianta anois. Tá a fhios ag baill uile na foirne go bhfuil an CCF ar fáil dóibh má tá siad ina ghátar. Bíonn an fhoireann ag teacht i gcónaí ar réimse leathan faisnéise tríd an láithreán gréasáin, rud atá ar fáil ar inlíon na foirne.

Ina theannta sin, chuir lucht Acmhainní Daonna an CCF chun cinn go leanúnach i rith na bliana. Is í an uimhir saorghlao 1800 300 061 agus is féidir glaoch uirthi 24 uair in aghaidh an lae, 365 lá na bliana. Tá an teagmháil go léir a dhéanann an fhoireann leis an gClár Cúnaimh d'Fhostaithe faoi rún.

Caidreamh Tionsclaíoch agus Fostaithe

Déanann Acmhainní Daonna bainistíocht ar an gcaidreamh le ceardchumainn agus le hionadaithe foirne a phléann le saincheisteanna náisiúnta agus áitiúla araon de réir mar a thagann siad chun cinn. Cuireadh Plean Gníomhaíochta Údaráis Áitiúla Chill Dara faoin gComhaontú Seirbhíse Poiblí (Páirc an Chrócaigh), 2010 - 2014, faoi bhráid na gceardchumann ábhartha ar dtús i Samhain/Nollaig 2010 agus rinneadh athmheas air in Aibreán, 2011. In 2012, leanadh de bheith ag díriú ar chur i bhfeidhm an phlean gníomhaíochta áitiúil. Ba leis sin a bhain formhór na hoibre ó thaobh caidreamh tionsclaíoch de.

Tá dul chun cinn mór déanta ag Údaráis Áitiúla Chill Dara i gcur i bhfeidhm a phlean ghníomhaíochta áitiúil, rud a chuimsíonn bearta a bhfuil gá leo le déileáil leis an laghdú ar líon na foirne ar fud na heagraíochta le trí bliana anuas. Cuireadh gníomhartha eile i gcrích go rathúil, lenar áiríodh athbhreithniú agus athstruchtúrú seirbhísí, comhtháthú seirbhísí comhairle baile, seirbhísí comhroinnte ag gníomhaireachtaí éagsúla, bunú aonaid ghnó ildisciplíneacha, athchóiriú agus

sruthlíniú na feidhme soláthair, tionscnaimh ríomhrialtais agus, in éineacht leo sin, cur i bhfeidhm na mbeartas agus na nósanna imeachta atá comhaontaithe go náisiúnta. Is é beartas Acmhainní Daonna go spreagtar dea-chaidreamh tionsclaíoch tríd an gcur chuige comhpháirtíochta ar leibhéal corparáideach. D'éascaigh an beartas sin cur i bhfeidhm an chláir um athrú ar fud na n-údarás áitiúil, ós rud é nárbh fhéidir sin a bhaint amach gan comhoibriú agus iarracht leanúnach lucht saothair na comhairle contae agus baile. Baineadh coigilteas suntasach amach in 2012 mar thoradh díreach ar an gcomhoibriú idir lucht bainistíochta, an fhoireann agus na ceardchumainn, agus aird acu ar an drochstaid airgeadais ina bhfuil na húdaráis áitiúla.

bealach ina ndéanaimid gnó, seachas rud éigin atá le déanamh i gCill Dara. Údaráis Áitiúla. Tá coistí comhpháirtíochta ag gach stiúrthóireacht maidir lena n-áit oibre féin faoi seach. Is iad na ceardchumainn, an lucht bainistíochta agus na fostaithe laistigh d'Údaráis Áitiúla Chill Dara a ainmníonn an Coiste Comhpháirtíochta san Áit Oibre de chuid Údaráis Áitiúla Chill Dara.

Is í an chomhthoil an modh a mbaintear úsáid as agus cinntí á ndéanamh sa Chomhpháirtíocht Áit Oibre. Aithnítear gurb é creat na Comhpháirtíochta san Áit Oibre an modh leis an Acht um Fhostaithe (Faisnéis agus Comhchomhairle a Sholáthar) 2006 a chur i bhfeidhm.

Comhpháirtíocht san Áit Oibre

Is éard atá i gceist le Comhpháirtíocht san Áit Oibre an

Dul ar Scor

Chuaigh na daoine seo a leanas ar scor in 2012 agus, eatarthu uile, 855 bliain de sheirbhís curtha isteach acu:

Ainm	Grád
Angela Gunning	Oifigeach Cléireachais
Claire Flanagan	Oifigeach Foirne Cúnta
Declan Loakaman	Príomhtheicneoir
Deirdre McMahon	Oibrí For-Rochtana um Lonnaíocht Daoine gan Dídean
Edward Lyons	Oibrí Gléasra
Frank Behan	Maoirseoir Gléasra
Frank Durney	Airíoch
Gary O'Toole	Línitheoir/Teicneoir Feidhmiúcháin
Henry Lynam	Oibrí Ginearálta
James Bermingham	Oibrí Ginearálta
James O'Mara	Airíoch
James Ginty	Maor Seirbhísí Ginearálta
James Kelly	Teicneoir Sinsearach Feidhmiúcháin
Joe Donovan	Oibrí Ginearálta
Joe O'Neill	Maor Campála
John Behan	Saoiste
Kathryn Dargan Moore	Oifigeach Cléireachais
Martin O'Rourke	Oibrí Ginearálta
Mary Drewitt	Maor Scoile
Mary O'Connor	Oifigeach Cléireachais
Mary O'Toole	Línitheoir/Teicneoir Feidhmiúcháin
Michael Browne	Saoiste
Monica Davis	Oifigeach Cléireachais
Monica McGrath	Maor Scoile
Nuala Hartnett	Oifigeach Foirne
Oliver Doyle	Oibrí Ginearálta
Paddy Lambe	Oifigeach Tacaíochta Teicniúla
Pat Kenny	Bailitheoir Ioncaim
Pat Sherry	Línitheoir/Teicneoir Feidhmiúcháin
Pat Whelan	Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach
Paul Killick	Airíoch Uisce
Ray Freeman	Oibrí Ginearálta
Séamus Reilly	Maor Seirbhísí Ginearálta
Stephen Dunne	Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach
Thady Byrne	Oibrí Ginearálta
Vincent O'Shaughnessy	Oifigeach Idirchaidrimh Tionóntachta

TFC

Bonneagar

In 2012, leanadh de bheith ag leathnú bonneagar úrscothach gan sreang amach chun an cheanncheathrú agus oifigí sna ceantair máguaird a nascadh go slán lena chéile trí sheirbhís ardluais gan sreang. Rinneadh an-chuid oibre i gcúrsaí slándála TFC, go háirithe sa tslándáil mhóibíleach, ós rud é go mbíonn cibearbhagairtí mailíseacha ar bhonneagar na comhairle ag dul i méid i gcónaí. Baineadh úsáid as teicneolaíocht gan sreang chun an dara nasc le líonraí rialtais a chur i bhfeidhm, sa chaoi go mbeadh solúbthacht sa chóras agus spleáchas ar an néalríomhaireacht agus ar chórais láraithe ag dul i méid.

Is ceann de bhunchlocha oibríochtaí TFC í an tacaíocht a thugtar don fhoireann agus do chomhairleoirí. Rinne an deasc chabhrach próiseáil ar bheagán níos lú ná 5,000 glao in 2012. Léirítear an miondealú thíos. Bíonn rannóg na deisce cabhrach ag tabhairt leibhéal ard tacaíochta i gcónaí don fhoireann uile sna 30 oifig, nach mór, atá againn agus do na



comhairleoirí uile i ngach údarás. Chomh maith leis sin, tugadh faoi roinnt tionscnamh sábhála costais a bhí suntasach. Go sonrach, cuireadh bogearra nua bainistíochta cumhachta i bhfeidhm le go laghdófar ar an gcumhacht a ídíonn ríomhairí nuair nach mbíonn siad in úsáid, agus rinneadh beart nua maidir le costais línte talún agus fhón póca na comhairle.

An Méid a Cuireadh i bhFeidhm

Cuireadh Deisighdoshráid i bhfeidhm in 2012, ar tairseach lárnach í a bhféadfaidh an pobal teacht chuici chun tuairisc a dhéanamh ar fhadhbanna a bhaineann le staid an bhóthair, graifítí, srl. Rinneadh an-chuid oibre á chur sin i gcomhéadan le bogearraí tuairiscithe ar theagmhais atá in úsáid ag an gcomhairle cheana.

Cuireadh córas i bhfeidhm inar tugadh cártaí ceannaigh mhiondíola (LVP) isteach sa chomhairle agus inar díríodh go háirithe ar chódú airgeadais don chóras Agresso. I rith na bliana, uasghrádaíodh cuid de na córais a bhí ann cheana, mar shampla an príomhchóras tithíochta (iHouse) agus an tInlíon Cineálach.

Cuireadh roinnt córas nua i bhfeidhm freisin: Córas Oibre Saotharlainne a úsáidtear chun sonraí a bhaineann le cáilíocht uisce a rianú agus Córas Bainistíochta ar Dhromchla Pábhála a úsáidtear chun sonraí a bhaineann

le cúrsaí bóthair a bhainistiú, rud a chuir an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil ar fáil. Is éard a bhí i gceist leis an gcóras deireanach sin gur tugadh isteach sa chomhairle den chéad uair feidhmchláir gnó le haghaidh táibléid Android. Bíonn ag méadú i gcónaí ar úsáid na meán sóisialta, go háirithe ar an líon idirbheart a dhéantar agus an líon daoine a bhíonn dár leanúint ar ardáin dála Facebook agus Twitter.

Ar deireadh, is mór an aird atá á tabhairt ar an sonrascú leictreonach, tionscadal a forbraíodh chun billeáil leictreonach a éascú idir an chomhairle agus díoltóirí a bhfuil cuid mhór sonrasc páipéir acu, m.sh. Eircom, Vodafone, Booknest, srl. Shábháil an tionscadal sin cuid mhór costas próiseála don chomhairle in 2012.

Soláthar

Lean an t-aonad soláthair de bheith ag fáil luach ar airgead do na húdaráis in 2012 agus ag comhlíonadh na reachtaíochta náisiúnta agus idirnáisiúnta. Baineadh úsáid as roinnt sásanna i réimse limistéar. Tá an tSeirbhís Náisiúnta Soláthair (SNS) tar éis roinnt conarthaí náisiúnta éigeantacha a bhunú a bhfuil luach mór ar airgeadh iontu. Cuireadh na conarthaí sin i bhfeidhm nuair ba chuí agus shábháil an eagraíocht cuid mhór airgid dá bharr. Chomh maith leis sin, baineadh úsáid nuálaíoch as an gcóras náisiúnta LAQuotes chun creat-chomhaontuithe a bhunú, go háirithe sna rannóga a phléann le bóithre agus le seirbhísí uisce.

Bunaíodh roinnt creataí áitiúla freisin sa tírdhreachú agus i mbearradh féir, mar shampla, agus i mionoibreacha agus athdhromchlú bóthair. Bhí an grúpa ag déanamh bainistíochta ar roinnt tairiscintí aonair eile agus bhí dlúthbhaint ag an aonad leis na rannóga uile, á gcomhairliú agus á dtreorú tríd an bpróiseas soláthair phoiblí maidir le réimse earraí, seirbhísí agus oibreacha.

Chas an grúpa le soláthraithe freisin chun nósanna imeachta an tsoláthair phoiblí a phlé sula ndeachthas chun tairisceana agus d'oibrigh sé chun feabhas a chur ar inrochtaineacht faisnéise tríd an ngréasán. Rinneadh obair shuntasach freisin chun an cúrsa ó cheannach go híoc a athchóiriú chun éifeachta trí chártaí ceannaigh mhiondíola (LVP) a thabhairt isteach san eagraíocht.

Tithíocht, Pobal agus Seirbhísí Cultúrtha

Housing, Community and Cultural Services

An Rannóg Tithíochta

Féachann an Rannóg Tithíochta le tacaí tithíochta sóisialta a thabhairt do dhaoine nach bhfuil d'acmhainn acu freastal dá riachtanas tithíochta féin.

Agus staid an gheilleagair mar atá faoi láthair, is mó an t-éileamh ar thacaí tithíochta sóisialta ach is lú na hacmhainní féin, rud a fhágann go bhfuil líon níos mó daoine ar an liosta tithíochta.

Iarratais/Leithdháileadh ar Thithíocht Shóisialta

Faoi láthair, tá 2,909 maoin i stoc tithíochta na comhairle agus gearrtar cíos meánach €45 in aghaidh an aonaid, in aghaidh na seachtaine.

Tháinig na Rialacháin Measúnaithe ar Thithíocht Shóisialta i bhfeidhm in Aibreán 2011 agus tugadh isteach nósanna imeachta leasaithe le haghaidh an mheasúnaithe. Fuarthas 2, 827 iarratas in 2012, lena n-áirítear iarratais nua, nuashonruithe ar iarratais a rinneadh cheana, aistrithe agus pacáistí faoin Scéim um Chóiríocht ar Cíos (SCC). Éilíonn an Roinn Coimirce Sóisialaí anois go ndéanfaidh an t-údarás áitiúil measúnú ar gach iarratasóir ar fhorlíonadh cíosa agus go measfaidh siad iad a bheith i dteideal agus i ngátar tacaíocht tithíochta sóisialta sula gcuirfidh siad a leithéid d'iarratas faoi chaibidil. Ag deireadh na bliana 2012, ba é 7,865 an líon iomlán iarratasóirí ar an liosta tithíochta (Comhairlí Baile san áireamh).
Rinneadh an leithdháileadh seo a leanas in 2012: 111 teach ar le údaráis áitiúla iad, 67 maoin faoin Scéim um Chóiríocht ar Cíos, 24 ceann faoi léas sóisialta agus 24 ceann faoi thithíocht dheonach.

An Clár Infheistíochta i dTithíocht Shóisialta

Sa Chlár Infheistíochta i dTithíocht Shóisialta don bhliain 2012, cuimsíodh gach gné den chlár tógála, fála agus oibreacha feabhsúcháin d'Údaráis Áitiúla Chill Dara.

Ba é €7,470,500 an méid a leithdháileadh le haghaidh an tsoláthair tithíochta (caipitil) don bhliain 2012 agus
ba é €4,012,860 an méid a leithdháileadh le haghaidh an tsoláthair tithíochta (reatha).
Mar chuid de sin, rinneadh soláthar faoi na ceannteidil seo a leanas:

- Príomhchlár Tógála/Fála (Cuid V san áireamh)
- An Scéim um Chóiríocht ar Cíos/An Tionscnamh um Léasú Tithíochta Sóisialta
- Scéim Cúnaimh Chaipitil
- Cóiríocht do Thaistealaithe
- Iarfheistiú Tithe Folmha/Uasghráduithe Fuinnimh
- Oibreacha Deisiúcháin

Ba mhaith an dul chun cinn a rinne an Scéim Oibreacha Deisiúcháin i bPáirc Phádraig, Rath Iomgháin, in 2012 agus táthar ag súil go rachaidh sé ar aghaidh chuig Cuid VIII i lár na bliana 2013.

I Samhain 2012, tosaíodh ar obair faoi Chuid VIII chun 13 aonad a fhorbairt ar Bhóthar Áth Garbháin,Droichead Nua. Is cuid den scéim é chun neodracht ó thaobh carbóin de a bhaint amach, agus táthar ag súil go rachaidh an tionscadal chun cinn go mór in 2013.

An Scéim um Chóiríocht ar Cíos

Is sás tábhachtach go fóill é an Scéim um Chóiríocht ar Cíos (SCC) a thugann tacaíocht tithíochta sóisialta i gContae Chill Dara. Faoin scéim seo, tugann Comhairle Contae Chill Dara cóiríocht phríobháideach ar cíos do dhaoine a bhfuil forlíonadh cíosa á fháil acu ar feadh 18 mí nó níos faide. Bhí 590 maoin san iomlán á soláthar le haghaidh tithíochta sóisialta faoin SCC ag deireadh na bliana 2012.

Léasú

Tugadh isteach an Tionscnamh um Léasú Tithíochta Sóisialta in 2010, rud a chuir ar chumas na n-údarás áitiúil áiteanna cónaithe príobháideacha a chur ar léas fadtéarmach le go bhfreastalóidís ar riachtanais tithíochta sóisialta. Soláthraíodh 109 aonad faoin scéim seo in 2012.

Deontais Tithíochta

Bítear ag freastal ar riachtanais tithíochta freisin trí dheontais a bhaineann le hoiriúnú tithe, le cúnamh tithíochta do dhaoine breacaosta agus le cúnamh soghluaisteachta, ar deontais iad a chuireann tithe atá ann cheana in oiriúint don té a bhfuil cónaí air/uirthi ann. Níor cuireadh an deontas tithíochta do dhaoine breacaosta i bhfeidhm in 2012 ceal maoinithe. Tá 300 duine ar liosta feithimh don deontas sin faoi láthair.

Maidir leis an Deontas Oiriúnaithe Tithe do Dhaoine faoi Mhíchumas, chuir an chomhairle €405,000 ar fáil sa Bhuiséad Ioncaim don bhliain 2012, rud a lig dóibh úsáid a bhaint as cúnamh deontais chun caiteachas €2,025,000 a cheadú.

Seirbhísí do Dhaoine gan Dídean

Bunaíodh struchtúr réigiúnach a chuimsíonn contaetha na Mí, Chill Dara agus Chill Mhantáin. Beidh athbhreithniú lár téarma ar Phlean Réigiúnach an Lár-Oirthir (2010 – 2013) dlite faoi cheann Bealtaine 2013. Measadh gurb é Comhairle Contae Chill Dara an príomhúdarás. Ní mór don Stiúrthóir Seirbhíse gníomhú mar Chathaoirleach ar an nGrúpa Bainistíochta agus ar an bhFóram. Tháinig an Grúpa Bainistíochta reachtúil agus an Fóram réigiúnach iomlán le chéile go rialta i rith 2012 chun an Plean Gníomhaíochta do Dhaoine gan Dídean 2010-2013 a chur chun cinn agus téarmaí an doiciméid athbhreithnithe

ar Phlean Réigiúnach an Lár-Oirthir a ullmhaíodh i Lúnasa 2011 a chur i bhfeidhm.

Forbairt Pobail

Ba bhliain ghnóthach don Fhoireann Pobail í 2012 agus iad ag tacú le hiarrachtaí deonacha na gcumann cónaitheoirí agus na ngrúpaí pobail in eastáit de chuid na n-údarás áitiúil. Íocadh breis agus 90 deontas do chumainn cónaitheoirí chun tacú le grúpaí spásanna oscailte a chothabháil agus a fhorbairt. D'éirigh thar cionn leis an gcomórtas 'Bród Áite' d'eastáit na n-údarás áitiúil in 2012 agus tugadh cuireadh do na grúpaí a ghlac páirt ann teacht chuig Áras Chill Dara le haghaidh oíche cheiliúrtha don phobal, áit ar bronnadh duaiseanna ar bhuaiteoirí gach catagóire. Bronnadh an Duais Díchill don Óige freisin ar ógánaigh na n-eastát ar ainmnigh na grúpaí iad as an tiomantas a léirigh siad agus an obair chrua a rinne siad chun mianach saoil gach duine sa phobal a fheabhsú agus as a bheith ina ndea-shamplaí freisin dá bpiarghrúpaí. Ba mhaith leis an bhfoireann aitheantas a thabhairt freisin do ghníomhaireachtaí eile as a gcuid tacaíochta agus comhoibrithe ar thionscadail éagsúla.

Cothabháil Tithe

Cuireann an chomhairle formhór na hoibre cothabhála ar an stoc tithíochta sóisialta amach ar conradh ach tá foireann bheag saothair dhírigh fostaithe acu. Tá leithdháileadh suntasach acmhainní de dhíth ar ghnéithe freagartha an chláir chothabhála agus rinneadh 2,683 deisiúchán sa bhliain 2012 féin. Ina theannta sin, rinneadh deisiúcháin uasghrádaithe i 95 teach folamh sular ligeadh arís iad in 2012.

Iasacht Cheannaigh Tí

Faoin scéim seo, tá iasachtaí ar fáil chun tithe a cheannach ar fiú 97% (nó €220,000), ar a mhéad, de chostas an tí iad – riarann an chomhairle an scéim de réir chritéar docht a shocraítear ar bhonn náisiúnta. Ceadaíodh 3 iasacht cheannaigh tí i gCill Dara in 2012 agus rinneadh measúnú ar 36 iarratas.

Scéim Cheannaigh ag Tionóntaí

Tugann an scéim seo deis do thionóntaí na n-údarás áitiúil an mhaoin ina bhfuil cónaí orthu a cheannach ar lascaine. In 2012, díoladh 2 theach faoin Scéim Cheannaigh ag Tionóntaí 1995. Cuireadh deireadh leis an scéim seo in 2012 agus ba é an 31 Nollaig 2012 an dáta deireanach a nglacfaí le hiarratais. Tá síneadh, áfach, curtha leis an dáta deireanach nach mór ceannacháin a thabhairt chun críche faoina cheann (ceanglais dhlíthiúla, srl.). Is é Meitheamh

2013 an dáta sin. Tugadh scéim nua isteach in 2011 darbh ainm an Scéim Cheannaigh ag Tionóntaí ar Théarma Seasta 2011 inarbh é 45% an lascaine ba mhó ab fhéidir a fháil. Ceannaíodh 9 maoin faoi scéim seo in 2012. Tá deireadh leis an scéim sin anois agus beartaítear Scéim Cheannaigh Incrimintigh a thabhairt isteach i dtreo lár na bliana 2013.

Achoimre

Maidir le tacaíocht tithíochta sóisialta a sheachadadh, tá béim á leagan ar bhonn náisiúnta anois ar chaiteachas reatha seachas caiteachas caipitil**.** Cuireadh an Tionscnamh um Léasú Tithíochta Sóisialta agus an Scéim um Chóiríocht ar Cíos, chomh maith le tithíocht tríd an earnáil dheonach in ionad an chláir thraidisiúnta tógála tithíochta.

Is mó an gá atá le tacaíocht tithíochta anois i ngach cuid den tsochaí mar gheall ar an gcor chun donais sa gheilleagar. Agus na seirbhísí sin á seachadadh againn, féachann an Rannóg Tithíochta le seirbhís ardchaighdeáin a thabhairt do chliaint, do chomhaltaí tofa agus do bhaill foirne na comhairle.

Pobal agus Cultúr

Clár Contae Chill Dara a Thacaíonn le Daoine Breacaosta

Comhaontas Contae Chill Dara a Thacaíonn le Daoine Breacaosta

Tar éis gur seoladh an Straitéis Contae a Thacaíonn le Daoine Breacaosta, ceapadh an tUas. Pat Mangan mar chathaoirleach neamhspleách le dul in ionad an Uas. Michael Malone, Bainisteoir an Chontae. Tháinig an Comhaontas le chéile ceithre huaire le linn na bliana chun tacaíocht a thabhairt don chlár agus monatóireacht a dhéanamh air. Bunaíodh Fóram Soláthraithe Seirbhíse a fhéachann le seirbhísí agus tacaí a thabhairt ar bhealach comhoibríoch agus ar an mbealach is éifeachtúla ó thaobh costais de, le go gcuirfear ar chumas an chontae riachtanais na ndaoine is leochailí ann a shainaithint. Ón gcéad chruinniú i mí Dheireadh Fómhair, bunaíodh foghrúpaí a dhíríonn ar aonrú daoine breacaosta an chontae agus ar riachtanais dhaoine breacaosta atá faoi mhíchumas intleachta.

'engAGE' Chill Dara

Is é 'engAGE' Chill Dara an fóram ionadaíochta do dhaoine breacaosta i gCo. Chill Dara, a bunaíodh i Lúnasa 2010 agus a bhfuil naonúr ar an gcoiste feidhmiúcháin ann. Tá breis agus 350 ball de 'engAGE' Chill Dara faoi láthair. Seoladh an fóram go hoifigiúil i mí Feabhra 2012 agus bhí 280 duine i láthair. Tugann an fóram deis do na baill teacht ar eolas faoi na seirbhísí agus na tacaí a bhaineann leo. Bhí seirbhísí ar taispeáint ag 29 soláthraí nuair a seoladh 'engAGE' Chill Dara.

An Bhliain Eorpach don Aosú Gníomhach agus don Dlúthpháirtíocht idir na Glúnta (EYAA 2012)

Ós rud é gur ainmníodh 2012 mar an Bhliain Eorpach don Aosú Gníomhach agus don Dlúthpháirtíocht idir na Glúnta, socraíodh go mbeadh daoine óige páirteach oiread agus ab fhéidir sna gníomhaíochtaí a thacaíonn le daoine breacaosta. Bhí cór idirghlúine ag casadh amhrán agus tús á chur le seoladh engAGE Chill Dara, áit a raibh an tUas. Ronan Toomey, Comhordaitheoir na Bliana Eorpaí, ina aoichainteoir.

Thug an Oifig Náisiúnta na Bliana Eorpaí don Aosú Gníomhach agus don Dlúthpháirtíocht idir na Glúnta agus INTEL maoiniú fial don tionscadal seo.

Scéim Aitheantais do Ghnólachtaí a Thacaíonn le Daoine Breacaosta

Tá an Líonra don Aosú Folláin tar éis Scéim Aitheantais do Ghnólachtaí a Thacaíonn le Daoine Breacaosta a fhorbairt agus a sheoladh. Reáchtáladh an chéad seimineár de chuid Chill Dara i mí Dheireadh Fómhair i Maigh Nuad agus bhí roinnt gnólachtaí áitiúla i láthair ann. Is éard ba chuspóir leis an seimineár faisnéis dhéimeagrafach a thabhairt, feasacht i leith ilghnéitheacht an mhargaidh a d'fhéadfadh a bheith ann a ardú, straitéisí don chustaiméir breacaosta a aithint, agus miotais agus steiréitíopaí a bhaineann le daoine breacaosta a chíoradh. D'fhéach an seimineár ar deireadh le cabhair a thabhairt do ghnólachtaí an t-iarratas a chomhlánú le go n-aithneofaí iad mar ghnólachtaí a thacaíonn le daoine breacaosta. Tá an chéad ghnólacht i gCill Dara tar éis a bheith cláraithe anois.

Gníomhaíocht Choirp a Chur Chun Cinn

D'fhreastail breis agus 200 duine ar fhéile spóirt le haghaidh daoine os cionn 55 bliain d'aois, rud a d'eagraigh Comhpháirtíocht Spóirt Chill Dara agus an Clár Tacaíochta le Daoine Breacaosta. Ba é cuspóir na féile go bhfaigheadh daoine blaiseadh de réimse gníomhaíochtaí, lenar áiríodh an siúl Nordach, taidhtí, damhsa, bollaí, iascaireacht agus cluichí boird.

Comhpháirtíocht Spóirt Chill Dara

Tar éis phróisis fhada comhairliúcháin, sheol Comhpháirtíocht Spóirt Chill Dara a Plean Straitéiseach do 2012-2016 ar an 4 Aibreán in Áras Chill Dara. Cuireann an Plean Straitéiseach ar ár gcumas an bealach amach romhainn a phleanáil go beacht le go n-éireoidh go seoigh linn i gcúrsaí spóirt sna blianta beaga atá le teacht.

An Clár um Cheannairí Spóirt sa Phobal

Críochnaíodh dhá cheann de Chláir um Cheannairí Spóirt sa Phobal in 2012; ghlac 23 duine páirt i mBaile Átha Í agus chríochnaigh 21 duine cúrsa i nDroichead Nua. Is tionscnamh traenála é an Clár um Cheannairí Spóirt sa Phobal a chuireann Comhpháirtíocht Spóirt Chill Dara ar fáil i gcomhar le Comhpháirtíocht LEADER Chontae Chill Dara. Ceapadh an clár le go bhfreastalódh sé ar riachtanais na ndaoine dífhostaithe ar mian leo gabháil le hoiliúint i gcúrsaí sláinte/corpacmhainne, le cóitseáil spórt agus le ceannaireacht spórt i measc an phobail.

Seoladh na Tuarascála SPEAK

Rinneadh an Tuarascáil SPEAK, ar leis an gComhairle Spóirt í agus a ndéantar measúnú inti ar chúrsaí spóirt agus áineasa ag an leibhéal áitiúil agus náisiúnta, a sheoladh i gColáiste Pobail Bhaile Átha Í, Dé Céadaoin an 23 Bealtaine. Bhí Niall Quinn, Cathaoirleach Chomhpháirtíocht Spóirt Chill Dara, ina fhear an tí ann. Ba mhóir an onóir do Chomhpháirtíocht Spóirt Chill Dara é gur iarradh orthu bheith ina n-óstaigh don ócáid seo, a tharla i gcomhthráth le céimeanna deireanacha an Chláir um Cheannairí Spóirt sa Phobal a bhí ar siúl i mBaile Átha Í.

Sraithchomórtas Oíche

Cuireadh Sraithchomórtas Oíche ar siúl i mí Aibreáin seo caite idir 9i.n. agus 10i.n., thar thréimhse cheithre Aoine in Ionad Spóirt an Náis. Bhaineamar amach an líon ab airde rannpháirtithe go dtí seo: 41 ógánach idir 16 bliana agus 21 bliain d'aois.

An corn agus na boinn á mbronnadh ag an nGarda Nicola Tierney

Arís, ba lú an iompraíocht fhrithshóisialta agus an líon teagmhas eile a tharla ar na hoícheanta sin a raibh an Sraithchomórtas Oíche ar siúl.
Gabhaimid buíochas ar leith le Julie Duffin, Maor Pobail Bhaile an Náis, agus le Nicola Tierney, Garda, leis na hoibrithe deonacha go léir as ucht a gcuid ama agus dua a chaitheamh agus leis na gnólachtaí áitiúla uile a rinne urraíocht ar dhuaiseanna agus ar bhoinn.

Campa na nDeirfiúracha Sacair

Is éard is aidhm le Deirfiúracha Sacair go dtiocfaidh cailíní isteach ar an sacar i dtimpeallacht shábháilte spraoiúil a bhuí le cóitseáil struchtúrtha agus cluichí spraoiúla.

Spriocdhíríomar ar 30 cailín idir 7 mbliana agus 12 bhliain d'aois chun freastal ar Champa na nDeirfiúracha Sacair i Halla Spóirt Naomh Muire. Rinneadh sin le maoiniú a fuarthas ón Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige mar chuid den tSeachtain Náisiúnta Áineasa agus i ndlúthchomhar leis an Tionscadal um Leanaí agus Teaghlaigh an Náis agus le Tionscadal Óige an Náis, ar tionscadal de chuid Chomhpháirtíocht Spóirt Chill Dara é.

Cúrsaí Cóitseála Chumann Peile na hÉireann (FAI) do Dhaoine Dífhostaithe

Reáchtáladh cúrsaí cóitseála FAI do ghrúpaí éagsúla daoine a bhí dífhostaithe i gCo. Chill Dara in 2012. Is é Buntús 1 an bunchúrsa a dhíríonn ar chóitseálaithe a bhíonn ag obair le páistí idir 6 bliana agus 9 mbliana d'aois. Ceaptar an cúrsa le go dtabharfaidh sé cúnamh níos fearr dóibh siúd atá i mbun cóitseála den chéad uair seisiúin cóitseála a eagrú, a phleanáil agus a chur i bhfeidhm. Faigheann siad tuiscint ar fhorbairt imreoirí óga agus cuirtear ar a gcumas páistí idir 6 bliana agus 9 mbliana d'aois a chóitseáil i dtimpeallacht atá sábháilte, spraoiúil agus spreagúil. Cúrsa 8 n-uaire an chloig atá ann agus tá roinnt oibre i gceist a bhaineann le teoiric agus le cleachtas.

Rinne an tIonad Acmhainní um Bród Teaghlaigh an Churraigh spriocdhíriú ar ochtar luathfhágálaithe scoile (3 ban agus 5 fear) a bhí dífhostaithe. Chríochnaigh siad an cúrsa Buntús 1 thar roinnt seachtainí.

Bhain 71 duine dífhostaithe, san iomlán, cáilíocht amach i gcóitseáil FAI de bharr na gcúrsaí seo in 2012. Chríochnaigh 21 duine acu sin an cheardlann dar teideal Neart agus Cleachtadh freisin.

Rannpháirtithe an chúrsa 'Bealach chun na Fostaíochta tríd an Spórt', a rinneadh i mBaile Átha Í, agus na duaiseanna a bhuaigh siad

Nascadh Bailte

Tá Contae Chill Dara nasctha le dhá bhaile mhóra: Deauville, a bhfuil clú air as capaill, stair agus áilleacht an cheantair cois mara ina thimpeall agus Lexington, Kentucky, ceann de stáit Mheiriceá ar a dtugtar stát an fhéir ghoirm.

Is éard is aidhm le Coiste Nasctha Bailte Chontae Chill Dara ceangal láidir a chothú idir na bailte nasctha sin, bailte eile an chontae a spreagadh chun naisc úra a chruthú agus bealaí nua a aimsiú chun leas a bhaint as an nascadh go leanúnach sa chaoi go mbainfidh an pobal uile an tairbhe is mó is féidir as.

Bíonn clár malartaithe mac léinn idir Cill Dara agus Lexington á reáchtáil sa samhradh, gach bliain, ag Coiste Nasctha Bailte Chontae Chill Dara.

Seirbhísí Fóillíochta

Rannóg na bPáirceanna

Bíonn Rannóg na bPáirceanna ag déanamh bainistíochta agus cothabhála ar pháirceanna agus spásanna oscailte agus ar fhóntais, go háirithe clóis súgartha, ar fud an chontae. Tugann sé cúnamh agus comhairle freisin do ranna inmheánacha na comhairle, do chomhairlí baile agus d'eagraíochtaí pobail maidir le tionscadail a bhaineann le tírdhreachú agus fóntais. Seo a leanas na tionscadail agus na gníomhaíochtaí a cuireadh i gcrích anuraidh:

- rinneadh clár curtha, prúnála agus bainte crann i mbailte éagsúla ar fud an chontae mar aon le clár chun bleibeanna earraigh a chur.

- rinneadh tírdhreachú agus cothabháil ar fhaichí féir i mbailte éagsúla agus i dtimpealláin ar fud an chontae.

- déantar urraíocht go fóill ar thimpealláin sa chontae.

- táthar fós ag tabhairt faoi scéim phíolótach cuibhrinn.

- críochnaíodh tuarascáil ar chaomhnú an Tobair Spá i Léim an Bhradáin agus múnlóidh sé sin na hoibreacha a dhéanfar amach anseo chun an tobar agus na ballaí coinneála a chaomhnú agus chun láthair amhairc ar an tobar, ón gcosán tarraingthe amach, a chruthú.

- tugadh tacaíocht airgeadais agus theicniúil do chumainn áitritheoirí agus do Choistí na mBailte Slachtmhara sa chontae.

- Rinneadh oibreacha feabhsúcháin ag Páirc William Rowantree i Léim an Bhradáin i gcomhar le Comhairle Baile Léim an Bhradáin.

- rinneadh tuilleadh oibre chun máistirphlean na mBánóg a chur i bhfeidhm, lenar áiríodh plean grádaithe agus scéim draenála a ullmhú don suíomh.

- cuireadh tús le forbairt na dtailte fóntais i Loch na Móna, Léim an Bhradáin.

Clóis Súgartha

Osclaíodh clós súgartha nua san Urnaí. Mar thús leis an obair chun clós súgartha a chur ar fáil i Ráth Iomgháin, críochnaíodh tairiscint ar sholáthar agus dearadh an chlóis súgartha. Leanadh ar aghaidh ag déanamh cothabháil rialta ar na clóis súgartha atá ann cheana féin. Tá 12 chlós súgartha sa chontae anois.

Tionscnaimh Súgartha Speisialta

Reáchtáladh lá súgartha in Áras Chill Dara chun an Lá Náisiúnta Súgartha a cheiliúradh. Leanadh den obair chun spás súgartha do pháistí a chruthú taobh istigh d'Ionad Ealaíon Riverbank. Fuarthas roinnt taispeántas agus ealaíontóirí chun an spás a fhorbairt i rith na bliana.

Ionad Spóirt Dhroichead Nua

Is áis an-luachmhar ar fad don phobal áitiúil é Ionad Spóirt agus Fóillíochta Dhroichead Nua. Bronnadh Gradam órchaighdeáin na Brataí Báine ar an Ionad in 2012, don dóú bliain déag as a chéile, rud a léiríonn a fheabhas atá an áis. Is é Gradam na Brataí Báine an t-aon ghradam cuimsitheach cáilíochta amháin in Éirinn a mheasann caighdeán na n-áiseanna fóillíochta. Cuireadh réimse leathan ranganna corpacmhainne, tástáil chorpacmhainne agus cláir phearsanta ar fáil ag gach leibhéal corpacmhainne.

Tá faichí imeartha taobh istigh agus taobh amuigh, seomraí allais agus gaile agus seomraí do chóisirí ar fáil chomh maith le seomraí is féidir a fháil ar cíos.

Reáchtáladh roinnt ócáidí carthanacha i rith na bliana ar mhaithe le hairgead riachtanach a thiomsú do charthanais. Freastalaíodh ar roinnt grúpaí pobail agus bhain an Coiste Gairmoideachais agus an Ghaelscoil leas as an ionad le haghaidh spóirt agus comórtais idir na scoileanna.

Na hEalaíona

Sheol an Méara, Micheál 'Spike' Nolan, Plean Forbartha Ealaíon le haghaidh Údaráis Áitiúla Chill Dara i mí Mheán Fómhair, lá roimh an Oíche Chultúir. Leagtar amach sa phlean nuálach seo ról na seirbhíse a bheith i mbun coimeádaíochta agus meantóireachta d'ealaíontóirí, d'eagraíochtaí ealaíon agus do ghrúpaí pobail, a bheith freagrach dóibh agus iad a spreagadh.

Rinne mac léinn tíreolaíochta in Ollscoil na hÉireann, Má Nuad, anailís ar an gclár 'If I had an artist for a day...' Ghlac breis agus 7,700 leanbh i 48 bunscoil páirt sa chlár ealaíon agus oideachais thar thréimhse 3 bliana.

Reáchtáladh na himeachtaí seo a leanas le linn na bliana:

- Clár Meantóireachtaí Ealaíontóirí Barrettstown, rud a thacaíonn le healaíontóirí bheith ag saothrú i gcomhar le leanaí a bhfuil breoiteacht orthu
- Rinne Féile na Bealtaine óstaíocht do 34 imeacht ar fud an chontae agus ghlac breis agus 600 duine páirt
- Is clár comhtháite ealaíon agus sláinte é Tobar na Cruthaitheachta ina n-úsáidtear na healaíona chun cuidiú le folláine agus meabhairshláinte duine
- Is tionscadal idirghlúine é 'If You Were In My Shoes Now' a mhaireann bliain amháin agus a dhéantar i gcomhar le Comhlachas Tithíochta Nás na Ríogh.
- Is tionscadal píolótach a bhaineann le foirgnimh i Léim an Bhradáin é 'Animating Architecture', ina n-úsáidtear paca spraoiúil chun feasacht leanaí i leith na hailtireachta a chothú
- Is tionscnamh náisiúnta í an Oíche Chultúir ina bhfuil taispeántais chultúrtha agus ealaíne. Tá sí á reáchtáil i mbliana don tríú huair. Reáchtáladh 55 imeacht i gCill Dara ar ar fhreastail breis agus 4,000 duine

Seirbhís Leabharlainne Chontae Chill Dara

Tá uaireanta oscailte agus seirbhísí nua á dtairiscint anois i seacht gcinn den chúig leabharlann pobail déag atá mar chuid de Sheirbhís Leabharlainne Chontae Chill Dara: Cill Droichid, Maigh Nuad, Léim an Bhradáin, An Nás, Droichead Nua, Cill Dara agus Baile Átha Í. Tá trí sheirbhís ar leith á gcur ar fáil faoi cheann na n-uaireanta oscailte nua a léiríonn riachtanais phobal an lae inniu agus a thugann deis do mhuintir an chontae uile teacht ar sheirbhísí leabharlainne agus pobail.

Am Sceidealaithe

Ní le haghaidh leabhar amháin atá leabharlanna a thuilleadh. Is cuid thábhachtach den tseirbhís a thugaimid i leabharlanna Chill Dara go bhfreastalaímid ar an gcaoi a bhfuil riachtanais an phobail ag athrú. Nuair a bhíonn am sceidealaithe ann, is féidir dul i mbun idirghabhála spriocdhírithe agus gníomhaíochtaí agus imeachtaí cláraithe do gach aoisghrúpa.

- Tugadh breis agus 1,000 cuairt ranga orainn agus bhí teacht ag breis agus 25,000 mac léinn ar an leabharlann dá mbarr.
- Reáchtáladh breis agus 5,350 imeacht chláraithe, lenar áiríodh Seachtain na nInnealtóirí, Seachtain na hEolaíochta, Seachtain na Gaeilge agus Féile bhliantúil na Bealtaine.
- Tugadh faoi Chlár Tacaíochta do Mheánscoileanna ar bhonn treoirscéime i dtrí leabharlann - rinneadh ceardlanna ilghnéitheacha a thacaigh leis an gcuraclam, le luathfhágálaithe scoile agus le cothú timpeallachta foghlama. Bhí idir fhíschluichí agus scríbhneoireacht chruthaitheach i gceist leis na ceardlanna.
- 'Toys, Technology and Training' - Ceapadh an cnuasach ceardlann seo chun tacaíocht a thabhairt do leanaí agus do dhaoine fásta a bhfuil riachtanais níos suntasaí acu. Bhain breis agus 550 duine tairbhe as an tseirbhís chláraithe seo, idir thuismitheoirí, mhúinteoirí agus ghairmithe sa tseirbhís sláinte.
- Tionscadal an Chóir Idirghlúine - Ba é coincheap an tionscadail daoine fásta agus leanaí a thabhairt le chéile lena ndúil sa cheol a chur in iúl. Reáchtáladh ceardlanna agus ceolchoirmeacha i mBaile Átha Í agus i Léim an Bhradáin. Ba é buaicphointe an tionscadail an taibhiú deireanach a taifeadadh.
- Clár uathúil comhpháirtíochta oideachais le hOllscoil na hÉireann, Má Nuad, Comhpháirtíocht LEADER Contae Chill

Dara agus Seirbhís Leabharlainne Chontae Chill Dara. Cuireadh an clár ar siúl i Leabharlann Bhaile Chill Dara agus fuair na rannpháirtithe blaiseadh de cheithre chúrsa tríú leibhéal sa tsocheolaíocht agus sa stair áitiúil.

Tráth an Dorais Oscailte

Is le haghaidh na n-uaireanta is gnóthaí sa lá oibre é Tráth an Dorais Oscailte. Mar phríomhsheirbhísí, tugaimid leabhair ar iasacht, ceadaímid rochtain saor in aisce ar ríomhairí agus ar an Idirlíon agus cuirimid seirbhísí faisnéise agus tagartha ar fáil.

- Tugadh breis agus 700,000 cuairt ar an leabharlann.
- Tugadh breis agus 725,000 leabhar agus ábhar eile ar iasacht.
- Féile Leabhar na Leanaí - d'fhreastail breis agus 7,000 leanbh ar cheardlanna, ar imeachtaí liteartha agus ar chuairteanna ag údair le linn mhí Dheireadh Fómhair.
- Stáisiúin Féineisiúna - Cuireadh isteach sé stáisiún féineisiúna atá i bhfeidhm agus uathoibríoch go hiomlán.
- D'éirigh arís le Féile Léitheoirí Chill Dara, ar ar fhreastail 1,200 rannpháirtí a bhain taitneamh as deireadh seachtaine a bhí lán le sár-imeachtaí liteartha. Bhí réimse imeachtaí ann, lenar áiríodh Joseph O'Connor i mbun léimh agus agallaimh ar Dermot Bolger, Paul Durcan agus Aidan Murphy.
- Ghlac 1,800 leanbh páirt i nDúshlán Léitheoireachta an tSamhraidh ar a dtugtar 'Story Lab'.
- Cuireadh ranganna tadhaill, clóscríbhneoireachta, léitheoireachta agus litriúcháin ar fáil i dtrí leabharlann do dhaoine óga a bhfuil disléicse orthu.
- Reáchtáladh an tionscadal 'Leabhar Amháin, Baile Amháin' i gceantar Dhroichead Nua/Curragh agus bhí 600 rannpháirtí ann a léigh nó a d'fhreastail ar cheardlanna/léachtaí ar 'Spirit of the Titanic' le Nicola Pierce.
- Cuireadh seomraí ilmheáin isteach i seacht leabharlann bhrainse.

Colin Bateman ag Féile Léitheoirí Chill Dara 2012

Tráth Ríomhsheirbhísí 24 Uair an Chloig

Ní spás fisiciúil amháin atá sa leabharlann anois. Le cabhair na nuatheicneolaíochta, tá seirbhís ar fáil 24 uair an chloig sa ló, 7 lá sa tseachtain agus is féidir í a chur in oiriúint do threochtaí nua teicneolaíochta sa tsochaí. In 2012, rinne an tseirbhís infheistíocht i bhfoireann ríomhsheirbhísí a fhreastalaíonn ar riachtanais an phobail ó thaobh áineasa, faisnéise, oideachais agus oiliúna de.

- Ríomhleabhair - Leabharlann dhigiteach ina bhfuil 5,000 mír ar fáil.
- Ríomhfhoghlaim Teanga - Áis foghlama teanga ar líne ina bhfuil fáil ar bhreis agus 90 teanga.
- Ríomhfhoghlaim - Níos mó ná 500 cúrsa breisoideachais a phléann le scileanna agallaimh, bunú gnólachtaí agus tuilleadh lena chois.
- Ríomhfhoghlaim Staire - réimse leathan ábhair a bhaineann le stair, seandálaíocht agus oidhreacht Chontae Chill Dara.
- Ríomhirisí - 35 iris mhóréilimh
- Libanywhereapp - aip saor in aisce a ligeann do bhaill teacht ar fhaisnéis faoina leabharlann áitiúil agus ar na seirbhísí uile atá ar fáil ar líne.
- Athdhearadh láithreán gréasáin Chill Dara: www.kildare.ie/library

Mar a dúirt an té a dúirt é: Chuile dhuine is a thráth féin aige sa leabharlann áitiúil.....

Pleanáil agus Forbairt Gheilleagrach

Planning and Economic Development

Pleanáil

Pleananna Forbartha

Is é an cuspóir atá le Plean Forbartha straitéis fhoriomlán a leagan amach le haghaidh pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe a limistéar feidhme. Déantar é seo i gcomhréir le riachtanais na nAchtanna Pleanála agus Forbartha, an Straitéis Náisiúnta Spásúil, na Treoirlínte Pleanála Réigiúnaí agus beartais náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla ar bith eile, agus riachtanais de chuid an AE.

Ghlac an Chomhairle le Plean Forbartha Contae Chill Dara le haghaidh na tréimhse 2011 go dtí 2017 i mBealtaine 2011 agus táthar ag leanúint den obair ar chur i bhfeidhm a bheartas agus a chuspóirí.
Táthar ag leanúint freisin den obair ar chur i bhfeidhm bheartais agus chuspóirí Phlean Forbartha Bhaile an Náis a glacadh i mBealtaine 2011.
Ghlac Comhairle Baile Bhaile Átha Í plean forbartha nua i mí Feabhra 2012 agus tá siad ag obair chun a bheartais agus a chuspóirí a chur i bhfeidhm.

Go hachomair, is iad príomhchuspóirí na bpleananna:

- Criosú talún
- Soláthar bonneagair
- Caomhnú agus cosaint an chomhshaoil
- Bainistiú ghnéithe an tírdhreacha
- Cloí le caighdeáin comhshaoil
- Comhtháthú le riachtanais shóisialta, pobail agus chultúrtha
- Cosaint struchtúr
- Caomhnú na hAiltireachta
- Athghiniúint
- Cóiríocht do Thaistealaithe
- Soláthar áiseanna áineasa
- Soláthar seirbhísí pobail
- Cur chun cinn forbartha inbhuanaithe
- Caomhnú cearta bealaigh poiblí

Pleananna Ceantair Áitiúil

D'fhonn a chinntiú go mbainfear cuspóirí Phríomhstraitéis an Phlean Forbartha Contae amach, bhí riachtanas ann an Plean Contae a athrú le go gcuimseofaí na Pleananna Bailte Beaga seo a leanas: An Chill, An Chorrchoill, Ráth Iomgháin, Áth Garbháin, Doire an tSoirn agus Díseart Diarmada. Cuireadh tús leis an obair ar an athrú in 2011 agus cuireadh an próiseas foirmiúil reachtúil i gcrích faoi Mheitheamh 2012.

Cuireadh tús chomh maith leis an athbhreithniú ar na Pleananna Ceantair Áitiúil seo a leanas in 2012: Baile Chill Dara, Maigh Nuad agus Droichead Nua. Glacadh Plean Ceantair Áitiúil do Bhaile Chill Dara i Samhain 2012 agus tháinig sé i bhfeidhm ar an 24 Nollaig 2012.

Tosaíodh ar an obair chun na Pleananna Ceantair Áitiúil seo a leanas a leasú le go mbeidh siad i gcomhréir leis an bPríomhstraitéis nua sa Phlean Forbartha Contae i rith 2012/2013:
Mainistir Eimhín, Cill Chuillinn, Cill Choca Claonadh, Na Solláin, Léim an Bhradáin/Baile Chóilín,
Cill Droichid/Baile an Chaisleáin

Ullmhaítear na Pleananna uile i gcomhthéacs na Straitéise Spáis Náisiúnta, na dTreoirlínte um Pleanáil Réigiúnach, an Phlean Forbartha Contae, na Rialachán maidir le Measúnacht Straitéiseach Comhshaoil agus beartas áitiúil agus náisiúnta eile.
Lean an Rannóg um Pleanáil Chun Cinn de bheith i dteagmháil leis an Roinn Oideachais agus Scileanna i rith 2012, agus iad ag cabhrú leis an Aire agus le hoifigigh na Roinne i bpleanáil sholáthar na seirbhísí oideachais sa chontae amach anseo. Rinneadh teagmháil leis an Roinn go príomha trí chruinnithe rialta a bhí ar siúl in oifigí Chomhairle Contae Chill Dara agus in oifigí na Roinne i dTulach Mhór, de réir uainíochta.

Pléadh sna cruinnithe na ceisteanna ábhartha pleanála uile a bhaineann le soláthar an oideachais, idir phlé réamhphleanála agus cheisteanna a bhaineann le comhlíonadh tar éis don chead a bheith faighte. Dhréachtaigh an Roinn Oideachais agus Scileanna, in éineacht le Cumann na mBainisteoirí Cathrach agus Contae, meabhrán tuisceana i rith 2011 ar éadáil suíomhanna chun críocha pleanála scoileanna. Go bunúsach, cuireann an Meabhrán Tuisceana próiseas i bhfeidhm trína gcabhraíonn an t-údarás áitiúil leis an bpróiseas aitheanta agus éadála suíomhanna ar son an Aire.

Clárú Cairéal

Faoi Alt 261A de na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt 2000-2012, a tháinig i bhfeidhm ar an 15 Samhain 2011, bhí tréimhse naoi mí ar a mhéad ag gach Údarás Pleanála scrúdú a dhéanamh ar gach cairéal ina limistéar riaracháin d'fhonn a shocrú cé acu an raibh nó nach raibh forbairt ar bun ag a mbeadh (1) gá le Measúnacht Tionchair Timpeallachta (MTT), nó (2) gá le cinneadh maidir le MTT a bheith riachtanach agus/nó (3) measúnacht chuí.

Foilsíodh fógra maidir le hoibleagáidí faoin acht agus fuarthas seacht n-aighneacht ón bpobal. Le cabhair aer-ghrianghrafadóireachta agus stair pleanála, thosaigh an Roinn Pleanála ar shuirbhé deisce a dhéanamh ar gach ceann den 965 cairéal a d'fhéadfadh a bheith sa chontae. Laghdaíodh an líon cairéal go 500 agus rinneadh cigireacht ar gach ceann acu.

Sainscagadh an fhaisnéis a bailíodh le linn cigireachta ar na suíomhanna i dtuarascálacha suirbhé ina ndearnadh iniúchadh, i measc nithe eile, ar shuíomh na gcairéal, ar a n-úinéirí/a n-oibritheoirí, ar a stair pleanála agus oibríochtúla, agus ar chinntí maidir le Measúnacht Tionchair Timpeallachta agus Measúnacht Chuí. Laghdaíodh an líon cairéal a thuilleadh go 185. Astu sin, ba ghá d'úinéirí/oibritheoirí 40 cairéal iarratas ar thoiliú ionadach a dhéanamh leis an mBord Pleanála agus cuireadh in iúl do 37 úinéir/oibritheoir cairéil eile go raibh rún ag an Údarás Pleanála gníomh forfheidhmiúcháin a dhéanamh a d'éileodh orthu deireadh a chur le gníomhaíochtaí cairéalachta. Ní raibh gá le gníomh breise sna cásanna eile.

Foráladh le hAlt 261A go bhféadfadh úinéir/oibreoir cairéil iarratas a dhéanamh leis an mBord Pleanála, tráth nach déanaí ná 21 lá tar éis dháta an fhógra, le go ndéanfaí athbhreithniú ar chinneadh an Údaráis Pleanála.

D'eisigh an tÚdarás Pleanála 77 fógra agus rinneadh iarratas ar athbhreithniú leis an mBord Pleanála i gcás 40 acu. D'iarr an Bord ar an gComhairle barúlacha faoi na hachomhairc sin a chur faoina mbráid. Beifear ag leanúint den obair ar an tionscadal cairéal in 2013.

Bainistíocht Forbartha Iarratais Pleanála 2012

Fuair **Comhairle Contae Chill Dara** 1025 iarratas pleanála; bhí 183 ceann neamhbhailí, deonaíodh 596 ceann agus diúltaíodh do 250 ceann.

Fuair **Comhairle Baile an Náis** 80 iarratas pleanála; bhí 10 gcinn neamhbhailí, deonaíodh 71 ceann agus diúltaíodh do 8 gcinn.

Fuair **Comhairle Baile Bhaile Átha Í** 32 iarratas pleanála; bhí 3 cinn neamhbhailí, deonaíodh 22 ceann agus diúltaíodh do 7 gcinn.

Déileáladh leis an líon ceadúnas agus iarratas seo a leanas in 2012:

- 77 iarratas ar cheadúnas faoi Alt 254
- 45 iarratas ar Dheimhniú Díolúine faoi Alt 5
- 25 iarratas ar Dhíolúine ó Chuid V faoi Alt 97
- 18 gceadúnas le haghaidh leagan crann

Cruinnithe Réamhphleanála

Ceapadh cruinnithe réamhphleanála d'fhonn plé a dhéanamh le hiarratasóirí ionchasacha maidir le forbraíocht mhórscála ar áitribh chónaithe nó thráchtála. Is gnách go mbíonn tairbhe mhór ag baint leo agus go bhfeabhsóidh siad cáilíocht iarratais pleanála ina dhiaidh sin. Tionóladh 105 cruinniú foirmiúil réamhphleanála san iomlán in 2012 go hinmheánach agus iad ag déileáil le forbairtí tráchtála agus forbairtí móra ilaonaid. Ceaptar clinicí réamhphleanála a bhíonn ar siúl i rith na bliana chomh maith, le déileáil go sonrach le hiarratasóirí ionchasacha tí in áit tuaithe nó forbairtí eile ar scála beag. Bhí cúig chlinic réamhphleanála san iomlán ar siúl in Áras Chill Dara in 2012 agus bhí 69 iarratasóir ionchasach i láthair ag na clinicí seo. Chomh maith leis na clinicí a bhí ar siúl in Áras Chill Dara, bhí clinicí for-rochtana ar siúl in Oifigí Ceantair Bhaile Átha Í agus Léim an Bhradáin. Reáchtáladh 4 chlinic for-rochtana san iomlán in 2012 (dhá cheann i Léim an Bhradáin agus dhá cheann i mBaile Átha Í) agus d'fhreastail 14 iarratasóir orthu.

Rialú Tógála

Fuarthas 261 Fógra Tosaithe bailí agus 120 iarratas bailí ar Dheimhniú um Shábháilteacht ó Dhóiteán faoin reachtaíocht Rialaithe Foirgníochta in 2012. Chomh maith leis sin, fuarthas 30 iarratas ar Dheimhnithe um Thabhairt chun Rialtachta, 87 iarratas ar Dheimhnithe Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas agus 24 iarratas ar fhógraí seacht lá.

Rialú Forbartha

Leanann an Chomhairle ar aghaidh ag déanamh dul chun cinn suntasach maidir le heastáit cónaithe a ghlacadh faoina gcúram. Glacadh sé eastát déag faoina gcúram in 2012 agus fógraíodh go mbeadh dhá eastát eile á nglacadh faoina gcúram. Bíonn an Rannóg um Rialú Forbartha ag déanamh bainistíochta, mar thosaíocht anois, ar eastáit nach bhfuil críochnaithe nó eastáit a bhfuil deacrachtaí airgeadais ag a bhforbróirí nó atá faoi ghlacadóireacht nó faoi leachtú, agus tá acmhainní á n-ath-leithdháileadh chuige sin.

Ionchúisimh agus Forfheidhmiú Pleanála

Is iad cuspóirí an chórais forfheidhmiúcháin a chinntiú go stopfar forbairt inlochtaithe agus go bhfaighfear cead pleanála sula gcuirfear tús le forbairt ar bith. Tá dualgas ar an údarás pleanála gearáin scríofa a imscrúdú nach measann siad a bheith suarach nó gan bhunús. Fuarthas 179 gearán nua san iomlán maidir le forbairt gan údarás in 2012. Eisíodh 137 litir rabhaidh chuig forbróirí agus seirbheáladh 73 fógra forfheidhmiúcháin. Tionscnaíodh imeachtaí dlí i 14 chás agus dúnadh 282 comhad forbairtí gan údarás.

Oidhreacht

Lean Comhairle Chontae Chill Dara, trí mheán na hOifige Oidhreachta, de bheith ag forbairt a róil le linn 2012 chun acmhainní oidhreachta tógtha agus nádúrtha an chontae a chosaint. Baineadh é sin amach trí chomhairle a sholáthar maidir le gach gné d'oidhreacht Chill Dara agus maidir le saincheisteanna oidhreachta sa chontae agus trí fhorbairt a dhéanamh ar bheartais agus ar thosaíochtaí chun oidhreacht an chontae a aithint, a chosaint, a chaomhnú agus a fheabhsú .

Cuireann an tOifigeach Oidhreachta le forbairt beartais i gcomhthéacs an athbhreithnithe ar Phleananna Ceantair Áitiúil agus aon leasuithe ar an bPlean Forbartha Contae 2011-2017.

Ar na gníomhartha i bPlean Oidhreachta Chontae Chill Dara a baineadh amach in 2012, bhí na nithe seo a leanas:

Sonraí oidhreachta a bhailiú

- Ráiteas Limistéar Caomhnaithe Ailtireachta do Bhaile Chill Dara
- Suirbhé ar Bhogaigh Chill Dara
- Obair shuirbhéireachta ar dhaonraí inveirteabracha an Churraigh
- Mapáil ar Speicis an Ordaithe um Flora (Cosaint)
- Bealach Oidhreachta Artúir - faisnéis chúlra
- Plean Léiriúcháin agus Bainistíochta Caomhantais a ullmhú do Bhallaí Baile Dhíseart Diarmada

Feasacht oidhreachta a mhúscailt

- Scéim Deontais Oidhreachta an Phobail, 2012 (fuair 18 n-iarratas maoiniú arbh fhiú €24,995 san iomlán é)
- Turas Bithéagsúlachta i mBaile Chill Dara le linn Seachtain na hOidhreachta
- Tacaíocht d'ócáid cheiliúrtha 30 bliain Chomhairle Caomhnaithe Phortaigh na hÉireann
- Bealach Oidhreachta Artúir
- Conair shiúil Chill Droichid
- Seachtain na hOidhreachta 2012 (47 imeacht)
- Seachtain Náisiúnta na gCrann

- Comhairle leanúnach do ghrúpaí bailte slachtmhara, do ghrúpaí pobail agus do dhaoine aonair maidir le bainistíocht agus caomhnú oidhreachta.

Dea-chleachtas a chur chun cinn

- Tosaíodh ar “Save our Stories” - oiliúint sa taifeadadh cainte ó bhéal le LEADER
- Oiliúint i gcothabháil reiligí d'oibrithe FÁS agus do choistí reilige
- Tacaíodh le Tír Na Móna i mbainistíocht Loch Bhaile na Faiche

Eolas agus comhairle a thabhairt maidir le bainistíocht oidhreachta na n-údarás áitiúil

- Comhairle don Choiste Comhairleach ar Shéadchomharthaí Stairiúla
- Coiste Spá Léim an Bhradáin
- Iarratais LEADER ar thionscadail oidhreachta áitiúla a ullmhú

Caomhnú na hAiltireachta

Taifead na Struchtúr atá faoi Chosaint

Tugann an tOifigeach Caomhnaithe Ailtireachta (OCA) comhairle agus moltaí teicniúla d'Údaráis Áitiúla Chill Dara agus don phobal, ar oidhreacht thógtha an chontae. Is ar bhonn reachtúil a thugtar an treoir sin, de réir Chuid 4 den Acht um Pleanáil agus Forbairt. Déantar foirgnimh stairiúla agus an suíomh timpeall orthu a chosaint trína gcur le Taifead na Struchtúr atá faoi Chosaint. Cuireadh foirgnimh sa chontae, sa Náis agus i mBaile Átha Í le Taifead na Struchtúr atá faoi Chosaint mar chuid de na hathbhreithnithe ar an bPlean Forbartha.

Teach Mhainistir Mhaoine

Teach Chúirt an Easpaig

Is féidir cosaint a dhéanamh ar thírdhreacha deartha agus ar dhiméinte - is iad sin spásanna stairiúla agus a bhfuil d'imfhálú ábhartha acu, idir thuaithe agus uirbeach - ach Limistéir Chaomhantais Ailtireachta a bhunú.



Túr an Radhairc, Diméin Carton

Radharc ar Bhaile Chill Dara

Oibilisc, Diméin Bhaile an Chaisleáin



Léarscáil le John Rocque, 1757 (Atlas Acadamh Ríoga na hÉireann)

Limistéir Chaomhantais Ailtireachta

Beartaíodh Limistéir Chaomhantais Ailtireachta freisin mar chuid de na hathbhreithnithe éagsúla ar an bPlean Forbartha. Rinneadh Staidéar Saintréithrithe ar Thírdhreach Stairiúil le haghaidh Chill Dara. Is creat tábhachtach é seo le haghaidh suirbhéireacht oidhreachta a mhúnlaíonn athbhreithnithe ar Phleananna Ceantair Áitiúil agus an rud is brí le Limistéir Chaomhantais Ailtireachta. Níorbh fhéidir an staidéar a dhéanamh gan maoiniú ón gComhairle Oidhreachta mar ghníomh ag Fóram Oidhreachta an Oifigigh Oidhreachta.

Athúsáid

Tugann comhairle maidir le caomhantas ailtireachta treoir don deisiú leochaileach agus don idirghabháil bheartaithe a dhéantar ar struchtúir atá faoi chosaint, agus tá comhairliúchán luath ríthábhachtach ag an staid féidearthachta sin. Tugann an OCA comhairle maidir le hoibreacha deisiúcháin beartaithe agus maidir le struchtúir dhúchasacha agus struchtúir atá faoi chosaint a athúsáid. Moltar go rachfaí i dteagmháil ag staid luath le Comhairleoir Caomhantais Ailtireachta maidir le haon oibreacha a bheartaítear a dhéanamh ar struchtúr atá faoi chosaint. Tá sraith

treoirleabhar dar teideal 'Advice' arna fhoilsiú ag an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta mar threoir i ndea-chleachtas caomhantais. Disciplín speisialaithe atá i gcaomhantas foirgneamh agus ní mór don mhodh oibre a bheith sonraithe acu siúd a bhfuil saineolas agus saintaithí acu bheith ag plé le foirgnimh stairiúla.

Radharc Scratham, Maoin

D'éirigh le hÚdaráis Áitiúla Chill Dara maoiniú a fháil chun obair dheisiúcháin a dhéanamh ar Mhainistir Chlaonadh agus ar dhíon scoil chairte de thréimhse na 1750í atá suite taobh amuigh de Mhainistir Eimhín.

Scoil Chairte, Mainistir Eimhín

Viewmount (Strawberry Lodge), Claonadh

Rinneadh díonadóireacht ar an Scoil Chairte, taobh amuigh de Mhainistir Eimhín, faoi chaomhantas éigeandála, rud a bhí páirt-mhaoinithe ag an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta agus an Scéim um Struchtúir i mBaol

Deontais

Tá an Scéim Deontais Chaomhantais curtha ar sos mar gheall ar chiorruithe buiséid an Rialtais. Mar bheart idirlinne, tá an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta tar éis Scéim um Struchtúir i mBaol (SARS) a riar go lárnach.

Comhdhlúthú agus obair dheisiúcháin ar Mhainistir Chlaonadh

Clós feirme agus colmlann chiorclach

An Mhainistir Liath, Baile Chill Dara

Obair dheisiúcháin ar dhamba na linne éisc

Comhpháirtíocht

Cuireann an OCA comhairle ar stiúrthóireachtaí eile maidir le hathúsáid fhoirgnimh stairiúla agus dea-chleachtas caomhantais. Lorgaíonn an Coiste Comhairleach um Shéadchomharthaí Stairiúla comhairle óna n-oifigigh theicniúla maidir le deisiú agus cothabháil leanúnach séadchomharthaí agus reiligí meánaoiseacha atá faoi chúram Údaráis Áitiúla Chill Dara. Thug siad tús áite don obair dheisiúcháin ar Mhainistir Chlaonadh agus an Mhainistir Liath don bhliain 2012.

Bhí an OCA i dteagmháil le hOifig na nOibreacha Poiblí maidir le deisiú agus athchóiriú an chlóis feirme agus saintréithe an tírdhreacha dheartha ag Diméin Bhaile an Chaisleáin, Cill Droichid. Bítear ag obair i ndlúthchomhar leis an Oifigeach Oidhreachta tríd an bhFóram Oidhreachta agus a chuid gníomhartha atá páirt-mhaoinithe ag an gComhairle Oidhreachta. Trí Líonra Bhaile Múrtha na hÉireann (IWTN), tá plean caomhantais á mhaoiniú le haghaidh Bhaile an Chaisleáin, an Nás, Baile Átha Í agus Baile Chill Dara, chomh maith le bailte múrtha meánaoiseacha eile sa chontae.

Bóithre, Iompar agus Sábháilteacht Poiblí

Roads, Transport and Public Safety

Bóithre, Iompar agus Sábháilteacht Phoiblí

Rinne an Stiúrthóireacht Bóithre, Iompair agus Sábháilteachta Poiblí na nithe seo a leanas in 2012 –

- sholáthair siad clár le haghaidh dearadh agus tógáil bóithre áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta faoi réir an airgeadais atá ar fáil
- sholáthair siad líonra bóithre poiblí a bhí dea-chothabháilte a bhuí le timthriall bunúsach cothabhála 10 mbliana, faoi réir srianta acmhainní airgeadais agus daonna.
- chinntigh siad sábháilteacht, sláinte agus leas na bhfostaithe go léir san áit oibre trí bheith ag cloí le reachtaíocht sláinte agus sábháilteachta
- d'oibrigh siad leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, An Garda Síochána agus gníomhaireachtaí eile chun sábháilteacht ar bhóithre a chur chun cinn.
- laghdaíodh ar am taistil agus cuireadh feabhas ar shábháilteacht ar bhóithre trí bhearta bainistíochta tráchta a bhí éifeachtúil agus cuí a chur i bhfeidhm
- sholáthair siad áiseanna páirceála carranna agus rialáil siad an pháirceáil i mbailte agus sráidbhailte an chontae
- lean siad ar aghaidh ag athrú cabhlach iompair na comhairle le go mbainfeadh sé úsáid as breoslaí fuinnimh in-athnuaite agus inbhuanaithe, de réir mar ab fhéidir leis an maoiniú a bhí ar fáil
- rinne siad cothabháil ar struchtúr na n-oifigí ceantair chun seirbhísí na comhairle a chur ar fáil ar fud an chontae, agus chinntigh siad go bhfuil eolas imleor ábhartha ar fáil i ngach aon oifig
- chuaigh siad i mbun nósanna imeachta comhairliúcháin oscailte chun ionadaíocht leathan a chinntiú le haghaidh oibreacha pleanáilte
- chinntigh siad gur tugadh eolas tráthúil do na comhairleoirí contae agus baile
- chinntigh siad go bhfuarthas luach ar airgead i soláthar earraí agus seirbhísí de bharr dea-chleachtas a leanúint agus a bheith ag cloí le beartais soláthair comhairle, náisiúnta agus Eorpacha.
- rinne siad scrúdú ar úsáid fuinnimh agus obair chun costais fuinnimh a íoslaghdú
- rinne siad Cosaint Shibhialta a chur chun cinn, a fhorbairt agus a chothabháil mar eagraíocht éifeachtach atá bunaithe ar shaorálaíocht agus a sholáthraíonn freagairt éigeandála agus seirbhísí tacaíochta pobail
- rinne siad cothabháil ar sé cinn de Stáisiúin Dóiteáin i nDroichead Nua, an Nás, Baile Átha Í, Maigh Nuad, Mainistir Eimhín agus Léim an Bhradáin, a chuireann seirbhís phráinnfhreagartha agus dóiteáin ar fáil 24 uair an chloig sa lá

Bonneagar Bóithre

Tá thart ar 2,528 km de bhóithre poiblí i gContae Chill Dara atá rangaithe de réir catagóire thíos. (Tabhair do d'aire: Áirítear leis seo na bóithre poiblí atá taobh istigh de limistéir riaracháin na gcomhairlí baile).

Sceideal de Bhóithre Poiblí Chontae Chill Dara	
Mótarbhealach	128 km
Príomhbhóthar Náisiúnta	12 km
Bóthar Náisiúnta den Dara Grád	17 km
Réigiúnach	482 km
Bóithre Áitiúla (Iomlán)	1889 km
Príomhbhóthar Áitiúil 355 Bóthar Áitiúil den Dara Grád 1040 Bóthar Áitiúil den Tríú Grád 494	
Iomlán	**2,528 km**

Tá gá le hinfheistíocht shuntasach leanúnach ag Comhairle Contae Chill Dara i gcothabháil agus feabhsú an líonra chuimsithigh bóithre seo ar a mbíonn an-chuid tráchta, i gcomhar leis an Roinn Iompair, an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta agus an tÚdarás Náisiúnta Iompair.

Maoiniú

Ceithre fhoinse, go príomha, a mhaoiníonn an Roinn Bóithre, Iompair agus Sábháilteachta Poiblí: is é an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta (ÚBN) a mhaoiníonn dearadh, tógáil agus cothabháil na mbóithre náisiúnta; is é an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt (RITS) a chómhaoiníonn dearadh, tógáil agus cothabháil na mbóithre áitiúla agus réigiúnacha i gcomhar le Comhairle Contae Chill Dara (CCCD); agus is é an tÚdarás Náisiúnta Iompair (ÚNI) a mhaoiníonn clár um bearta iompair inbhuanaithe.

ÚBN	€32,836,753
RITS	€20,794,656
CCCD	€11,406,515
ÚNI	€2,467,000
Iomlán do 2012	**€67,504,924**

Obair a críochnaíodh / ar siúl

Is é an Scéim Feabhsúcháin ar Bhóthar R402, An Bóthar Buí go dtí Éadan Doire, an tionscadal is mó atá ar siúl. Táthar ag súil go mbeidh an conradh seo críochnaithe i mí Feabhra 2014.

Fuarthas maoiniú agus tugadh faoin obair feabhsúcháin ar an mbóthar R455/M7 go dtí Timpeallaín Toughers.

Baineadh leas as an Deontas Feabhsúcháin Athchóirithe chun 39 scéim bheaga san iomlán a chur i gcrích ar fud an chontae.

Bhí géarghá leis an maoiniú a thug an Deontas um Bearta Tionóiscí ar Chostas Íseal chun líneáil agus comharthaíocht a chur isteach in áiteanna a mbíonn go leor tionóiscí bóthair iontu.

Páirceáil ar Tháille

Tá páirceáil faoi rialáil i sé bhaile i gContae Chill Dara: Baile Átha Í (Comhairle Baile Bhaile Átha Í), an Nás (Comhairle Baile an Náis), Droichead Nua, Cill Dara, Cill Droichid agus Léim an Bhradáin.

Fodhlíthe a Glacadh in 2012

Rinneadh athbhreithniú ar fhodhlíthe maidir le páirceáil íoc i Léim an Bhradáin agus glacadh iad ar an 15 Meitheamh 2012.

Rinneadh athbhreithniú ar fhodhlíthe maidir le páirceáil íoc i mBaile Chill Dara agus glacadh iad ar an 26 Márta 2012.

Glacadh fodhlíthe maidir le stad tacsaithe i gCill Droichid ar an 30 Eanáir 2012.

Glacadh fodhlíthe maidir le stad tacsaithe i Léim an Bhradáin ar an 27 Eanáir 2012.

Sábháilteacht ar Bhóithre

Tá Cill Dara ar na cúig chontae is mó a laghdaigh an líon daoine a fuair bás i dtionóiscí bóthair. Le linn Straitéis an Rialtais um Shábháilteacht ar Bhóithre (2007 – 2012), tháinig laghdú 95% ar an líon daoine a fuair bás i dtionóiscí bóthair i gCill Dara, gan ach aon bhás amháin ann in 2012. Cuirtear sin i gcomparáid leis an meánlaghdú náisiúnta ag 57%.

Bíonn Oifigeach Chomhairle Contae Chill Dara um Shábháilteacht ar Bhóithre i mbun clár oideachais agus feasachta sa chontae i gcónaí.

Cosaint Shibhialta Chill Dara

Caitheann baill an fhórsa Cosanta Sibhialta an suaitheantas idirnáisiúnta don Chosaint Shibhialta d'fhonn a thaispeáint gur cuid de líonra daoine ar fud an domhain iad atá tiomanta agus ullmhaithe chun cúnamh praiticiúil faoisimh a thabhairt do dhaoine i gcás tubaistí ina dtír féin nó thar lear. Tá an comhartha idirnáisiúnta don Chosaint Shibhialta sainithe faoin Acht um Choinbhinsiúin na Ginéive.

Bíonn seirbhísí Cosanta Sibhialta (Cuardach agus Tarrtháil, Leas, Seirbhís Dóiteáin Chúnta agus Taisme) á soláthar ag údaráis áitiúla, le haghaidh a limistéir riaracháin féin, tríd an Oifigeach Cosanta Sibhialta.

An tSeirbhís Dóiteáin

Tá trí rannóg i Seirbhís Dóiteáin Chill Dara. **An Rannóg Oibríochtaí** a bhíonn ag déileáil le saincheisteanna a bhaineann le hoibriú na seirbhíse dóiteáin, lena n-áirítear an fhoireann chomhraic dóiteáin, feithiclí agus trealamh, oiliúint agus an lárionad rialaithe; **An Rannóg Sábháilteachta ó Dhóiteáin** a bhíonn ag déileáil leis an deimhniú sábháilteachta ó dhóiteáin, ceadúnú peitriliam, ceadúnú ó na cúirteanna dúiche agus cigireacht ar shábháilteacht ó dhóiteáin; agus **An Rannóg um Bainistíocht Éigeandála agus Sainphriacail** a bhíonn ag déileáil le bainistíocht móréigeandála, anailís riosca-bhunaithe ar ghlaonna dóiteáin agus éigeandála, an phleanáil réamhtheagmhais, imeachtaí allamuigh, cigireacht agus forfheidhmiú ar fhoirgnimh de chuid institiúidí cónaithe, ceadúnú arm tine agus pléascán, agus iarratais ar thinte ealaíne.

An Rannóg Oibríochtaí

Teagmhais

In 2012, d'fhreagair an tSeirbhís Dóiteáin 1,342 glao dóiteáin agus éigeandála. Sin laghdú de 252 glao ón líon a bhí ann in 2011 (1,594).

Ba iad na cúig theagmhas ba mhó ar ar fhreastail Seirbhís Dóiteáin Chontae Chill Dara in 2012 ná;

- **Dóiteáin Amuigh (255)** - Is laghdú suntasach é seo ar an líon dóiteán amuigh ar ar fhreastalaíodh in 2011 (446).
- **Dóiteáin Simléir (255)** - Is é fírinne an scéil i gcónaí é go bhféadfaí an chuid is mó de dhóiteáin simléir a chosc dá nglanfadh sealbhóirí tí a simléir go rialta.
- **Dóiteáin i dTithe Cónaithe (169)** – Tá réimse déine i gceist le dóiteáin i dtithe cónaithe, ó dhóiteáin bheaga cócaireáin go tithe atá faoi thine ina n-iomláine. Tá laghdú beag tagtha ar líon na dtinte áit chónaithe ó leibhéil 2011.
- **Dóiteáin Feithicle (170**) - I gcás an chuid is mó de dhóiteáin feithicle, is é an fáth atá leo go ndearnadh gluaisteán goidte a thréigean agus a chur trí thine.
- **Imbhuailtí Tráchta Bóthair (161)** - Táthar ag freastal go fóill ar líon ard imbhuailtí i dtrácht bóthair.

An Lárionad Rialaithe

Is iad Seirbhísí Dóiteáin Chill Dara agus Uíbh Fhailí an dá sheirbhís dóiteáin dheireanacha a fheidhmíonn taobh amuigh de chóras an lárionaid rialaithe réigiúnaigh. Go luath in 2012, shocraigh Comhairle Contae Chill Dara go ndúnfaí an lárionad rialaithe i Stáisiún Dóiteáin Dhroichead Nua agus go ndéanfaí seirbhís freagartha na nglaonna 999/112 agus slógadh na n-acmhainní cuí, dá réir, a aistriú go dtí Lárionad Rialaithe Réigiún an Oirthir (LRRO). Dá thoradh sin, beidh Seirbhís Dóiteáin Uíbh Fhailí á haistriú freisin go dtí an LRRO.

An Rannóg Sábháilteachta ó Dhóiteáin

Deimhniú Sábháilteachta ó Dhóiteáin

Fuarthas 120 iarratas ar Dheimhnithe Sábháilteachta ó Dhóiteáin in 2012.

Deimhnithe maidir le Tabhairt chun Rialtachta

Fuarthas 30 iarratas ar Dheimhnithe maidir le Tabhairt chun Rialtachta i dtaobh Sábháilteacht Dóiteáin in 2012.

Ionaid Chúram Leanaí

Tugadh 35 cuairt chigireachta san iomlán ar 34 ionad cúram lae iomláin agus séasúraigh agus b'ionann sin agus 15% den líon iomlán de 232 ionad cúram lae. Sa dá bhliain seo caite, rinneadh cigireacht ar 66% de na hionaid chúram lae ar fad.

Cigireacht ar Óstáin

Rinneadh cigireacht ar 8 n-óstán nach raibh cigireacht iomlán déanta orthu le trí bliana anuas.

An tAcht um Shubstaintí Contúirteacha

Chuir 12 stáisiún líonta peitril isteach ar cheadúnais faoin Acht um Shubstaintí Contúirteacha in 2012. Go nuige seo, tá cigireacht déanta ar 62 suíomh as an 81 ceann san iomlán atá sa chontae. Tá ceadúnas ag 31 acu. Tá na stáisiúin líonta peitril uile á spreagadh go gníomhach chun ceadúnas stórála peitriliam a fháil.

An tAcht um Thruailliú Aeir, 1987 (Astú Gal Peitriliam) Rialacháin 1997

Scríobh an Rannóg Sábháilteachta ó Dhóiteáin litir fhoirmiúil chuig oibreoirí gach saoráid líonta peitril inar leagadh amach na riachtanais faoin acht / faoi na rialacháin. Chuir 6 áis nua iarratas isteach ar Dheimhnithe Aisghabhála Gaile agus chuir 6 áis a bhí ann cheana iarratas isteach ar athnuachan a gceadúnais.

Ceadúnú ó na Cúirteanna Cuarda agus Dúiche

Rinneadh 145 cuairt chigireachta san iomlán ar 80 áitreabh ceadúnaithe, a raibh 34 ceann acu tar éis iarratas a chur isteach ar cheadúnas damhsa.

Cigireacht ar Fhoirgnimh

Chomh maith le ceadúnú, cuairteanna cigireachta ar áiseanna cúram leanaí agus cigireacht faoin Acht um Shubstaintí Contúirteacha, rinne an Rannóg Sábháilteachta ó Dhóiteán 120 cuairt chigireachta bhreise ar 108 áitreabh eile.

Bainistíocht Éigeandála agus Sainphriacail

Bainistíocht Móréigeandála

Leanann an tSeirbhís Dóiteáin de bheith ag feidhmiú chun bainistíocht móréigeandála a chomhordú agus a sholáthar do Chomhairle Contae Chill Dara.

Pleanáil Réamhtheagmhais

Críochnaíodh 20 Plean Réamhtheagmhais le haghaidh foirgnimh atá faoi mhórphriacal.

Rinneadh 30 cuairt chigireachta a bhain le bainistíocht sábháilteachta ó dhóiteáin agus le comhlíonadh an Phlean Réamhtheagmhais.

Tithe Cónaithe faoi Mhórphriacal

Rinneadh 38 cuairt chigireachta ar thithe cónaithe a bhí faoi mhórphriacal in 2012. Sa chaoi go dtabharfaimis míniú níos fearr ar an gcóras cigireachta atá againn, chruthaíomar an bhileog 'Nósanna Imeachta Cigireachta agus Forfheidhmiúcháin' agus thugamar í do bhainisteoirí na n-áitreabh a ndearnadh cigireacht orthu.

Sábháilteacht ó Dhóiteáin i measc an Phobail

Reáchtáladh dhá lá oscailte in 2012 i stáisiúin dóiteáin Bhaile Átha í agus Mhaigh Nuad. Thug an pobal ardmholadh don fhoireann sa dá stáisiún as ucht na laethanta oscailte sin féin agus an tseirbhís a chuireann siad ar fáil i rith na bliana. Deis a bhí sna laethanta oscailte sin freisin chun teachtaireachtaí a scaipeadh maidir le sábháilteacht ó dhóiteáin. Rinneadh cainteanna ar chúrsaí sábháilteachta ó dhóiteáin le haghaidh grúpaí éagsúla pobail agus bhí foireann i láthair ag seastáin, in Tesco agus san Ionad Siopadóireachta Whitewater, i nDroichead Nua, mar a raibh feasacht ar shábháilteacht ó dhóiteáin á cur chun cinn.

Eisíodh feasacháin mhíosúla ar shábháilteacht ó dhóiteáin chuig gach nuachtán áitiúil. Chomh maith leis sin, agus i bhfianaise a thábhachtaí atá na meáin sóisialta, tá feasacht ghníomhach Facebook ar siúl anois ag Seirbhís Dóiteáin Chill Dara (agus 'is maith' le 368 duine í).

Sláinte agus Sábháilteacht

Bhí an Rannóg Sláinte agus Sábháilteachta páirteach sna nithe seo a leanas in 2012:

- Athbhreithniú agus uasghrádú ar ráitis sábháilteachta a bhaineann le suíomhanna ar leith, go háirithe ionaid cóireála uisce agus fuíolluisce agus na stáisiúin chaidéalúcháin a bhaineann leo.
- Roinnt cur i láthair PowerPoint a eagrú agus a chur i láthair na Foirne Bainistíochta agus an Choiste um Bainistíocht Sláinte agus Sábháilteachta maidir leis na beartais nua náisiúnta agus na nósanna imeachta do na húdaráis áitiúla agus maidir le seasamh Údaráis Áitiúla Chill Dara.
- Cur i láthair dlíthiúil leis an Uas. Raymond Byrne, abhcóide, a cuireadh i láthair na foirne uile agus a bhain le dliteanas faoin reachtaíocht sábháilteachta; 'Cainteanna Bosca Uirlisí' a tugadh do phearsanra na suíomhanna; agus cur i láthair don fhoireann ábhartha ar lámhleabhair athbhreithnithe sábháilteachta a bhaineann le suíomhanna uisce agus fuíolluisce.
- Cur i bhfeidhm leanúnach an Chláir um Chigireacht Sláinte agus Sábháilteachta.
- Achoimre ar ordlathas na suíomhanna a bhfuil cigireacht le déanamh orthu, socrú an sceidil chigireachta don ardbhainistíocht líne, agus tuairisciú torthaí don Fhoireann Bhainistíochta.
- Cinnte a dhéanamh de gur cuireadh cúrsaí oiliúna i Sláinte agus Sábháilteacht ar fáil
- Imscrúduithe ar thionóiscí agus ar theagmhais.
- Cruinnithe comhairliúcháin ar iarratas ó Chomhar-Árachais Comhairlí Éireann, Teo. (IPBMI) maidir le héilimh árachais faoi dhliteanas poiblí agus fostóra araon.
- Freastal ar éisteachtaí cúirte nuair ba ghá.
- Rannpháirtíocht i gcruinnithe tús lae, nuair ba ghá, agus i gcruinnithe maidir le sábháilteacht suíomhanna, cruinnithe démhíosúla de chuid an Choiste Ardbhainistíochta um Shláinte agus Sábháilteacht, cruinnithe maidir le hionadaithe sábháilteachta, cruinnithe sábháilteachta de chuid na hOifige um Dhearadh Bóithre Náisiúnta, agus cruinnithe démhíosúla de chuid Ghrúpa Oifigigh Sábháilteachta na nÚdarás Áitiúil.
- I dtreo dheireadh na bliana, cuireadh tús le hathbhreithniú ar an gCóras Bainistíochta Sábháilteachta in Údaráis Áitiúla Chill Dara, go háirithe ar an lámhleabhar sábháilteachta, measúnuithe riosca, ráitis maidir le cur chuige, cáipéisíocht tógála, foirmeacha tuairisce ar thionóiscí, rialú cáipéisíochta, agus an beartas agus nós imeachta maidir le hobair aonair.

Uisce agus Seirbhísí Comhshaoil

Water and Environmental Services

Seirbhísí Uisce

Tá feidhm na Seirbhísí Uisce roinnte ina ceithre rannóg:

- Oibriú agus Cothabháil Leanúnach Scéimeanna Uisce agus Fuíolluisce
- An Clár Infheistíochta Caipitil
- An Clár Uisce Tuaithe
- Laghdú Tuilte

Oibriú agus Cothabháil Soláthar Uisce

Tá an Rannóg Oibrithe Uisce freagrach as leorsoláthar uisce a chur ar fáil agus a chothabháil i gcomhlíonadh le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Uisce Óil) (Uimh. 2) 2007.

Faoi láthair, tá 90% den uisce óil i gContae Chill Dara á fháil ó na húdaráis béal dorais, m.sh. Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath (ó Ionad Cóireála Uisce an Bhaile Mhóir) agus Comhairle Contae Fhine Gall (ó Ionad Cóireála Uisce Léim an Bhradáin).

Sa chaoi nach mbeimid i dtuilleamaí na n-údarás sin chun uisce a sholáthar don chontae agus go gcinnteofar go mbeimid in ann freastal ar an éileamh ar uisce, san am i láthair agus amach anseo, ní mór do Chomhairle Contae Chill Dara leanúint orthu ag forbairt acmhainní uisce an chontae féin, m.sh. Ionad Cóireála Uisce Shruthláin i mBaile Átha Í agus Páirceanna Toibreacha Ráth Iomgháin/Mhainistir Eimhín.

Baineann an chuid is mó den obair le:

- Taiscumair, píobáin agus feistí a chothabháil, a dheisiú agus a uasghrádú.
- Monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht agus bainistíocht a dhéanamh ar an líonra chun úsáid éifeachtach acmhainní a chinntiú
- Custaiméirí nua tráchtála agus príobháideacha a cheangal leis an líonra
- Monatóireacht a dhéanamh ar chaighdeán an uisce agus é a chosaint

Bhí sé mar thoradh ar ghníomhaíochtaí leanúnacha caomhnaithe uisce agus iad á stiúradh ag an Aonad Braite Silte, gur laghdaíodh méid an uisce gan chuntas ó mhéid ard 32% in Eanáir 2011 go dtí 27% ar an meán i Nollaig 2012. Éacht suntasach é sin nuair a mheastar go bhfuil an meánleibhéal d'uisce gan chuntas sa réigiún thart ar 40%.

Fuíolluisce

Maidir le fuíolluisce, braitheann Comhairle Contae Chill Dara uirthi féin den chuid is mó; déantar cóireáil ar fhuíolluisce ag roinnt ionaid chóireála fuíolluisce laistigh den chontae.

Tá na hionaid is mó díobh seo i Léim an Bhradáin (ag freastal ar Chill Choca, Maigh Nuad, Cill Droichid, Léim an Bhradáin agus Teach Srafáin) agus i mBaile Osbeirn (ag freastal ar an Nás, Droichead Nua, Cill Chuillinn, Áth Garbháin, an Chorrchoill, na Solláin, Claonadh, An Currach, Brownstown, Crochta na Gréine, Baile Sheáin agus Cill). Dearadh an dá ionad le go mbeadh d'acmhainn acu freastal ar dhaonra coibhéiseach (DC) de 80,000.

Tá sé beartaithe ag an gComhairle an dá ionad agus na líonraí a bhaineann leo a uasghrádú chun iad a mhéadú go 130,000 DC ag Ionad Cóireála Fuíolluisce (ICFU) Bhaile Osbeirn agus go 150,000 DC ag ICFU Léim an Bhradáin.

Ionad Cóireála Fuíolluisce Shruthláin

De réir na Rialachán um Scardadh Fuíolluisce (Údarú), 2007 (I.R. Uimh. 684 de 2007), ceanglaítear ar an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) scardadh fuíolluisce ag gach údarás áitiúil a cheadú. Is é an cuspóir atá leis sin ná truailliú uiscí a laghdú agus a chosc agus tá sé ag teacht le ceanglais na Creat-treorach Uisce.

Tá iarratais ar cheadúnais arna seoladh isteach ag Comhairle Contae Chill Dara le haghaidh gach ceann den 37 ionad sa chontae agus baineadh leas as foireann intí chun na ceadúnais a ullmhú agus as saineolaithe seachtracha fostaithe chun dul i ngleic le saincheisteanna éiceolaíochta a aithníodh sa Treoir maidir le Gnáthóga. Tá na bailte seo a leanas ar an liosta dar ndearnadh iarratas:

Baile Osbeirn, Léim an Bhradáin, Baile Átha Í, Cill Dara, Coill Dubh, Mainistir Eimhín, Ráth Iomgháin, An Baile Mór, Díseart Diarmada, Tigh Moling, Doire an tSoirn, Cill Maodhóg, Baile Riobaird, Fiodh Alúine, Ard Cloch, Áth Garbháin, Béal Átha an Tuair, Baile an Róigh 1, Baile an Róigh 2, Baile na mBreatnach, Baile an Chalbhaigh, Caisleán Mhistéil, Caisleán an Róigh Thiar, Cloch an Rince, Cluain Dubh, Dún Uabhair, Cill Bhearaigh, Cill Daingin 1, Cill Daingin 2, Cill Chá, Cill Míde, Baile an Mhuilinn 1, Baile an Mhuilinn 2, An Baile Nua, An Urnaí, Ráth Chofaigh, Tigh Mhic Neamhain.

Eisíodh ceadúnais le haghaidh 10 n-ionad cóireála fuíolluisce san iomlán go dtí seo. Tá trí ionad eile atá ag fanacht le ceadúnas go fóill, mar atá, Ráth Iomgháin, Mainistir Eimhín agus Cill Dara.

Eisíodh deimhniú údaraithe le haghaidh gach ceann den 24 ionad beag, is é sin ionaid a fhreastalaíonn ar dhaonra coibhéiseach níos lú ná 500, a fhreagraíonn go cuí do mhéid an ionaid sin.

Clár Caipitil

Tá Rannóg Oibreacha Caipitil na Seirbhísí Uisce freagrach as scéimeanna móra soláthair uisce agus fuíolluisce a chur ag obair sa chontae.

Tá na conarthaí seo a leanas curtha san áireamh ag an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil faoin gClár Infheistíochta i Seirbhísí Uisce, 2010-2013:

Conradh a críochnaíodh in 2012

Ionad Cóireála Fuíolluisce Chill Dara – Conradh Dearaidh, Tógála agus Oibriúcháin

Ionad Cóireála Fuíolluisce Bhaile Chill Dara

Conarthaí ar tí a bheith críochnaithe in 2012

Scéim Astarraingte na Bearú

- Conradh 1 - Ionad Cóireála Uisce – Conradh Dearaidh, Tógála agus Oibriúcháin
- Conradh 2 - Líonra
- Conradh 3A - Líonra

Conarthaí faoinar tosaíodh tógáil in 2012

Scéim Séarachais an Bhaile Mhóir

- Conradh A – Ionad Cóireála Fuíolluisce
- Conradh B – Stáisiún caidéalúcháin agus píblínte

Scéim Píblíne agus Taiscumair Chaisleán Bhairnín go dtí Ballygoran

An Clár Uisce Tuaithe

Grúpscéimeanna Uisce

Is éard atá i gceist le grúpscéim uisce ná go soláthraíonn sé uisce do dhá theach, nó níos mó, as foinse soláthair agus trí chóras dáilte atá coitianta nó roinnte.

Cabhraíonn an Chomhairle le grúpaí trí bheith ag obair i gcomhpháirt leo agus sna bealaí seo a leanas:

- Comhairle agus treoir a sholáthar maidir le grúpscéimeanna a bhunú agus a oibriú
- Comhairle theicniúil a sholáthar maidir le fadhbanna foinse agus soláthair, líonraí dáilte, caighdeán agus cóireáil uisce, dearadh scéime, srl.

- Cur ar chumas grúpaí soláthar uisce a thógáil ón bpríomhlíonra uisce phoiblí mar ar féidir
- Comhairle agus cúnamh a sholáthar maidir le tairiscint a fháil agus a mheasúnú
- Deontais i gcabhair a thabhairt do ghrúpscéimeanna suas go 85% den chostas faofa, faoi réir teorann de €6,475 in aghaidh an tí
- Maoirseacht ar chaighdeáin tógála
- Fóirdheontas bliantúil a sholáthar i dtreo na gcostas oibriúcháin agus cothabhála a thabhaíonn an grúpa faoin scéim

Tá 97 Grúpscéim Uisce i bhfeidhm i gCill Dara faoi láthair.

Deontais a íocadh in 2012

Fóirdheontais €149,920.33
Do na grúpscéimeanna uisce éagsúla sa chontae.

Táthcheangal na Grúpscéime Uisce €42,704.38

Réitigh Eile Cóireála €10,096.53
Grúpscéim Uisce Chill Chéile

Scéimeanna Beaga Uisce agus Séarachais

Cuirtear cistiú ar fáil le haghaidh tionscadal caipitil chun uasghrádú a dhéanamh ar scéimeanna beaga uisce agus séarachais a chomlánaíonn bearta reatha maidir le huisce tuaithe.

In 2012, caitheadh €341,167.20 ar Chlár na Scéimeanna Beaga, rud a chuimsigh na scéimeanna seo a leanas, i measc scéimeanna eile:

- Scéim Soláthair Uisce Phríomhphíobán Fáinneach Chill Choca, Céim 1
- Scéim Soláthair Uisce Bhaile an Phearsúin
- Uasghrádú Ionad Cóireála Fuíolluisce Bhaile an Róigh
- Uasghrádú Ionad Cóireála Fuíolluisce Dhún Uabhair

Scéim Deontas le haghaidh Soláthar Uisce Aonair (Deontais Tobair)

Tá deontas 75% den chostas faoi réir uasdheontas €2,031.58 iníoctha chun uasghrádú a dhéanamh ar sholáthar uisce aonair príobháideach, áit nach bhfuil aon soláthar grúpa nó poiblí eile ar fáil. Íocadh deontas i gcabhair €37,306.85 faoin scéim seo in 2012.

An Coiste Monatóireachta Áitiúil maidir le hUisce Tuaithe

Bunaíodh an Coiste Monatóireachta Áitiúil maidir le hUisce Tuaithe in 1998 agus tionóltar gach ráithe é chun aontú ar an gClár Uisce Tuaithe agus chun monatóireacht a dhéanamh air. Cuimsíonn an Coiste ionadaithe ón I.F.A., ó Chónaidhm Ghrúpscéimeanna Uisce an Chontae, ón gCónaidhm Náisiúnta de Ghrúpscéimeanna Uisce agus comhaltaí agus oifigigh Chomhairle Contae Chill Dara.

Fóntais Phoiblí

Caitheadh **€65,773.57** ar Dhroichead Nua agus ar Bhaile Chill Dara in 2012.

Laghdú Tuilte

Oibríonn aonad tiomnaithe um laghdú tuilte laistigh de Sheirbhísí Uisce chun an Clár Caipitiúil um Laghdú Mórthuilte a chur i bhfeidhm. Faightear maoiniú le haghaidh a leithéid de scéimeanna ón Scéim Ranníocaíochta Tobhach Forbartha agus Oifig na nOibreacha Poiblí (OOP) Críochnaíodh na scéimeanna seo a leanas le roinnt blianta anuas;

- Scéim Laghdaithe Tuilte Abhainn Toni
- Scéim Laghdaithe Tuilte Butterstream, Céim 2
- Scéim Laghdaithe Tuilte Chonfaí
- Scéim Laghdaithe Tuilte an Bhaile Nua
- Scéim Laghdaithe Tuilte na Sollán, Céim 1
- Scéim Laghdaithe Tuilte Kilbelin
- Scéim Laghdaithe Tuilte Butterstream, Céim 3
- Scéim Laghdaithe Tuilte an Bhaile Mhóir (Cosán na hAbhann)

Seirbhísí Comhshaoil

Athchúrsáil

Leantar ar aghaidh ag tabhairt bealaí éasca do mhuintir Chill Dara ábhar a athchúrsáil a bhuíochas leis an líonra de bhainc gloine agus cannaí ar fud an chontae. Rinneadh breis agus 3,556 tonna gloine agus 7 dtonna cannaí a aisghabháil, chomh maith le breis agus 500 tonna teicstílí.

Eagraíodh roinnt bailiúchán le haghaidh Dramhthrealamh Leictreach agus Leictreonach (DTLL) do mhuintir an phobail. Athchúrsáladh breis is 103 tonna de dhramhaíl leictreach mar thoradh air seo.

Chomh maith leis na gnáthbhainc 'fág anseo' le haghaidh gloine, cannaí alúmanaim agus teicstílí, tá an réimse ábhar a nglactar leo ag na hionaid athchúrsála á leathnú de réir mar a fhorbraítear asraonta nua le haghaidh na n-ábhar éagsúil.

Bhí bainc phoiblí 'fág anseo' á gcothabháil ag an gcomhairle ag 43 suíomh ar fud an chontae. Bhí an-rath go fóill ar áiseanna bailithe cadhnraí i scoileanna, siopaí agus an dá shuíomh chathartha fóntas. Cabhraíonn an scéim bhailithe cadhnraí, go háirithe, le díobháil don chomhshaol a chosc agus le daoine a chur ar an eolas faoin ngá atá le diúscairt chúramach dramhaíola.



Oideachas agus Feasacht

Thug ár nOifigeach Feasachta Comhshaoil thart ar 120 cuairt ar scoileanna, gnólachtaí agus grúpaí pobail (m.sh. grúpaí na mbailte slachtmhara) d'fhonn feasacht an phobail ar chúrsaí dramhaíola a mhúscailt agus dea-chleachtas a chur chun cinn i measc an phobail maidir le diúscairt dramhaíola.

Bronnadh bratach uaine ar 88 scoil sa chontae mar chuid d'Fheachtas na Brataí Uaine agus tá 116 scoil san iomlán cláraithe le haghaidh an ghradaim sin. Feidhmíonn an chomhairle mar éascaitheoir do scoileanna ar mian leo a bheith páirteach sa chlár seo agus spreagann sí gach scoil go gníomhach le bheith páirteach sa tionscadal seo.

Cuireann an chomhairle ábhar agus/nó cúnamh airgid ar fáil maidir le tograí oiriúnacha sna Scoileanna Uaine rannpháirteacha. Is gné den dúthracht a léiríonn Comhairle Contae Chill Dara ar oideachas comhshaoil iad na turais scoile

chuig na hÁiseanna Bainistíochta Dramhaíola Comhtháite i gCnoc Saileata agus i mBaile Átha Í a bhíonn ar siúl go rialta i rith na scoilbhliana.

Tacaíonn an chomhairle le tionscnaimh chomhshaoil ag grúpaí pobail agus ag údaráis áitiúla Chill Dara chomh maith, trí dhá scéim a dhéantar a chómhaoiniú i gcomhar leis an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, mar atá, Ciste Comhpháirtíochta Comhshaoil LA21 agus an Scéim Deontas Feasachta in Aghaidh an Bhruscair. Thug an Scéim Chiste don Chomhpháirtíocht Comhshaoil €27,000 do 14 thionscadal a dhírigh, i measc nithe eile, ar cheardlanna faoi iompar inbhuanaithe a reáchtáil agus bileoga faoi chosaint na bithéagsúlachta a fhoilsiú. Thug an Deontas um Fheasacht in aghaidh an Bhruscair agus an Ghraifítí €24,000 do 7 dtionscadal ar leith a dhírigh, i measc nithe eile, ar fheachtais feasachta ar bhusanna agus i bpictiúrlanna agus ar oiliúint a chur ar ghrúpaí pobail conas graifítí a bhaint.

Na Bailte Slachtmhara

D'oibrigh an chomhairle go dlúth chun tacaíocht a thabhairt do choistí na mbailte slachtmhara i gCill Dara in 2012. Is éard a bhí sa tacaíocht sin ná deontais fóntais, cúnamh le glantachán, soláthar málaí agus bainteoirí bruscair. Chomh maith leis sin, tairgeadh oiliúint do ghrúpaí a oibríonn chun bithéagsúlacht na háite a chosaint agus a fheabhsú. Eagraíodh caint in éineacht le Bailte Slachtmhara Eachroma chun dea-chleachtas a chur chun cinn. Tairgeadh veisteanna sofheicthe brandáilte do na grúpaí uile le go mbeadh a gcuid oibre níos sábháilte agus go n-ardófaí próifíl na hoibre luachmhaire sin.

Ghlac an Rannóg Comhshaoil go foirmiúil leis an ról oibre le grúpaí na mbailte slachtmhara ó 2012, ós rud é go bhfuil go leor teagmhálacha sa cheantar cheana. Is léir gur éirigh leis sin cheana ó thaobh cúnamh a thabhairt do na grúpaí feabhas a chur ar dhreach agus deilbh na mbailte agus na sráidbhailte. Rinneadh dul chun cinn ar roinnt tionscadal in 2012 i gcomhar le LEADER Chill Dara. Ba chóir tagairt speisialta a dhéanamh do Theach Srafáin, arb é an chéad iarratasóir riamh as Cill Dara a bhain bonn óir amach i gcomórtas na mBailte Slachtmhara.

Bruscar

Is iad na maoir bruscair an ghné is feiceálaí de straitéisí éagsúla na Comhairle chun bruscar a chosc agus is maith an deis é leas a bhaint astu chun cur le tuiscint an phobail ar fhadhb an bhruscair agus ar obair na Comhairle chun déileáil leis. Seo a leanas roinnt gnéithe d'obair na maor maidir le heolas a scaipeadh:

- Freastal ar chruinnithe grúpaí pobail, cumainn áitritheoirí agus coistí bailte slachtmhara, d'fhonn comhairle a chur orthu maidir lena gcuid oibre agus plé a dhéanamh ar aon fhadhbanna a bhaineann le bruscar.
- Teagmháil neamhfhoirmiúil leanúnach le páirtithe leasmhara, a chuireann ar chumas na maor beart a dhéanamh gan mhoill maidir le siocracha nua móra bruscair, cásanna nua dumpála mídhleathaí, carranna tréigthe, srl.

- Cuairteanna ar láithreacha miondíolacháin, tionsclaíochta agus tráchtála ar fud an chontae d'fhonn comhairle a chur ar úinéirí, áitritheoirí agus lucht foirne faoi na dualgais a leagtar orthu faoin Acht um Thruailliú Bruscair.

- Casadh leis an bpobal chun cúrsaí bruscair a phlé go díreach leo siúd atá thíos leo agus cuairteanna ar scoileanna obair na maor a chuir ar a súile do mhic léinn agus ceisteanna bruscair a phlé leo.

- Tá foireann comhshaoil shoghluaiste ann, a bhfuil beirt fhostaithe aici, chun tabhairt faoi réimse feidhmeanna, lena n-áirítear glantachán siocracha móra bruscair agus áiteanna a dtarlaíonn dumpáil mhídhleathach, comharthaí "Cosc ar Bhruscar" agus a leithéid a chrochadh, agus monatóireacht a dhéanamh ar áiseanna athchúrsála bruscair. Bíonn an fhoireann seo i ndlúth-theagmháil le seirbhís na maor bruscair chun dul i ngleic lena leithéid de theagmhais.

An Glantachán Earraigh Náisiúnta

Tiomnaíodh mí Aibreáin chun an Feachtas Náisiúnta in aghaidh an Bhruscair a chur chun cinn – An Glantachán Náisiúnta Earraigh. Tacaíodh le coistí bailte slachtmhara agus le cumainn áitritheoirí trí mhálaí bruscair agus athchúrsála a sholáthar, chomh maith le bainteoirí bruscair agus lámhainní. Músclaíodh feasacht freisin faoi ócáidí a bhí ar siúl i rith na míosa.

Tá cláir éagsúla ar fáil chun tacú leis an iarracht dheonach áitiúil, agus iad dírithe ar ghrúpaí pobail agus ar chumainn áitritheoirí, lena n-áirítear Scéimeanna Deontas Fóntais, Tionscnaimh Mórtas Áite, srl. Trí na scéimeanna sin, cuirtear boscaí bruscair, troscán sráide agus plandaí agus sceacha ar fáil agus déantar obair fheabhsúcháin ar pháirceanna agus faichí féir. Chabhraigh foireann na Comhairle chomh maith le grúpaí aonair bailte slachtmhara sa phróiseas rannpháirtíochta de chomórtas náisiúnta na mBailte Slachtmhara.

Ar an drochuair, ní leor an t-oideachas amháin chun deireadh a chur le bruscar agus b'éigean don chomhairle pionós a ghearradh ar chiontóirí. Eisíodh 600 fíneáil maidir le cionta bruscar in 2012.

Seachtain Náisiúnta na gCrann

Sholáthair an chomhairle 350 crann óg chomh maith do ghrúpaí pobail le linn Sheachtain Náisiúnta na gCrann i mí an Mhárta. Ar bhonn carnach, tá beagnach 4,500 crann tar éis a bheith curtha sa chontae de thoradh na scéime seo.

RÁITEAS AIRGEADAIS
Don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2012
(agus figiúirí cuntais ioncaim comparáideacha do bhlianta roimhe seo)

CUNTAS IONCAIM

Caiteachas	**2012**	**2011**	**2010**	**2009**
	€	**€**	**€**	**€**
Tithíocht agus Tógáil	20,263,507	22,375,627	19,168,637	17,477,789
Iompar agus Sábháilteacht ar Bhóithre	24,683,802	27,914,562	28,980,073	28,025,312
Soláthar Uisce agus Séarachas	23,051,625	23,673,594	25,789,418	27,409,154
Dreasachtaí agus Rialuithe Forbartha	8,151,139	8,680,129	9,025,113	10,902,049
Cosaint an Chomhshaoil	28,394,126	32,750,134	26,067,527	24,388,617
Áineas agus Áiseanna	7,863,202	8,246,631	8,201,211	8,374,092
Talmhaíocht agus Oideachas	7,687,392	13,642,277	13,313,628	11,732,699
Seirbhísí Ilghnéitheacha	17,542,126	6,960,813	8,425,173	8,604,449
Iomlán	**137,636,919**	**144,243,767**	**138,970,780**	**136,914,161**
Fáltais (Deontais, Earraí agus Seirbhísí)				
Tithíocht agus Tógáil	18,553,726	20,419,668	17,091,974	15,430,394
Iompar agus Sábháilteacht ar Bhóithre	12,384,971	13,880,457	14,197,721	12,460,058
Soláthar Uisce agus Séarachas	12,069,423	12,353,255	14,735,412	16,828,457
Dreasachtaí agus Rialuithe Forbartha	1,334,899	1,306,399	1,776,645	2,701,802
Cosaint an Chomhshaoil	17,475,323	21,252,249	16,193,242	12,672,530
Áineas agus Áiseanna	1,194,113	1,387,880	1,325,077	757,152
Talmhaíocht agus Oideachas	6,684,822	12,679,258	12,026,516	10,946,502
Seirbhísí Ilghnéitheacha	4,303,184	4,239,618	3,868,292	4,610,198
Fo-Iomlán	**74,000,461**	**87,518,784**	**81,214,879**	**76,407,093**
Cuntais Údaráis Uirbigh	2,807,836	2,852,094	2,647,313	2,802,175
Asbhaintí a Bhaineann le Pinsean	2,126,952	2,268,787	2,319,302	1,887,497
Ciste Rialtais Áitiúil	19,628,180	21,604,877	22,458,849	23,866,930
Rátaí an Chontae	46,928,784	36,235,752	38,359,818	38,904,433
Iomlán	**145,492,213**	**150,480,294**	**147,000,161**	**143,868,128**
Aistrithe chuig/ó C(h)úlchistí	-7,603,996	-5,321,720	-7,056,892	-6,186,166
Barrachas/Easnamh don Bhliain	251,298	914,810	972,489	767,801

Iarmhéid Tosaigh	-2,998,444	-3,913,254	-4,885,743	-5,653,544
Iarmhéid Deiridh	**-2,747,146**	**-2,998,444**	**-3,913,254**	**-4,885,743**

INFHEISTÍOCHT CHAIPITIL	**2011**	**2011**	**2010**	**2009**
	€	**€**	**€**	**€**
Tithíocht agus Tógáil	14,641,512	14,641,512	21,752,117	40,496,309
Iompar agus Sábháilteacht ar Bhóithre	26,371,931	26,371,931	58,673,742	112,681,176
Soláthar Uisce agus Séarachas	20,339,215	20,339,215	14,927,863	26,068,719
Dreasachtaí agus Rialuithe Forbartha	15,293,521	15,293,521	7,943,162	1,037,884
Cosaint an Chomhshaoil	831,287	831,287	618,163	1,494,164
Áineas agus Áiseanna	921,476	921,476	1,883,062	4,746,281
Talmhaíocht agus Oideachas	0	0	13,098	321,662
Seirbhísí Ilghnéitheacha	6,794,682	6,794,682	394,284	561,182
Iomlán	**85,193,624**	**85,193,624**	**106,205,491**	**187,407,377**

Táscairí Seirbhíse

AN tSEIRBHÍS DÓITEÁIN

Slógadh na Seirbhíse Dóiteáin

- An meán-am, i nóiméid, a thóg sé ar bhriogáidí dóiteáin a shlógadh i stáisiúin lánaimseartha chun dul i ngleic le dóiteán …… Níl aon seirbhís dóiteáin lánaimseartha i gContae Chill Dara
- An meán-am, i nóiméid, a thóg sé ar bhriogáidí dóiteáin a shlógadh i stáisiúin pháirtaimseartha (seirbhís dóiteáin ar coinneáil) chun dul i ngleic le dóiteán…….…….. 6.17
- An meán-am, i nóiméid, a thóg sé ar bhriogáidí dóiteáin a shlógadh i stáisiúin lánaimseartha chun dul i ngleic le gach teagmhas éigeandála eile …… Níl aon seirbhís dóiteáin lánaimseartha i gContae Chill Dara
- An meán-am, i nóiméid, a thóg sé ar bhriogáidí dóiteáin a shlógadh i stáisiúin pháirtaimseartha (seirbhís dóiteáin ar coinneáil) chun dul i ngleic le gach teagmhas éigeandála eile ……6.42

Céatadán na gcásanna ina ndearnadh freastal ar an láthair

- Céatadán na gcásanna dóiteáin ina ndearnadh an chéad fhreastal ar an láthair laistigh de 10 nóiméad ……..……..……23.64
- Céatadán na gcásanna dóiteáin ina ndearnadh an chéad fhreastal ar an láthair tar éis 10 nóiméad ach laistigh de 20 nóiméad ….....60
- Céatadán na gcásanna dóiteáin ina ndearnadh an chéad fhreastal ar an láthair tar éis 20 nóiméad ……16.36
- Céatadán gach teagmhas éigeandála eile ina ndearnadh an chéad fhreastal ar an láthair laistigh de 10 nóiméad ……..……20.77
- Céatadán gach teagmhas éigeandála eile ina ndearnadh an chéad fhreastal ar an láthair tar éis 10 nóiméad ach laistigh de 20 nóiméad ……..……66.20
- Céatadán gach teagmhas éigeandála eile ina ndearnadh an chéad fhreastal ar an láthair tar éis 20 nóiméad……..……13.03
- Líon iomlán na gcásanna dóiteáin…… 770
- Líon na gcásanna dóiteáin ina ndearnadh an chéad fhreastal ar an láthair laistigh de 10 nóiméad ……..……182
- Líon na gcásanna dóiteáin ina ndearnadh an chéad fhreastal ar an láthair tar éis 10 nóiméad ach laistigh de 20 nóiméad……..……462
- Líon na gcásanna dóiteáin ina ndearnadh
- an chéad fhreastal ar an láthair tráth tar éis 20 nóiméad ……..……..……..……126
- Líon iomlán gach teagmhas éigeandála eile (ie. gan dóiteáin san áireamh) ……..……284
- Líon gach teagmhas éigeandála eile ina ndearnadh an chéad fhreastal ar an láthair laistigh de 10 nóiméad ……59
- Líon gach teagmhas éigeandála eile ina ndearnadh an chéad fhreastal ar an láthair tar éis 10 nóiméad ach laistigh de 20 nóiméad ……..……188
- Líon gach teagmhas éigeandála eile ina ndearnadh an chéad fhreastal ar an láthair tar éis 20 nóiméad ……..37

Cosc Dóiteán

- Líon iomlán na n-iarratas a fuarthas ar dheimhniú sábháilteachta ó dhóiteán ..…150
- Líon iomlán na n-iarratas ar dheimhniú sábháilteachta ó dhóiteán a próiseáladh (lena n-áirítear cásanna a measadh a bheith neamhbhailí) ……..…151

- Líon iomlán na n-iarratas a measadh a bheith neamhbhailí ……..……..…… 6

RANNPHÁIRTÍOCHT AN PHOBAIL

Rannpháirtíocht i scéim áitiúil Comhairle na nÓg

- Céatadán na scoileanna agus na ngasraí ógra áitiúla atá rannpháirteach i scéim áitiúil Comhairle na nÓg ……..….98.08
- Líon iomlán na scoileanna agus na ngasraí ógra áitiúla …….. …….52
- Líon na scoileanna agus na ngasraí ógra áitiúla atá rannpháirteach i scéim áitiúil Comhairle na nÓg ……...….51

Grúpaí atá cláraithe leis an bhFóram Pobail agus Deonach

- Líon na ngrúpaí atá cláraithe leis an bhFóram Pobail agus Deonach ……610

SAINCHEISTEANNA CORPARÁIDEACHA

Laethanta oibre a cailleadh mar gheall ar bhreoiteacht

- Céatadán na laethanta oibre a cailleadh mar gheall ar neamhláithreacht bhreoiteachta trí shaoire deimhnithe ……..……4.79
- Céatadán na laethanta oibre a cailleadh mar gheall ar neamhláithreacht bhreoiteachta trí shaoire neamhdheimhnithe ……..……0.49
- Líon na laethanta oibre a cailleadh mar gheall ar neamhláithreacht bhreoiteachta trí shaoire deimhnithe ……..……..9,163.46
- Líon na laethanta oibre a cailleadh mar gheall ar neamhláithreacht bhreoiteachta trí shaoire neamhdheimhnithe ……..……..937.36
- Líon iomlán na mball foirne (coibhéis lánaimseartha) ag deireadh mhí na Nollag 2012 (de réir thuairisc na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil ar sholáthar foirne le haghaidh deireadh na bliana 2012) …..842.62

Oiliúint agus Forbairt Foirne

- Caiteachas ar oiliúint agus ar fhorbairt mar chéatadán d'iomlán na gcostas párolla……..…….4.92

SEIRBHÍSÍ COMHSHAOIL

UISCE

Uisce gan chuntas

- An t-uisce gan chuntas arna lua mar chéatadán den toirt iomlán uisce a chuirtear ar fáil faoi scéimeanna soláthair uisce atá faoi chúram an údaráis áitiúil ……..….27.89
- An toirt iomlán uisce a sholáthraítear (m3 in aghaidh an lae) faoi na scéimeanna soláthair uisce atá faoi chúram an údaráis áitiúil ……...….75,500
- An toirt iomlán uisce gan chuntas a sholáthraítear (m3 in aghaidh an lae) faoi na scéimeanna soláthair uisce atá faoi chúram an údaráis áitiúil ……..……..21,060

BAINISTÍOCHT DRAMHAÍOLA

Deighilt Dramhaíola

- Céatadán na dteaghlach a gcuirtear seirbhís bailiúcháin dramhaíola ar fáil dóibh agus ar cuireadh bailiúchán dramhaíola deighilte ar fáil dóibh i ndáil le hábhar in-athchúrsáilte tirim ……..…….. 99.96
- Céatadán na dteaghlach a gcuirtear seirbhís bailiúcháin dramhaíola ar fáil dóibh agus ar cuireadh bailiúchán dramhaíola deighilte ar fáil dóibh i ndáil le hábhar orgánach …….46.27
- Líon iomlán na dteaghlach a gcuirtear seirbhís bailiúcháin dramhaíola ar fáil dóibh …….60,254
- Líon iomlán na dteaghlach a gcuirtear seirbhís bailiúcháin dramhaíola deighilte ar fáil dóibh i ndáil le hábhar in-athchúrsáilte …….60,230
- Líon iomlán na dteaghlach a gcuirtear seirbhís bailiúcháin dramhaíola deighilte ar fáil dóibh i

ndáil le hábhar orgánach ……..……..27,879

Dramhaíl tí a cuireadh ar shiúl le haghaidh athchúrsála

- Céatadán na dramhaíola tí a bailíodh ó thaobh an bhóthair agus a cuireadh ar shiúl le haghaidh athchúrsála ……..40.44
- An tonnáiste dramhaíola tí a bailíodh ó thaobh an bhóthair agus a cuireadh ar shiúl le haghaidh athchúrsála ……24,815
- An tonnáiste dramhaíola tí a ndearnadh athchúrsáil air agus a d'eascair ó dhramhaíl a bailíodh ó áiseanna athchúrsála (i.e. bainc 'fág anseo', ionaid fóntas pobail, stáisiúin aistrithe agus áiseanna athchúrsála eile) …….6,403.14
- An tonnáiste iomlán de dhramhaíl tí a bailíodh ó thaobh an bhóthair ……..…..61,368
- An tonnáiste dramhaíola tí a bailíodh ó thaobh an bhóthair agus a cuireadh ar shiúl le haghaidh athchúrsála ……..….24,815
- An tonnáiste dramhaíola tí a bailíodh ó thaobh an bhóthair agus a cuireadh i líonadh talún …….....….36,548

Dramhaíl tí a cuireadh chuig líonadh talún

- An céatadán dramhaíola tí a bailíodh agus a cuireadh chuig líonadh talún ……..59.56

SEIRBHÍSÍ COMHSHAOIL

Dramhaíl tí a cuireadh chuig líonadh talún

- An tonnáiste dramhaíola tí a bailíodh agus a cuireadh chuig líonadh talún ……36,548
- An tonnáiste iomlán de dhramhaíl tí a bailíodh ……...……..61,368
- An tonnáiste dramhaíola tí a cuireadh chuig líonadh talún ……..…..36,548

Áiseanna Athchúrsála

- Líon iomlán na n-ionad 'fág anseo' i limistéar an údaráis áitiúil ……43
- Líon iomlán na n-ionad fóntas pobail i limistéar an údaráis áitiúil ……..…..2

	Gloine	Cannaí	Teicstílí	Cadhnraí	Ola	Eile
Líon iomlán na n-áiseanna athchúrsála	43	39	72	3	2	10
Líon iomlán na n-ionad athchúrsála in aghaidh gach 5,000 duine den daonra	1.02	0.93	1.71	0.07	0.05	0.24
Líon na n-ionad athchúrsála 'fág anseo'	41	37	70	1	0	8
Líon na n-ionad fóntas pobail	2	2	2	2	2	2

Bruscar

Cosc agus Forfheidhmiú Bruscair

- Líon na maor bruscair lánaimseartha …….1
- Líon na maor bruscair páirtaimseartha …… 6
- Líon na maor bruscair (idir lán- agus pháirtaimseartha) in aghaidh gach 5,000 duine den daonra ……..….0.17
- Líon na bhfíneálacha ar an láthair a eisíodh ……655
- Líon na bhfíneálacha ar an láthair a íocadh …….. 234
- Líon na gcásanna ionchúisimh mar gheall ar neamhíocaíocht fíneála ar an láthair ……81
- Líon na n-ionchúiseamh a ceanglaíodh i gcásanna mar gheall ar neamhíocaíocht ar fhíneáil ar an láthair …….….17
- Líon na bhfógraí a eisíodh (faoi na hailt 9, 15, 16, 17 agus 20 den Acht um Thruailliú ó Bhruscar 1997) ……..….51
- Líon iomlán na gcásanna ionchúisimh (gach ionchúiseamh faoi na hAchtanna um Thruailliú ó Bhruscar 1997 go dtí 2003) ……..….81
- Líon iomlán na n-ionchúiseamh a ceanglaíodh (gach ionchúiseamh faoi na hAchtanna um Thruailliú ó Bhruscar 1997 go dtí 2003) …….....…..17
- Céatadán de limistéar an údaráis áitiúil nach bhfuil truaillithe ……..26
- Céatadán de limistéar an údaráis áitiúil atá beagán truaillithe le bruscar ……..42
- Céatadán de limistéar an údaráis áitiúil atá measartha truaillithe le bruscar …….26
- Céatadán de limistéar an údaráis áitiúil atá truaillithe go mór le bruscar ……..….7
- Céatadán de limistéar an údaráis áitiúil atá an-truaillithe ar fad le bruscar ……0

Gearáin & Forfheidhmiúchán maidir le Cúrsaí Comhshaoil

- Líon iomlán na gcásanna gearáin faoi thruailliú comhshaoil (maidir le dramhaíl, bruscar, truailliú uisce, truailliú ó thorann, truailliú aeir) ……...…….1,299
- Líon na ngearán a fiosraíodh …….1,276
- Líon na ngearán a réitíodh gan gá a bheith le haon bheart eile ……..1.,153
- Líon na mbeart forfheidhmiúcháin a glacadh (lena n-áirítear fíneálacha as bruscar) …. 855

Céatadán na scoileanna a bhíonn páirteach i bhfeachtais faoi chúrsaí comhshaoil

- Céatadán na mbunscoileanna a bhíonn páirteach i bhfeachtais faoi chúrsaí comhshaoil ……..……..88.79
- Céatadán na meánscoileanna a bhíonn páirteach i bhfeachtais faoi chúrsaí comhshaoil …….84
- An líon iomlán bunscoileanna ……107
- Líon na mbunscoileanna a bhíonn páirteach i bhfeachtais faoi chúrsaí comhshaoil ……95
- An líon iomlán meánscoileanna …….… 25
- Líon na meánscoileanna a bhíonn páirteach i bhfeachtais faoi chúrsaí comhshaoil ……21

TITHÍOCHT

Folúntais Tithíochta

- Líon iomlán na n-áras cónaithe i stoc an údaráis áitiúil ……..…….3,589
- Líon iomlán na n-áras cónaithe, gan iad siúd atá faoi réir mhórthionscadail athchóirithe a chur san áireamh 3,584
- Céatadán foriomlán na n-áras cónaithe atá folamh (gan iad siúd atá faoi réir mhórthionscadail athchóirithe a chur san áireamh) ……..1.06
- Céatadán na n-áras cónaithe folamh nach bhfuil ar fáil lena ligean ……78.95

- Céatadán na n-áras cónaithe folamh atá ar fáil lena ligean …….21.05
- Meánlíon na n-áras cónaithe i stoc an údaráis áitiúil ……...……..3,589
- Meánlíon na n-áras cónaithe, gan iad siúd atá faoi réir mhórthionscadail athchóirithe a chur san áireamh ……..….3,584
- Meánlíon na n-áras cónaithe atá folamh (gan iad siúd atá faoi réir mhórthionscadail athchóirithe a chur san áireamh) ……38
- Meánlíon na n-áras cónaithe folamh nach bhfuil ar fáil lena ligean …….. .30
- Meánlíon na n-áras cónaithe folamh atá ar fáil lena ligean ……...…….. …..8

Meántréimhse ama a tógadh chun árais chónaithe atá ar fáil a athligean

- An mheántréimhse ama a tógadh (i seachtainí) ón dáta ar imíodh as an áras cónaithe go dtí an dáta faoinar cuireadh i gcrích gach obair dheisiúcháin a measadh a bheith riachtanach chun an foirgneamh a athligean ……..7.24
- An mheántréimhse ama a tógadh (i seachtainí) ó cuireadh an obair dheisiúcháin (thuas) i gcrích go dtí dáta an chéad dochar cíosa…0.34

Deisiúchán Tithe

- Líon na ndeisithe a rinneadh mar chéatadán de na hiarratais bhailí ar dheisiúchán a fuarthas …….85.48
- Líon na ndeisithe a rinneadh ……..3,491
- Líon na n-iarratas bailí ar dheisiúchán a fuarthas ……..…4,084

Cóiríocht do Thaistealaithe

- Líon iomlán na dteaghlach Taistealaithe ar cuireadh cóiríocht ar fáil dóibh mar chéatadán de na spriocanna a leagtar síos sa Chlár Áitiúil Cóiríochta do Thaistealaithe ……33.33
- Líon na dteaghlach Taistealaithe ar cuireadh cóiríocht ar fáil dóibh …….. 4
- Sprioclíon na dteaghlach Taistealaithe a bhfuil cóiríocht le cur ar fáil dóibh sa bhliain, faoi mar a leagtar síos sa Chlár Áitiúil Cóiríochta do Thaistealaithe ……..…12

Forfheidhmiúchán maidir le caighdeáin san earnáil phríobháideach

- Líon iomlán na dtionóntachtaí cláraithe 9,652
- Líon na n-áras cónaithe a ndearnadh cigireacht orthu …….532
- Líon na gcigireachtaí a rinneadh ……616
- Líon na n-áras cónaithe a ndearnadh cigireacht orthu mar chéatadán de thionóntachtaí cláraithe (i.e. B mar chéatadán de A) ……5.51

Deontais chun tithíocht a chur in oiriúint do dhaoine faoi mhíchumas

- An mheántréimhse ama a tógadh (i seachtainí) chun iarratais a phróiseáil faoi Scéim Deontas na nÁiseanna Soghluaisteachta, lena n-áirítear aon chigireacht(aí) riachtanach(a), ón dáta a bhfuarthas iarratas bailí go dtí an dáta a ndearnadh cinneadh faoin iarratas ..……3.94
- An mheántréimhse ama a tógadh (i seachtainí) chun iarratais a phróiseáil faoin Deontas Oiriúnaithe Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas, lena n-áirítear aon chigireacht(aí) riachtanach(a), ón dáta a bhfuarthas iarratas bailí go dtí an dáta a ndearnadh cinneadh faoin iarratas ……...…5.15

Cúrsaí Taithíochta Réamhthionóntachta

- An líon iomlán tionóntaí nua ag an údarás áitiúil …….143
- An céatadán de thionóntaí nua an údaráis áitiúil ar táirgeadh cúrsaí taithíochta réamhthionóntachta dóibh ……..…100
- Líon tionóntaí nua an údaráis áitiúil ar táirgeadh cúrsaí taithíochta réamhthionóntachta dóibh ……...143

SEIRBHÍSÍ LEABHARLAINNE

Uaireanta Oscailte Poiblí na Leabharlann

- Meánlíon na n-uaireanta oscailte in aghaidh na seachtaine ag leabharlanna lánaimseartha…….39.62
- Meánlíon na n-uaireanta oscailte in aghaidh na seachtaine ag leabharlanna páirtaimseartha (nuair is bainteach) ..…….12.94
- Céatadán na leabharlann lánaimseartha a bhíonn oscailte am lóin ……100
- Céatadán na leabharlann lánaimseartha a bhíonn oscailte um thráthnóna ……..…100
- Céatadán na leabharlann lánaimseartha a bhíonn oscailte ar an Satharn ……..……..86
- Meánlíon na n-uaireanta oscailte in aghaidh na seachtaine ag leabharlanna lánaimseartha……..……..39.62
- Meánlíon na n-uaireanta oscailte in aghaidh na seachtaine ag leabharlanna páirtaimseartha (nuair is bainteach) ..……...12.94
- Líon na leabharlann lánaimseartha a bhíonn oscailte am lóin ……..……7
- Líon na leabharlann lánaimseartha a bhíonn oscailte um thráthnóna ……. 7
- Líon na leabharlann lánaimseartha a bhíonn oscailte ar an Satharn ……..……6

Cuairteanna ar Leabharlanna

- Líon na gcuairteanna ar leabharlanna lánaimseartha in aghaidh gach 1,000 duine den daonra …….. 2,989.13
- An líon iomlán cuairteanna ar leabharlanna lánaimseartha……...628,650

Stoc Leabharlainne

- Caiteachas bliantúil ar stoc in aghaidh gach duine den daonra (ar fud an chontae/na cathrach) ……..……€1.75
- An líon míreanna a eisíodh in aghaidh gach duine den daonra (ar fud an chontae/na cathrach) i gcás leabhar ……..…2.79
- An líon míreanna a eisíodh in aghaidh gach duine den daonra (ar fud an chontae/na cathrach) i gcás míreanna eile ……0.65
- Caiteachas bliantúil ar stoc …….. €369,000
- An líon iomlán leabhar a eisíodh …….587,685
- An líon iomlán míreanna eile a eisíodh ……..136,779

Teacht ar an Idirlíon sna leabharlanna

- An líon seisiún Idirlín a cuireadh ar fáil in aghaidh gach 1,000 duine den daonra ……. 212.02
- An líon iomlán seisiún Idirlín a cuireadh ar fáil …….…….…. 44,590

MÓTARCHÁIN

Líon na n-idirbheart mótarchánach

- Líon na n-idirbheart mótarchánach a ndéileáladh leo thar an gcuntar ……89,384
- Líon na n-idirbheart mótarchánach a ndéileáladh leo tríd an bpost ……..…16,841
- Líon na n-idirbheart mótarchánach a ndéileáladh leo ar bhealaí eile (m.sh. ar líne, ar an nguthán) ……138,209
- Céatadán na n-idirbheart mótarchánach a ndéileáladh leo thar an gcuntar ……..…36.57
- Céatadán na n-idirbheart mótarchánach a ndéileáladh leo tríd an bpost ……6.89
- Céatadán na n-idirbheart mótarchánach a ndéileáladh leo ar bhealaí eile (m.sh. ar líne, ar an nguthán) ……56.54

Am próiseála ar iarratais ar mhótarcháin tríd an bpost

- Líon na n-iarratas tríd an bpost a próiseáladh (i.e. eisíodh diosca) an lá céanna a bhfuarthas an t-iarratas ……..8,177
- Líon na n-iarratas tríd an bpost a próiseáladh (i.e. eisíodh diosca) dhá lá nó trí lá tar éis an t-iarratas a fháil ……..4,307

- Líon na n-iarratas tríd an bpost a próiseáladh (i.e. eisíodh diosca) ceithre nó cúig lá tar éis an t-iarratas a fháil ……1,134
- Líon na n-iarratas tríd an bpost a próiseáladh (i.e. eisíodh diosca) breis agus cúig lá tar éis an t-iarratas a fháil ……..3,223
- Céatadán na n-iarratas iomlán tríd an bpost a próiseáladh (i.e. eisíodh diosca) an lá céanna a bhfuarthas an t-iarratas ……..48.55
- Céatadán na n-iarratas iomlán tríd an bpost a próiseáladh (i.e. eisíodh diosca) dhá lá nó trí lá tar éis an t-iarratas a fháil ……..25.57
- Céatadán na n-iarratas iomlán tríd an bpost a próiseáladh (i.e. eisíodh diosca) ceithre nó cúig lá tar éis an t-iarratas a fháil ……..6.73
- Céatadán na n-iarratas iomlán tríd an bpost a próiseáladh (i.e. eisíodh diosca) breis agus cúig lá tar éis an t-iarratas a fháil ……..19.14

Am próiseála ar iarratais ar cheadúnas tiomána

- Líon na n-iarratas ar cheadúnas tiomána a próiseáladh an lá céanna a bhfuarthas an t-iarratas ……702
- Líon na n-iarratas ar cheadúnas tiomána a próiseáladh dhá lá nó trí lá tar éis an t-iarratas a fháil ……..2,703
- Líon na n-iarratas ar cheadúnas tiomána a próiseáladh ceithre nó cúig lá tar éis an t-iarratas a fháil ……2,129
- Líon na n-iarratas ar cheadúnas tiomána a próiseáladh breis agus cúig lá tar éis an t-iarratas a fháil ……..21,003
- Céatadán na n-iarratas iomlán ar cheadúnas tiomána a próiseáladh an lá céanna a bhfuarthas an t-iarratas ……..2.65
- Céatadán na n-iarratas iomlán ar cheadúnas tiomána a próiseáladh dhá lá nó trí lá tar éis an t-iarratas a fháil ……10.19
- Céatadán na n-iarratas iomlán ar cheadúnas tiomána a próiseáladh ceithre nó cúig lá tar éis an t-iarratas a fháil ……8.02
- Céatadán na n-iarratas iomlán ar cheadúnas tiomána a próiseáladh breis agus cúig lá tar éis an t-iarratas a fháil ……..79.15

Uaireanta oscailte poiblí

- An meánlíon uaireanta oscailte in aghaidh na seachtaine ……28.4

SEIRBHÍSÍ ÁINEASA

Clóis Súgartha

- Líon na gclós súgartha in aghaidh gach 1,000 duine den daonra arbh é an t-údarás áitiúil féin a chuir ar fáil ……0.07
- Líon na gclós súgartha in aghaidh gach 1,000 duine den daonra a d'éascaigh an t-údarás áitiúil ……0
- Líon na gclós súgartha arbh é an t-údarás áitiúil féin a chuir ar fáil ……15
- Líon na gclós súgartha a d'éascaigh an t-údarás áitiúil ……1

Áiseanna Fóillíochta arna nÉascú ag Údarás Áitiúil

- An líon cuairteoirí ar áiseanna fóillíochta arna n-éascú ag údarás áitiúil in aghaidh gach 1,000 duine den daonra ……5,209.07
- An líon cuairteoirí ar áiseanna fóillíochta arna n-éascú ag údarás áitiúil ……1,095,530

BÓITHRE

An Clár Athchóirithe Bóithre

- An líon ciliméadar de bhóithre áitiúla agus réigiúnacha a feabhsaíodh agus a ndearnadh cothabháil orthu faoin gClár Athchóirithe Bóithre in aghaidh na bliana ……94.49
- An líon ciliméadar de bhóithre áitiúla agus réigiúnacha a tógadh faoin scéim deontais d'fheabhsuithe faoi leith in aghaidh na bliana ……3.255

PLEANÁIL

Iarratais pleanála – cinnteoireacht

	Teach Aonair	Forbairt Nua Tithíochta	Cásanna eile nár ghá MTC ina leith	Cásanna eile ar ghá MTC ina leith
Líon na n-iarratas a ndearnadh cinneadh ina leith	230	7	549	8
Líon na n-iarratas a ndearnadh cinneadh ina leith taobh istigh de 8 seachtaine	129	6	286	4
Líon na n-iarratas dá raibh gá le breis eolais chun cinneadh a dhéanamh ina leith	101	1	263	4
Líon na gcinntí inar aontaigh an t-iarratasóir le síneadh ama faoi Alt 34(9) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000	0	0	1	0
An mheántréimhse ama (i laethanta) a tógadh chun cinneadh a dhéanamh i leith iarratais dár lorgaíodh breis eolais	77	82	100	89
An líon iarratas a deonaíodh	143	7	427	7
% de chásanna a deonaíodh	62.17	100	77.78	87.50
% de chásanna dar diúltaíodh	37.83	0	22.22	12.50
An líon iarratas dar diúltaíodh	87	0	122	1
% de chásanna inar dhearbhaigh an Bord Pleanála an cinneadh, bíodh athruithe ann nó as	77.78	0	72.92	100
% de chásanna ina ndearna an Bord Pleanála cinneadh a fhreaschur	22.22	0	27.08	0

Forfheidhmiúchán Pleanála

- Líon iomlán na gcásanna faoi réir gearáin a ndearnadh imscrúdú orthu …….253
- Líon iomlán na gcásanna faoi réir gearáin a díbheadh ……..163
- Líon iomlán na gcásanna faoi réir gearáin a réitíodh trí idirbheartaíocht …….101
- Líon na mbeart forfheidhmiúcháin a rinneadh trí rabhadh a thabhairt i litir ……..…138
- Líon na mbeart forfheidhmiúcháin a rinneadh trí fhógraí forfheidhmiúcháin ……..…68
- Líon na n-ionchúiseamh …….14

Uaireanta oscailte poiblí na hOifige Pleanála

- An meánlíon uaireanta oscailte in aghaidh na seachtaine ……36.2

Comhairliúchán Réamhphleanála

- Líon na gcruinnithe comhairliúcháin réamhphleanála a tionóladh…….193
- An mheántréimhse ama (i laethanta) ón dáta ar iarradh cruinniú comhairliúcháin leis an údarás áitiúil go dtí an dáta ar tionóladh cruinniú comhairliúcháin réamhphleanála go foirmiúil ……..…12

Foirgnimh nua a ndearnadh cigireacht orthu

- Líon na bhfoirgneamh a ndearnadh cigireacht orthu mar chéatadán de na foirgnimh nua ar fad a cuireadh in iúl don údarás áitiúil ……17.27
- Líon iomlán na bhfoirgneamh nua a cuireadh in iúl don údarás áitiúil …….. 278
- Líon na bhfoirgneamh nua a cuireadh in iúl don údarás áitiúil agus a ndearnadh cigireacht orthu ……..…48

Eastáit a Thógáil i gCúram

- Líon na n-eastát cónaithe a bhfuil an cead pleanála ina leith imithe i léig, agus a raibh iarratais fhoirmiúla i scríbhinn (ón lucht cónaithe nó ó fhorbróirí) idir lámha ag tús na bliana maidir lena dtógáil i gcúram (Colún A) ……28
- Líon na n-eastát a tógadh i gcúram i rith na bliana faoi chaibidil (Colún B) ……..……..…17
- Líon na n-áras cónaithe i ndáil le colún B (Colún C) ……..……....1,146
- Céatadán na n-eastát i gcolún A nár críochnaíodh chun sástacht an údaráis pleanála de réir an cheada pleanála (Colún D) ……..……..…10
- Líon na n-eastát i gcolún D a ndearnadh beart forfheidhmiúcháin ina leith i rith na bliana faoi chaibidil agus/nó dar glaodh isteach an banna ……1
- Líon na n-eastát i gcolún D a ndearna an t-údarás oibreacha iontu chun iad a fheabhsú go caighdeán ag an bhféadfaí iad a thógáil i gcúram ……0
- Líon na n-eastát i gcolún A nár críochnaíodh chun sástacht an údaráis pleanála de réir an cheada pleanála ……..……..2.8

BAILIÚ IONCAIM

Cíos Tí

- An méid a bailíodh ag deireadh na bliana mar chéatadán den mhéid atá dlite as cíos…...83.26
- Céatadán na riaráistí ar chíos tí nach sine ná 4 seachtaine iad ……..……3.10
- Céatadán na riaráistí ar chíos tí atá ann le 4-6 seachtaine ……..…3.34
- Céatadán na riaráistí ar chíos tí atá ann le 6-12 seachtaine ……..……..5.82
- Céatadán na riaráistí ar chíos tí atá ann le breis agus 12 sheachtain ……...87.74
- An méid atá dlite ag deireadh na bliana as cíos tí …….…. €10,233,902
- An méid a bailíodh ag deireadh na bliana as cíos tí ……..……..…€8,520,515
- An méid riaráistí ag deireadh na bliana ar chíos tí ……..…€1,713,387

- An méid riaráistí ar chíos tí nach sine ná 4 seachtaine iad ……..€53,113
- An méid riaráistí ar chíos tí atá ann le 4 -6 seachtaine ……....€57,206
- An méid riaráistí ar chíos tí atá ann le 6 -12 seachtaine ……....€99,802
- An méid riaráistí ar chíos tí atá ann le breis agus 12 sheachtaine ……..……..€1,503,269

Iasachtaí Tithíochta

- An méid a bailíodh ag deireadh na bliana mar chéatadán den mhéid atá dlite as iasachtaí tithíochta ……..……...49.17
- Céatadán na riaráistí ar iasachtaí tí nach sine iad ná 1 mhí amháin ……..…0.55
- Céatadán na riaráistí ar iasachtaí tí atá ann le 1-2 mhí ……..……0.97
- Céatadán na riaráistí ar iasachtaí tí atá ann le 2-3 mhí ……..…0.54
- Céatadán na riaráistí ar iasachtaí tí atá ann le breis agus 3 mhí …….97.94
- An méid atá dlite ag deireadh na bliana as iasachtaí tí ……..…€6,374,503
- An méid a bailíodh ag deireadh na bliana as iasachtaí tí ……..…€3,134,362
- An méid riaráistí ag deireadh na bliana as iasachtaí tí ……..…€3,240,141
- An méid riaráistí ar iasachtaí tí nach sine iad ná 1 mhí amháin …….€17,804
- An méid riaráistí ar iasachtaí tí atá ann le 1-2 mhí …….€31,360
- An méid riaráistí ar iasachtaí tí atá ann le 2-3 mhí …….€17,632
- An méid riaráistí ar iasachtaí tí atá ann le breis agus 3 mhí ……..…€3,173,345

Rátaí Tráchtála

- An méid a bailíodh ag deireadh na bliana mar chéatadán den mhéid a bhí dlite as rátaí tráchtála ……72.94

Táillí Bruscair

- Céatadán na dteaghlach a bhí ag íoc táillí bruscair (cásanna díolúine san áireamh) ag deireadh na bliana ……70.77

Táillí Uisce Tráchtála

- An méid a bailíodh ag deireadh na bliana mar chéatadán den mhéid a bhí dlite as táillí uisce tráchtála ……51.96

Plean Corparáideach 2009-2014

Tuairisc ar Dhul Chun Cinn 2012

Cuspóir 1: Tacaíocht a thabhairt don daonlathas áitiúil agus é a fheabhsú			
Roinn	**Fochatagóir an Phlean Chorparáidigh**	**Cuspóir an Phlean Gnó**	**Dul Chun Cinn**
Pobal agus Fiontar	1.2 Oiliúint a chur ar fáil agus acmhainní an phobail a fhorbairt le go nglacfaidh siad páirt ina bpobal féin mar shaoránaigh ghníomhacha	• Pobail a chothú atá láidir, cuimsitheach, inbhuanaithe.	• Bronnadh breis agus €300,000 in 2012 ar ghrúpaí mar thacaíocht lena n-iarrachtaí pobail láidre chuimsitheacha a chothú.
	1.8 Aird a dhíriú i gcónaí ar an gcuimsiú sóisialta mar rud a thabharfaidh dúshlán na bochtaineachta agus an mhíbhuntáiste.	• Comhdheiseanna a thabhairt dóibh siúd atá ar imeall an phobail.	• Is tionscnamh de chuid Chomhairle Contae Chill Dara é K Partners a fhéachann leis an gcomhobair idir tionscadail de chuid an Bhoird Forbartha Contae a éascú. Freagraíonn K Partners ar riachtanais an phobail agus cuireann siad cur chuige éifeachtach réamhghníomhach le chéile chun dul i ngleic leo.
	1.9 Ról na comhairle i gceannaireacht an phobail a fhorbairt tríd an mBord Forbartha Contae agus tríd an bhfóram pobail agus deonach.	• Tacaíocht a thabhairt do chur i bhfeidhm Straitéis an Bhoird Forbartha Contae agus é a chomhordú.	• Tá Clár Seirbhísí Comhtháite (CSC) Chill Dara agus Chill Choca idirthréimhseach faoi láthair. Oibríonn an CSC trí bheith ag aithint na mbealaí nach bhfuiltear ag freastal ar riachtanais áitiúla, ag coimisiúnú tionscadal atá indéanta, ag déanamh staidéar scóipe ar na riachtanais agus ag obair as láimh le gníomhaireachtaí eile chun spriocanna an tionscadail a bhaint amach.

Pobal & Fiontar (Seirbhísí Fóillíochta)	1.7 Bheith ag obair as láimh i gcónaí le cumainn cónaitheoirí/pobail atá ann cheana agus ag tacú le forbairt chumainn nua cónaitheoirí i gceantair uirbeacha.	• Tacaíocht a thabhairt do phobail maidir le hoibreacha taitneamhachta agus tírdhreacha.	• Cúnamh teicniúil agus airgid a chur ar fáil do Choistí Bailte Slachtmhara éagsúla, lenar áiríodh in 2012 Léim an Bhradáin, Cill Dara, An Chill, Droichead Nua, An Nás, An Fhorrach Mhór, An Urnaí, Mainistir Eimhín agus Díseart Diarmada. • Clár bliantúil chun cothabháil a dhéanamh ar fhaichí féir, crainn a phrúnáil, a bhaint agus a chur, agus bleibeanna a chur, mar a rinneadh in 2012.
Seirbhísí Corparáideacha	1.4 Feabhas a chur ar chruinneas chlár na dtoghthóirí agus ar rannpháirtíocht sa phróiseas toghcháin trí bheith ag fiosrú teicneolaíochtaí úra agus clár eolais saindírithe don phobal.	• Feabhas a chur ar chlár na dtoghthóirí trí eolas agus ábhar bolscaireachta faoin bpróiseas clárúcháin a dhíriú ar spriocghrúpaí faoi leith.	• Rinneadh imscrúdú ar gach cárta vótála a tuairiscíodh sna Reifrinn ar Chomhshocrú Fioscach agus ar Chearta Leanaí 2012 agus déileáladh leis na hiarratais leantacha uile a bhain leis an dá lá toghcháin sin. • Cuireadh feachtais eolais agus bolscaireachta i gcrích chomh maith le feachtas feasachta ó theach go teach a rinne baill foirne na Seirbhísí Corparáideacha i samhradh 2012.
	1.6 Cinnte a dhéanamh de go dtugtar eolas do chomhairleoirí contae agus baile agus go gcuirtear comhairle agus oiliúint orthu go tráthúil le go bhfeidhmeoidh siad mar ionadaithe pobail.	• Cinnte a dhéanamh de go mbíonn cláir oibre agus an cháipéisíocht a thacaíonn leo á n-eisiúint go tráthúil le haghaidh cruinnithe comhairle agus coiste.	• Forbairt leanúnach a dhéanamh ar MembersNet le go mbeidh comhaltaí in ann teacht ar fhaisnéis go tráthúil. • Bheith ag féachaint i gcónaí le cáipéisíocht leictreonach a chur in ionad na leaganacha páipéir le haghaidh cruinnithe comhairle agus coiste.

An Comhshaol	1.5 Athbhreithniú a dhéanamh ar ról na gCoistí um Beartais Straitéiseacha agus é a fheabhsú		• Rinneadh tuilleadh dul chun cinn trí phlé agus cinnteoireacht ag leibhéal na hardbhainistíochta chun saincheisteanna a bhaineann le bainistíocht dramhaíola a mheas
	1.7 Bheith ag obair as láimh i gcónaí le cumainn cónaitheoirí/pobail atá ann cheana agus ag tacú le forbairt chumainn nua cónaitheoirí i gceantair uirbeacha.		• Deontais do chumainn cónaitheoirí agus deontais reilige a bhronnadh i gcónaí. • Breis teagmhála a dhéanamh le grúpaí cónaitheoirí tríd an Oifigeach Feasachta Comhshaoil agus na Maoir Bruscair, agus cúnamh a bheith á thabhairt i gcónaí ag foirne glantacháin comhshaoil.
Tithíocht	1.6 Cinnte a dhéanamh de go dtugtar eolas do chomhairleoirí contae agus baile agus go gcuirtear comhairle agus oiliúint orthu go tráthúil le go bhfeidhmeoidh siad mar ionadaithe pobail.		• Teagmháil fhoirmiúil a dhéanamh le comhaltaí tofa tríd an gCoiste um Beartais Straitéiseacha, na coistí áitiúla, an Coiste Comhairliúcháin Áitiúil um Chóiríocht do Thaistealaithe agus an Fóram Réigiúnach um Easpa Dídine. • Téann comhaltaí i gcomhairle le foireann na Roinne Tithíochta go rialta agus go neamhfhoirmiúil faoi shaincheisteanna is cúram do dhaoine ina ndáilcheantair.
Teicneolaíocht Faisnéise	1.6 Cinnte a dhéanamh de go dtugtar eolas do chomhairleoirí contae agus baile agus go gcuirtear comhairle agus oiliúint orthu go tráthúil le go bhfeidhmeoidh siad mar ionadaithe pobail.	• Seirbhís leanúnach í seo a thugann baill na foirne TF,	• Rinneadh áis eislín a fhorbairt, a thriail ar bhonn píolótach agus a chur i bhfeidhm go céimneach le go bhféadfadh comhairleoirí cruinnithe comhairle a reáchtáil go leictreonach. Tugadh dóibh freisin na crua-earraí, bogearraí agus tacaíocht ba ghá chun ríomhoibríochtaí den chineál sin a éascú.

Seirbhísí Leabharlainne agus Ealaíon	1.11 Deis a thabhairt do mhuintir uile an chontae teacht ar áiseanna leabharlainne agus gabháil i mbun ealaíon.	• Teacht an phobail ar fhaisnéis, ar oideachas agus ar dheiseanna cultúrtha a chur chun cinn agus a éascú agus tacaíocht a thabhairt dó sin faoin tSeirbhís Leabharlainne agus Ealaíon. • An úsáid is mó is féidir a bhaint as córais faisnéis bhainistíochta na leabharlainne chun feabhas a chur ar sheirbhísí fior-ama agus ríomhsheirbhísí do chustaiméirí.	• Leathnú ríomhsheirbhísí - ar fáil 24/7: Ríomhirisí, ríomhfhoghlaim ar líne (500+ cúrsa) agus an aip 'Libanywhere' ar fhóin chliste. • Leathnú na feinseirbhíse leabharlainne chuig Mainistir Eimhín agus i gCill Choca • Clár comhpháirtíochta oideachais ar leith le hOllscoil na hÉireann, Má Nuad agus le Comhpháirtíocht LEADER Chontae Chill Dara. • Breis agus 1,000 cuairt ag ranganna in 2012 • Bhain breis agus 700,000 duine úsáid as • ár seirbhísí leabharlainne • Breis agus 725,000 leabhar agus míreanna eile • Bunaíodh foireann Chlár Contae chun clár contae agus náisiúnta ina raibh breis agus 5,350 imeacht in 2012 a chomhordú. • D'éirigh arís le Féile Léitheoirí Chill Dara inar ghlac 1,200 duine páirt [athraíodh í go deireadh seachtaine saoire bainc Dheireadh Fómhair]. • Forbairt shuntasach ar an gcomhoibriú idir gníomhaireachtaí ar chúrsaí ealaíon, go háirithe i réimse na nEalaíon agus Sláinte/Folláine. Clár comhpháirtíochta nua le Campa Droinge Barretstown • Comhoibriú nua leis an Roinn Ceoil in OÉ Má Nuad • Clár fairsing sna hEalaíona don Óige, na hEalaíona san Oideachas agus an Cuimsiú Sóisialta.

			• D'fhreastail 4,000 duine ar 55 imeacht mar chuid d'Oíche Chultúir Chill Dara in 2012. • Tugadh breis agus €47,350 do 39 ealaíontóir/grúpa in 2012 a bhuí leis na deontais bhliantúla faoin Acht Ealaíon agus na Scéimeanna Gradam. • Rinne mac léinn tíreolaíochta in Ollscoil na hÉireann, Má Nuad, anailís ar an gclár 'If I had an artist for a day...' Ghlac breis agus 7,700 leanbh i 48 bunscoil páirt sa chlár ealaíon agus oideachais thar thréimhse 3 bliana.

Bóithre, Iompar agus Sábháilteacht Phoiblí	1.3 Comhairliúchán agus cumarsáid a chur chun cinn trí chomhpháirtíocht le fostaithe agus saoránaigh.		• Tá an Stiúrthóireacht um Bóithre, Iompar agus Sábháilteacht Phoiblí tar éis struchtúr oifigí an cheantair a choimeád mar atá le cinntiú go mbeidh teacht ar sheirbhísí na comhairle ar fud an chontae agus go mbeidh faisnéis imleor ábhartha ar fáil i ngach aon oifig. • Tá an Stiúrthóireacht um Bóithre, Iompar agus Sábháilteacht Phoiblí tar éis dul i mbun comhairliúcháin phoiblí, idir reachtúil agus neamhreachtúil, ag céim pleanála gach tionscadail ábhartha.
	1.6 Cinnte a dhéanamh de go dtugtar eolas do chomhairleoirí contae agus baile agus go gcuirtear comhairle agus oiliúint orthu go tráthúil le go bhfeidhmeoidh siad mar ionadaithe pobail.		• Chinntigh an Stiúrthóireacht go dtugtar eolas tráthúil do na comhairleoirí contae agus baile.
	1.13 Leanúint orainn ag dul i mbun nósanna imeachta comhairliúcháin oscailte chun ionadaíocht leathan a chinntiú le haghaidh oibreacha pleanáilte.		• Tá an Stiúrthóireacht tar éis dul i mbun nósanna imeachta comhairliúcháin oscailte chun ionadaíocht leathan a chinntiú le haghaidh oibreacha pleanáilte.
Seirbhísí Uisce	1.6 Cinnte a dhéanamh de go dtugtar eolas do chomhairleoirí contae agus baile agus go gcuirtear comhairle agus oiliúint orthu go tráthúil le go bhfeidhmeoidh siad mar ionadaithe pobail.	• Fónamh a dhéanamh do chruinnithe agus do cheisteanna ag comhaltaí. • Monatóireacht agus tuairisciú ar chúrsaí airgeadais. • Teagmháil idir-rannach. • Comhordú seirbhíse do chustaiméirí. • Bainistíocht riosca. • Oiliúint foirne.	• Rinneadh fónamh do na cruinnithe uile a bhí ag an gCoiste um Beartais Straitéiseacha, ag Coistí Áitiúla agus ag an gComhairle trí thuairiscí teicniúla, tograí beartais agus freagraí ar cheisteanna na gcomhaltaí a thabhairt. • Bhíothas i mbun comhoibrithe agus teagmhála le ranna eile de réir mar ba ghá. • Ullmhaíodh tuairiscí agus tograí buiséid le haghaidh chruinnithe na Comhairle

Cuspóir 2: Fostaíocht agus fás geilleagrach atá inbhuanaithe a éascú agus a spreagadh			
Roinn	**Fochatagóir an Phlean Chorparáidigh**	**Cuspóir an Phlean Gnó**	**Dul Chun Cinn**
Pobal & Fiontar	2.1 Dícheall a dhéanamh chun an tionchar a imríonn ár ngníomhaíochtaí uile ar an gcomhshaol a laghdú trí fhuinneamh a chaomhnú agus astuithe carbóin a laghdú.		• Beartas leanúnach a laghdaíonn ar an méid páipéir a úsáidtear i riarachán ár seirbhísí agus a chruthaíonn éifeachtúlachtaí tríd a bheith ag méadú ar an úsáid a bhaintear as na suíomhanna gréasáin atá againn – m.sh. Suíomh Gréasáin Comhphóilíneachta.
	2.3 Deiseanna fostaíochta inbhuanaithe a chruthú chomh maith le limistéir chónaithe ar ardchaighdeán.	• Tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt gheilleagrach fhochoistí an Bhoird Forbartha Contae agus í a chomhordú.	• Tá Straitéis Eachaí á forbairt go leanúnach don bhliain 2012.
	2.5 Cinnte a dhéanamh de go gcosnófar agus go gcaomhnófar oidhreacht nádúrtha agus ailtireachta Chill Dara agus go ndéanfar cothabháil den chaighdeán is airde uirthi	•	• Íocadh breis agus €34,000 le grúpaí chun tionscadail oidhreachta pobail a fhorbairt i gCo. Chill Dara.
Pobal & Fiontar (Seirbhísí Fóillíochta)	2.5 Cinnte a dhéanamh de go gcosnófar agus go gcaomhnófar oidhreacht nádúrtha agus ailtireachta Chill Dara agus go ndéanfar cothabháil den chaighdeán is airde uirthi.	• Cúnamh a thabhairt chun cothabháil a dhéanamh ar an mbithéagsúlacht agus ar an oidhreacht atá sa chontae cheana agus chun feabhas a chur orthu.	• Críochnaíodh an obair ar chaomhnú Spá Léim an Bhradáin.

An Comhshaol	2.2 An Plean Bainistíochta Dramhaíola a chur i bhfeidhm agus beartais a fhorbairt chun an méid athchúrsála a dhéantar a mhéadú.		• Leanadh de bheith ag cur i bhfeidhm beartais bhainistíochta dramhaíola. • Rinneadh measúnú ar Phlean Bainistíochta Dramhaíola Chomhairle Contae Chill Dara. • Méadaíodh arís ar líon na scoileanna glasa agus na mbanc 'fág anseo' i gcomhthéacs an phlean bainistíochta dramhaíola. • D'éirigh linn an conradh bailithe bruscair a aistriú chuig conraitheoir príobháideach. • Tugadh tuilleadh cúnamh airgeadais chun na boscaí bruscair a urraíodh cheana féin a chur ar fáil. • Rinneadh bainistíocht na n-áiseanna athchúrsála i gCnoc Saileata agus i mBaile Átha Í a sheachfhoinsiú ar conradh 5 bliana. • Tá scrúdú á dhéanamh ar an bhféidearthacht go gcuirfí áiseanna athchúrsála ar fáil i gCill Droichid.
	2.13 Feabhas leanúnach a chur ar cháilíocht an uisce in aibhneacha agus i srutháin agus pleananna bainistíochta abhantraí a chur i bhfeidhm.		• Cur i bhfeidhm leanúnach na bPleananna Bainistíochta Abhantraí agus an clár beart. • Oibriú leanúnach an chlár samplála, tástála agus monatóireachta ar uisce. • Socruithe arna gcur i bhfeidhm anois maidir le clárúchán umar seipteach.
Tithíocht	2.3 Deiseanna fostaíochta inbhuanaithe a chruthú chomh maith le limistéir chónaithe ar ardchaighdeán.		• Tacaíocht a thabhairt go ghnólachtaí beaga trí dheontais tithíochta a thabhairt agus obair dheisiúcháin/éifeachtúlachta fuinnimh a dhéanamh ar thithe folmha, obair ar fiú thart ar €2 mhilliún í. • Éascaíodh iasachtaí le haghaidh árais chónaithe phríobháideacha de réir scéimeanna faofa.

Teicneolaíocht Faisnéise	2.1 Dícheall a dhéanamh an tionchar a imríonn ár ngníomhaíochtaí uile ar an gcomhshaol a laghdú trí fhuinneamh a chaomhnú agus astuithe carbóin a laghdú.	• Cuireadh bogearraí i bhfeidhm go céimneach ar fud na heagraíochta a bhainistíonn ídiú fuinnimh na ríomhairí deisce, i.e. múchtar na meaisíní agus na monatóirí nuair nach mbíonn siad in úsáid, go háirithe istoíche.	• Leis na bogearraí fíorúlaithe is déanaí, bhí an Roinn TFC in ann a lorg carbóin a laghdú go mór trí bheith ag laghdú ar na freastalaithe agus ag múchadh cuid de na haonaid aerchóiriúcháin sa seomra freastalaithe.
Pleanáil	2.3 Deiseanna fostaíochta inbhuanaithe a chruthú chomh maith le limistéir chónaithe ar ardchaighdeán.	• Bheith ag tacú le fostaíocht agus forbairt gheilleagrach atá inbhuanaithe	• Cuireadh dreasachtaí ar fáil faoin Scéim do Ranníocaíocht Forbartha chun (a) cabhrú le hathchóiriú struchtúr atá faoi chosaint, (b) spás atá ann cheana nó spás beartaithe a chur chun cinn le haghaidh forbairt áiteanna cónaithe in ionad spás siopaí/miondíola, (c) díolúintí a thabhairt d'fhiontair a fhaigheann cabhair deontais ón mBord Fiontar Contae, ó LEADER, srl., agus (d) tacaíocht a thabhairt d'fhorbairtí talmhaíochta. • Nascadh leanúnach le coláistí tríú leibhéal ionas go gcuirfear Cill Dara chun cinn mar cheantar den chéad scoth le haghaidh infheistíochta. Tá OÉ Má Nuad, go háirithe, i mbun teagmháil go réamhghníomhach anois le roinnt fochoistí de chuid an Bhoird Forbartha Contae chun deiseanna a fhiosrú. • Bronnadh 4 scoláireacht ar mhic léinn san eolaíocht in 2012 faoin tionscadal Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht agus Matamaitic (STEM) agus tugadh tacaíocht leanúnach do bheirt scoláirí ó bhabhta na bliana 2011.

			• Bíonn an rannóg seo ag obair freisin le Fáilte Éireann agus le páirtithe leasmhara in earnáil na tionsclaíochta chun tionscadal turasóireachta a fhorbairt ina mbeidh Cill Dara/Cill Mhantáin an ceann scríbe, tionscadal a sheol Bord Fáilte i gcomhar le Fáilte Chill Dara agus Fáilte Chill Mhantáin. • Feidhmíonn an Rannóg Forbartha Geilleagraí mar lárphointe teagmhála i dtaobh gach iarratas pleanála a d'fhéadfadh fostaíocht a chruthú agus tugann an rannóg cúnamh d'fhonn cruinnithe réamhphleanála le rannóga seirbhíse uile na comhairle a éascú. Tugtar cabhair freisin don rannóg pleanála chun measúnú a dhéanamh ar riachtanais chriosúcháin do phleananna forbartha baile agus contae, bunaithe ar réamh-mheastacháin RPG ar an daonra, srl.
	2.5 Cinnte a dhéanamh de go gcosnófar agus go gcaomhnófar oidhreacht nádúrtha agus ailtireachta Chill Dara agus go ndéanfar cothabháil den chaighdeán is airde uirthi.	• An oidhreacht nádúrtha, chultúrtha agus thógtha a chosaint agus tacaíocht a thabhairt léi	Cur i bhfeidhm ghníomhartha Phlean Oidhreachta an Chontae trí na bearta seo a leanas: • Leanadh de bheith ag cur i bhfeidhm ghníomhartha an Phlean Oidhreachta. • Tosaíodh ar an bPlean nua Oidhreachta a ullmhú. • Rinneadh suirbhé ar bhogaigh i gCo. Chill Dara. • Ullmhaíodh Plean Léiriúcháin agus Bainistíochta Caomhantais do bhallaí baile Dhíseart Diarmada.

			• Ullmhaíodh an dréachtráiteas faoin Limistéar Caomhnaithe Ailtireachta do Bhaile Chill Dara. • Cuireadh “Save our Stories” i bhfeidhm – tionscadal faoin taifeadadh cainte ó bhéal i gcomhar le Comhpháirtíocht LEADER Chontae Chill Dara. • Reáchtáladh breis agus 50 imeacht i gContae Chill Dara le linn Sheachtain na hOidhreachta 2012. • Íocadh breis agus €34,000 (23 tionscadal) le grúpaí chun tionscadail oidhreachta pobail a fhorbairt i gCo. Chill Dara. • Eagraíodh oiliúint i Measúnú Cuí (Treoir maidir le Gnáthóga) do bhaill foirne. • Tugadh faoi chlár leanúnach cothabhála ar chosáin Bhaile na Faiche le tacaíocht Thír na Móna.
Bóithre, Iompar agus Sábháilteacht Phoiblí	2.9 Tuilleadh oibre a dhéanamh chun cabhlach iompair na comhairle a athrú sa chaoi go mbainfidh sé úsáid as breoslaí fuinnimh in-athnuaite agus inbhuanaithe, de réir mar is féidir leis an maoiniú a bhíonn ar fáil.		• Lean an Stiúrthóireacht orthu ag athrú cabhlach iompair na comhairle sa chaoi go mbainfeadh sé úsáid as breoslaí fuinnimh in-athnuaite agus inbhuanaithe, de réir mar ab fhéidir leis an maoiniú a bhí ar fáil.

Seirbhísí Uisce	2.6 Tuilleadh seirbhísí uisce agus fuíolluisce a chur isteach agus a fheabhsú dá réir	• An líonra soláthair uisce a oibriú agus cothabháil a dhéanamh air le go bhfreastalófar ar an éileamh agus go soláthrófar uisce den chaighdeán is airde	• Rinneadh tuilleadh forbartha ar bhonneagar/líonra cóireála an tsoláthair uisce agus fuíolluisce tríd an gClár Infheistíochta Caipitil do Sheirbhísí Uisce agus tríd an gClár um Scéimeanna Beaga. • Bhíothas i mbun tógála faoi na conarthaí seo a leanas in 2012: - Ionad Cóireála Fuíolluisce Bhaile Chill Dara - Ionad Cóireála Uisce Shruthláin • Rannpháirtíocht leanúnach sa Ghrúpa Stiúrtha um Sholáthair Uisce Réigiúnach Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath chun soláthair agus dáileadh uisce sa réigiún a chomhordú. • Ionchur i bpróiseas an Phlean Forbartha.
	2.14 Cinnte a dhéanamh de gur leor an soláthair uisce óil chun freastal ar an éileamh agus gur leor an cumas cóireála fuíolluisce chun freastal ar riachtanais Chontae Chill Dara.	• Líonra agus córais cóireála fuíolluisce a oibriú agus cothabháil a dhéanamh orthu chun forbairt a éascú agus an comhshaol a chosaint de réir na Treorach um Chóireáil Fuíolluisce Uirbigh agus na Creat-treorach Uisce	• Oibríodh an líonra soláthair uisce agus rinneadh cothabháil air d'fhonn a chinntiú go rabhthas i gcomhlíonadh iomlán le caighdeáin cháilíochta uisce.

Cuspóir 3: Bonneagar fisiciúil agus sóisialta Chontae Chill Dara a fhorbairt agus a mhéadú			
Roinn	**Fochatagóir an Phlean Chorparáidigh**	**Cuspóir an Phlean Gnó**	**Dul Chun Cinn**
Pobal & Fiontar	3.8 Pobail inbhuanaithe a fhorbairt trí thacaíocht chuí ón bpobal a chur ar fáil	• Pobail a chothú atá láidir, cuimsitheach, inbhuanaithe.	• Obair agus pleanáil leanúnach don Chlár Seirbhísí Comhtháite i gCill Dara. • Riarachán na scéimeanna deontais pobail, féile, áiseanna agus oidhreachta pobail • Tuilleadh comhthionscadail a forbraíodh le Fóram Pobail agus Deonach Chill Dara. • Forbairt leanúnach ar an tionscnamh a thacaíonn le daoine breacaosta i gContae Chill Dara. • Roinnt tionscadal comhtháite a rinneadh trí K Partners, m.sh. Ráth Iomgháin.
Pobal & Fiontar (Seirbhísí Fóillíochta)	3.12 Tacaíocht a thabhairt chun áiseanna áitiúla spóirt, fóillíochta, áineasa agus ealaíon a fhorbairt agus a fheabhsú.	• Áiseanna fóillíochta agus áineasa a chur ar fáil sa chontae, cothabháil a dhéanamh orthu agus iad a fheabhsú.	• Cothabháil leanúnach ar 11 chlós súgartha atá sa chontae cheana. • Tógadh clós súgartha san Urnaí agus tosaíodh ar chlós súgartha a chur ar fáil i Ráth Iomgháin. • Cuibhrinn a chur ar fáil sa Scioból Iontach. • Cuireadh tús le forbairt pháirceanna imeartha i Loch na Móna, Léim an Bhradáin • Oibreacha feabhsúcháin ag Páirc William Rowantree, Léim an Bhradáin • Tírdhreachú i Sráidbhaile na hUrnaí • Rinneadh timpeallán i mBaile Átha Í a thírdhreachú • Lá súgartha in Áras Chill Dara chun an Lá Náisiúnta Súgartha a cheiliúradh

			• Tacaíocht d'Amharclann Bhruach na hAbhann le haghaidh imeachtaí a reáchtáladh in Ionad Leanaí an fhoirgnimh.
An Comhshaol	3.6 Cinnte a dhéanamh de go bhfuil bonneagar ann cheana nó pleanáilte chun freastal ar fhorbairtí nua.		• Monatóireacht agus bainistíocht a dhéanamh ar reiligí atá ann cheana agus tailte nua a shainaithint/a fhorbairt chun freastal ar riachtanais amach anseo. • Rinneadh dul chun cinn ó thaobh tailte a fháil agus reiligí nua a thógáil i gCill Droichid, i Maoin agus i mBaile an Stáibléaraigh. Tá scrúdú á dhéanamh ar thailte breise i nDroichead Nua, i nDoire an tSoirn agus i gCill Daingin.
Tithíocht	3.9 Bearta cuí tithíochta a mheas agus a dhéanamh chun freastal ar riachtanais tithíochta sa chontae.		• Feabhas a chur ar an stoc tithíochta trí oibreacha éifeachtúlachta fuinnimh, mar shampla, agus trí bhearta a bhaineann le caighdeáin tithíochta ar cíos san earnáil phríobháideach.
Teicneolaíocht Faisnéise	3.5 Teacht níos fearr ar fhaisnéis faoi na seirbhísí a thugann an Chomhairle a chur ar fáil tríd an suíomh gréasáin 'Kildare.ie' agus trí na meáin chlóite agus chraolta áitiúla.	• Rinneadh cuid mhór oibre in 2012 trí na meáin shóisialta, i.e. baineadh úsáid as fothaí RSS, Twitter, Facebook agus foláirimh ar líne. Bíonn an suíomh gréasáin á nuashonrú de shíor.	• Obair leanúnach ag forbairt agus ag tacú leis na córais TFC a chuireann feabhas ar an gcaoi a dtugtar seirbhís don phobal, m.sh. córais íocaíochta ar líne, córais atá bunaithe ar GIS (córas faisnéise geografaí) chun áiteanna is díol spéise sa chomhairle a aimsiú, córais tacaíochta agus bonneagar do leabharlanna na comhairle agus do chláir ealaíon agus úsáid na meán sóisialta chun teagmháil a dhéanamh leis an bpobal.

Seirbhísí Leabharlainne agus Ealaíon	3.11 Tacaíocht a thabhairt chun áiseanna áitiúla spóirt, fóillíochta, áineasa agus ealaíon a fhorbairt agus a fheabhsú.	• Rinneadh dul chun cinn maidir le bealach isteach chuig gach ionad a bheith ann do chách. • Rinneadh cláir forbartha léitheoireachta agus an bhainistíocht ar bhailiúcháin a neartú sna leabharlanna.	• Rinneadh oibreacha ar ionad ilchuspóra Leabharlann an Náis de réir Phlean Chomhairle Contae Chill Dara um Chur i bhFeidhm Rochtana. • Oibreacha caomhantais ar an gcoimpléacs mar a bhfuil cartlanna agus ionad staidéir áitiúil. • Breis agus 60 club leabhar de chuid na leabharlann a fhreastalaíonn ar fhorbairt na léitheoireachta do leanaí, do dhéagóirí agus do dhaoine fásta. • De bharr Dúshlán Léitheoireachta an tSamhraidh, 'Story Lab', bhí daoine óga gafa leis an léitheoireacht. • (Tuilleadh) Dul Chun Cinn: Plean Forbartha Ealaíon le haghaidh Údaráis Áitiúla Chill Dara, 2012-2016, a cheadaigh an Chomhairle agus a seoladh i Meán Fómhair 2012 • Coinníodh an maoiniú a thugtar d'eagraíochtaí acmhainní ealaíon sa chontae mar a bhí

Pleanáil	3.3 Dícheall a dhéanamh chun forbairt inbhuanaithe ardchaighdeáin a bhaint amach i gceantair tuaithe agus uirbeacha araon.	• Cinnte a dhéanamh de go n-ullmhaítear go tráthúil an Plean Forbartha Contae agus Plean Forbartha Baile an Náis, a tosaíodh i mBealtaine 2009, chomh maith le Pleananna Ceantair Áitiúil.	• Athbhreithniú dhá bhliain ar Phleananna Forbartha Contae agus Baile an Náis le déanamh in 2013. • Plean Forbartha Baile Bhaile Átha Í – arna ghlacadh ag Comhairle Baile Bhaile Átha Í i mí Feabhra 2012. • Agus na pleananna á n-ullmhú, cinnte a dhéanamh de go mbeidh tailte atá criosaithe go cuí ar fáil le haghaidh forbairt gheilleagrach • Comhairliúchán poiblí ar siúl ag céimeanna cuí sa phróiseas pleanála. • Glacadh Plean Ceantair Áitiúil Bhaile Chill Dara i Nollaig 2012. • Athbhreithniú ar siúl ar Phleananna Ceantair Áitiúil do Dhroichead Nua, Cill Chuillinn, Mainistir Eimhín, Na Solláin, Cill Choca, Claonadh agus Maigh Nuad. • Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta agus Measúnacht Chuí ar siúl le haghaidh na bpleananna uile, de réir mar is gá. • Measúnacht Straitéiseach ar Riosca i gcás Tuilte ar siúl le haghaidh na ndréachtphleananna uile, de réir mar is cuí.

Bóithre, Iompar agus Sábháilteacht Phoiblí	3.1 Líonra bóithre poiblí atá dea-chothabháilte a sholáthar a bhuí le timthriall bunúsach cothabhála deich mbliana, faoi réir srianta acmhainní airgeadais agus daonna.		• Tá an Stiúrthóireacht um Bóithre, Iompar agus Sábháilteacht Phoiblí tar éis líonra bóithre poiblí atá dea-chothabháilte a sholáthar a bhuí le timthriall bunúsach cothabhála deich mbliana, faoi réir srianta acmhainní airgeadais agus daonna, agus féachfaidh siad lena sholáthar amach anseo.
	3.6 Cinnte a dhéanamh de go bhfuil bonneagar ann cheana nó pleanáilte chun freastal ar fhorbairt nua.		• Chinntigh an Stiúrthóireacht go bhfuil bonneagar ann cheana nó pleanáilte chun freastal ar fhorbairtí nua. • Forbraíodh príomhthionscadail bonneagair de réir chlár caipitil na Comhairle agus de réir an Phlean Forbartha Contae. • Déanann an Stiúrthóireacht cothabháil agus bainistíocht ar 6 stáisiún dóiteáin (Droichead Nua, An Nás, Baile Átha Í, Maigh Nuad, Mainistir Eimhín agus Léim an Bhradáin) agus tá caighdeán na hoibre a dhéanann siad chomh hard agus is féidir.
	3.7 Feabhas a chur ar amanna taistil agus ar shábháilteacht ar bhóithre, trí bhearta éifeachtúla bainistíochta tráchta a chur i gcrích, agus trí bheith ag cur le scála agus le cumas ionad bainistíochta tráchta na Comhairle, faoi réir maoiniú cuí a bheith ann chuige.		• Chuir an Stiúrthóireacht um Bóithre, Iompar agus Sábháilteacht Phoiblí feabhas ar amanna taistil agus ar shábháilteacht ar bhóithre trí bhearta éifeachtúla bainistíochta tráchta a chur i bhfeidhm.

Seirbhísí Uisce	3.4 Grúpscéimeanna Uisce a éascú go fóill, faoi réir an bhuiséid atá ar fáil.	• An Clár Uisce Tuaithe a chur i bhfeidhm agus a leathnú	• Rinneadh tuilleadh forbartha ar an gClár Uisce Tuaithe, ach níor leithdháileadh aon mhaoiniú faoin scéim in 2012. • Tionscadail a cuireadh i gcrích in 2012 Níor leithdháil an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil maoiniú ar bith in 2012 le haghaidh scéimeanna nua. • Oibreacha tógála i gcúram faoin nGrúpscéim Uisce a rinneadh in 2012 - Grúpscéim Uisce Chluain Guaire

	3.6 Cinnte a dhéanamh de go bhfuil bonneagar ann cheana nó pleanáilte chun freastal ar fhorbairtí nua.	• Straitéis agus clár cur chun feidhme a fhorbairt maidir le laghdú tuilte	• Scéim Laghdaithe Tuilte na Sollán – cuid mhór curtha i gcrích (athchóiriú le déanamh) • Scéim Laghdaithe Tuilte Bhaile Eoin – cuid mhór curtha i gcrích (athchóiriú agus snagáil le déanamh) • Scéim Laghdaithe Tuilte Ard Cloch – cuid mhór curtha i gcrích (athchóiriú agus snagáil le déanamh) • Sruthán Uí Mhaoinigh, lintéir iarnróid san áireamh – dearadh agus doiciméid á dtairiscint • Scéim Laghdaithe Tuilte Abhainn Morrell – tairiscintí le lorg ó shainchomhairleoirí lena dhéanamh: Roghanna dearaidh do chóras cosanta in aghaidh tuilte Anailís Costais is Tairbhe Ráiteas Tionchair Timpeallachta • Scéim Laghdaithe Tuilte an Bhaile Mhóir, Céim 1 – curtha i gcrích • Scéim Laghdaithe Tuilte an Bhaile Mhóir, Céim 2 – réamhthuairisc curtha i gcrích Anailís costais is tairbhe agus iarratas ar mhaoiniú le teacht. • Scéim Laghdaithe Tuilte Dhomhnach Compair – tús curtha leis an réamhthuairisc (tairiscintí le haghaidh suirbhéara arna n-eisiúint)

Cuspóir 4: Feabhas a chur ar an gcaoi a dtugann Údaráis Áitiúla Chill Dara seirbhísí ó thaobh éifeachta agus éifeachtúlachta de			
Roinn	**Fochatagóir an Phlean Chorparáidigh**	**Cuspóir an Phlean Gnó**	**Dul Chun Cinn**
Pobal & Fiontar	4.6 Díriú isteach ar obair foirne agus ar a thábhachtaí atá sé bheith ag comhoibriú thar dhisciplíní, thar rannóga agus thar cheantair tíre. 4.7 Tacaíocht a thabhairt don fhoireann le go mbainfidh siad barr a n-acmhainne féin amach tríd an oideachas, trí thaithí a roinnt agus trí scileanna a aistriú.	Tacaíocht a thabhairt don obair a dhéanann K Partners agus í a chomhordú.	• Is comh-mheitheal de bhaill foirne Chomhairle Contae Chill Dara agus oibrithe bainteacha sna Seirbhísí Pobail agus Cultúir iad K Partners atá tar éis roinnt clár comhordaithe a chur i bhfeidhm go céimneach sa chontae. Ar an iomlán, féachann an mheitheal leis an tairbhe is mó is féidir a bhaint as a gcuid eolais, a gcuid teagmhálacha agus a gcuid saintaithí trí chéile.
Pobal & Fiontar (Seirbhísí Fóillíochta)	4.10 An comhoibriú idir Údaráis Áitiúla Chill Dara a mhéadú sa chaoi is go laghdófar ar dhúbailt oibre agus ar neamhéifeachtúlacht sa chaoi a dtugtar seirbhísí.	Tacaíocht a thabhairt do chomhairlí baile an chontae maidir le cúrsaí taitneamhachta agus tírdhreachta.	• I gcomhar le Comhairle Baile Léim an Bhradáin, críochnaíodh clár oibre chun cothabháil a dhéanamh ar fhaichí féir, crainn a chur, a phrúnáil agus a bhaint agus oibreacha feabhsúcháin a dhéanamh ag Páirc William Rowantree • I gcomhar le Comhairle Baile an Náis agus Comhairle Baile Bhaile Átha Í, críochnaíodh clár oibre chun bleibeanna agus crainn a chur. • Tugadh tacaíocht do Chomhairle Baile Dhroichead Nua tírdhreachú a dhéanamh i bPáirc na Life, Droichead Nua

Seirbhísí Corparáideacha	4.1 Barr feabhais a chur ar úsáid na dteicneolaíochtaí nua TF agus cumarsáide chun feabhas a chur ar an gcaoi a dtugtar seirbhísí.	Feabhas a chur ar an gcaoi a dtugtar seirbhísí do chomhaltaí agus do chustaiméirí.	• Baineadh úsáid leanúnach as líonraí TF agus meán sóisialta chun barr feabhais a chur ar an gcaoi a dtugtar seirbhísí do chomhaltaí agus do chustaiméirí.
	4.2 Cinnte a dhéanamh de go bhfaighfear luach ar airgead i soláthar earraí agus seirbhísí de bharr dea-chleachtas a leanúint agus bheith ag cloí le beartais soláthair náisiúnta.	Córas soláthair a thabhairt isteach le haghaidh ábhar stáiseanóireachta.	• I gcomhar leis an bhFoireann Soláthair, rinneadh tuilleadh socruithe chun ábhar stáiseanóireachta a sholáthar agus a stóráil go láraithe, i.e. páipéar, clúdaigh litreach, cartúis tonóra.
	4.9 Múnlaí dea-chleachtais agus chur chuige comhtháite a leanúint chun seirbhísí a thabhairt agus bheith ag freastal dá réir ar riachtanais an phobail.	Spreagadh a thabhairt chun feabhas a chur ar an gcaoi a dtugtar seirbhísí ardchaighdeáin.	• Clár Oibre don bhliain 2012 arna ullmhú ag an nGrúpa Stiúrtha um Chúram Custaiméirí • Ullmhaíodh leagan leasaithe den dréacht-Bheartas Gutháin • Ullmhaíodh leagan leasaithe den dréacht-Chód Iompair do Chustaiméirí • Ullmhaíodh leagan leasaithe den dréacht-Chairt Chustaiméirí • Ullmhaíodh dréachtleagan den Nós Imeachta maidir le Gearáin Inmheánacha • Leasaíodh sonraí teagmhála, idir chlóite agus fhoilsithe ar an suíomh gréasáin • Tugadh cúnamh bainistíochta gutháin do ranna chun a seirbhísí a fheabhsú. • Cuireadh tús le nósanna imeachta chun 'deisighdoshráid.ie' a thabhairt isteach • Cuireadh tuilleadh oiliúna ar bhaill foirne ar Adest

	4.16 Bunachar sonraí cuimsitheach a bhunú mar chlár sócmhainní ina mbeidh taifead léarscáile ar gach píosa talún agus maoin atá in úinéireacht na Comhairle.		• Leanann an Fhoireann um Chlár Leasa i Maoin de bheith ag obair chun clár cuimsitheach a chur le chéile de gach sócmhainn ar talamh. Tá teacht ar 820 taifead anois sa chóras Cláraithe Leasa i Maoin, ar bhunachar sonraí speisialaithe é ina bhfuil léarscáileanna digiteacha. Tá léascáileanna Chlárlann na dTalún curtha isteach ann agus táthar ag tabhairt faoi roinnt tionscnamh de chuid an Údaráis Chlárúcháin Maoine chun an éifeachtúlacht is fearr is féidir a bhaint amach, m.sh. ollfhóilíonna a mhiondealú.
Airgeadas	4.1 Barr feabhais a chur ar úsáid na dteicneolaíochtaí nua TF agus cumarsáide chun feabhas a chur ar an gcaoi a dtugtar seirbhísí.	**Bailiú éifeachtach ioncaim a chinntiú** • Eisiúint luath bhillí. • Uathíocaíochtaí	• Chun an méid is mó ioncaim agus is féidir a bhailiú, ní mór don Roinn Airgeadais a chinntiú go n-eisítear gach bille (rátaí/uisce/dramhaíola/iasachtaí tithíochta/cíosanna) go tráthúil. Cuireadh córais nua i bhfeidhm chun billí uisce a eisiúint. • Rinneadh iarrachtaí leanúnacha spreagadh a thabhairt do gach custaiméir íocaíocht a dhéanamh le buanordú nó le dochar díreach. Cuireadh cuid mhór soláthraithe leis an gcóras uathíocaíochta freisin.

	4.13 Éascaíocht a dhéanamh do mhaoirseacht éifeachtach airgeadais, go hinmheánach, go náisiúnta agus ag leibhéal an AE, agus tacaíocht a thabhairt dó sin.	**Pleanáil Airgeadais agus Bainistíocht Cisteáin** • An buiséad bliantúil agus na ráitis airgeadais a ullmhú go gairmiúil, go soiléir agus go tráthúil. • Luach ar airgead a chur chun cinn mar chuid riachtanach den bhainistíocht feidhmíochta. • Comhairlí Cúnta bheith ag cloí leis an bPlean Corparáideach trí chláir chaipitil agus ioncam réamh-mheasta.	• Ullmhaíodh Buiséad 2013 i Nollaig 2012 agus ghlac an Chomhairle é ar an 17 Nollaig 2012. • Tá freagracht reachtúil ar an gComhairle an Ráiteas Airgeadais Bliantúil (RAB) a fhoilsiú faoi cheann an chéad lá de mhí Iúil na bliana dár gcionn. In 2012, cuireadh RAB na bliana 2011 faoi bhráid na Comhairle ar an 26 Márta 2012. • Rinneadh tionscnaimh faoi luach ar airgead a dhaingniú in 2012 agus sonraíodh roinnt tionscnamh nua. • Ullmhaíodh an buiséad bliantúil agus clár rollach caipitil trí bliana i bhfianaise spriocanna an Phlean Chorparáidigh.

	4.13 Éascaíocht a dhéanamh do mhaoirseacht éifeachtach airgeadais, go hinmheánach, go náisiúnta agus ag leibhéal an AE, agus tacaíocht a thabhairt dó sin.	**Straitéis Buiséid agus Bainistíocht Airgeadais** • Rialú Buiséid • Measúnú ar riachtanais an ama atá le teacht ionas go gcuirfear dóthain acmhainní ar fáil.	• Leanadh den mhonatóireacht mhíosúil ar ioncam agus ar chaiteachas in aghaidh an bhuiséid d'fhonn a chinntiú go mbainfí spriocanna amach agus go seachnófaí an róchaiteachas. • Meastar sa chlár caipitil 2012-2014 go gcaithfidh Comhairle Contae Chill Dara thart ar €281 milliún ar bhonneagar. Nuashonraíodh an plean in 2012 chun an maoiniú a bhí ar fáil a thabhairt san áireamh agus na hacmhainní ba ghá chun an Plean a chur i bhfeidhm a shainaithint.
	4.13 Éascaíocht a dhéanamh do mhaoirseacht éifeachtach airgeadais, go hinmheánach, go náisiúnta agus ag leibhéal an AE, agus tacaíocht a thabhairt dó sin.	**Bailiú ioncaim a chinntiú** • Athbhreithniú ar fhéichiúnaithe aosaithe agus ar fhéichiúnaithe a réitigh a gcuntas chun an líon drochfhiach a laghdú.	• Tugadh córas nua bainistíochta fiach isteach chun cabhrú leis an athbhreithniú ar iarmhéideanna gan íoc agus, dá réir sin, idirghabháil luath a dhéanamh le féichiúnaithe chun fiacha gan íoc a urscaoileadh.
	4.15 Feabhas a chur i gcónaí ar phróisis inmheánacha chun na córais a bhaineann le hacmhainní daonna, leis an struchtúr eagraíochtúil agus leis an bpárolla a tharraingt le chéile ar bhealach nua-aimseartha a chuimseoidh modúil aoisliúntais, earcaíochta agus oiliúna.	• Córas nua párolla	• Mar gheall ar an gcóras nua acmhainní daonna, aoisliúntais agus párolla a cuireadh i bhfeidhm i gComhairle Contae Chill Dara, is lú an baol go ndéanfar botúin agus is mó an tionchar a imríonn an lucht maoirseachta/bainistíochta ar shainiú freagrachtaí na foirne.

Tithíocht	4.1 Barr feabhais a chur ar úsáid na dteicneolaíochtaí nua TF agus cumarsáide chun feabhas a chur ar an gcaoi a dtugtar seirbhísí.		• Coinníodh iarratais ar thithíocht sa bhunachar sonraí 'iHouse', chomh maith le nithe a bhaineann le bainistíocht agus cothabháil an stoic tithíochta. • Tá an Tionscnamh um Léasú Tithíochta Sóisialta / Scéim um Chóiríocht ar Cíos i bhfeidhm.
	4.2 Cinnte a dhéanamh de go bhfaighfear luach ar airgead i soláthar earraí agus seirbhísí de bharr dea-chleachtas a leanúint agus bheith ag cloí le beartais soláthair náisiúnta.		• Rinneadh cinnte de gur tarraingíodh anuas an leithdháileadh iomlán maoinithe d'Údaráis Áitiúla Chill Dara agus gur tabhaíodh caiteachas faoi na ceannteidil éagsúla ar bhealach éifeachtach éifeachtúil.
	4.6 Díriú isteach ar obair foirne agus ar a thábhachtaí atá sé bheith ag comhoibriú thar dhisciplíní, thar rannóga agus thar cheantair tíre.		• Cuireadh feabhas ar an obair le gníomhaireachtaí seachtracha – An Tascfhórsa Réigiúnach um Dhrugaí, Comhchoiste Póilíneachta.

Teicneolaíocht Faisnéise	4.1 Barr feabhais a chur ar úsáid na dteicneolaíochtaí nua TF agus cumarsáide chun feabhas a chur ar an gcaoi a dtugtar seirbhísí.	• Tá an líonra achair fhairsing (WAN) gan sreang leathnaithe amach chuig beagnach gach áit sa chontae (fós ag feitheamh le forbairt ag suíomh amháin sula gcasfar air é do Mhaigh Nuad, rud a mheastar a tharlóidh in 2013). Dá bharr sin, is féidir teacht ar Áras Chill Dara ar líne i bhfad níos tapúla. • Tá tacaíocht leanúnach á tabhairt do gach úsáideoir agus tá feidhmchláir agus teicneolaíochtaí sa réimse móibíleach go háirithe á gcur i bhfeidhm go tapaidh.	• Ar bhonn píolótach, rinne an Chomhairle líonra gan sreang a nascadh le suíomh sa Nás le haghaidh an athshlánaithe ó thubaiste. D'éirigh lena chur i bhfeidhm agus tá Líonra Achair Fhairsing gan sreang agus ardluais á lorg anois don chomhairle uile. • Tugann an Rannóg TCF tacaíocht leanúnach ardchaighdeáin do na húsáideoirí uile (650 úsáideoir agus 35+ oifig) tríd an deasc chabhrach TF a úsáid agus a bhainistiú go héifeachtach. • Rinneadh tuilleadh forbartha ar an áis inlín mar ghnáthchaighdeán foilsitheoireachta agus bainistíochta le haghaidh faisnéis inmheánach. • Cuireadh córas nua sreafa oibre i bhfeidhm atá bunaithe ar bhrabhsálaí chun iarratais saorála faisnéise agus uiríll chomhaltaí a rianú. • Cuireadh córas nua bainistíochta doiciméad i bhfeidhm chun bainistíocht a dhéanamh ar 1.5 milliún doiciméad scanta i ngach rannóg na comhairle.
	4.15 Feabhas a chur i gcónaí ar phróisis inmheánacha chun na córais a bhaineann le hacmhainní daonna, leis an struchtúr eagraíochtúil agus leis an bpárolla a tharraingt le chéile ar bhealach nua-aimseartha a chuimseoidh modúil aoisliúntais, earcaíochta	• Tugadh an tacaíocht uile ba ghá chun an tionscadal seo a chur i bhfeidhm go tráthúil.	• Tacaíodh le húsáid an chórais nua chomhtháite le haghaidh acmhainní daonna, párolla agus aoisliúntas in Údaráis Áitiúla Chill Dara.

	agus oiliúna.		

Iniúchóireacht Inmheánach	4.2 Cinnte a dhéanamh de go bhfaighfear luach ar airgead i soláthar earraí agus seirbhísí de bharr dea-chleachtas a leanúint agus bheith ag cloí le beartais soláthair náisiúnta. 4.8 Seirbhís phoiblí ardchaighdeáin, follasacht, freagracht agus luach ar airgead a chur chun cinn ar fud na n-údarás áitiúil mar chultúr oibre.		• Cuireadh córas nua sreafa oibre i bhfeidhm atá bunaithe ar bhrabhsálaí chun iarratais saorála faisnéise agus uiríll chomhaltaí a rianú. • Ullmhaítear pleananna iniúchóireachta gach bliain de réir chláir rioscaí na rannóg atá nasctha le pleananna gnó agus leis an bPlean Corparáideach ar deireadh. I bplean Iniúchóireachta Inmheánaí 2012, cuimsíodh 16 iniúchóireacht a bhí roinnte thar na Stiúrthóireachtaí uile. Tugadh faoi 11 iniúchóireacht le linn na bliana, 9 gcinn a críochnaíodh agus 2 cheann eile a tosaíodh roimh dheireadh na bliana. • Rinneadh dhá imscrúdú ar chalaois, as ar éirigh dhá thuairisc eile nár cuimsíodh sa Phlean Iniúchóireachta. • Cuireann gach iniúchóireacht, go díreach nó go hindíreach, le cuspóirí straitéiseacha na Comhairle faoi mar a leagtar amach sa Phlean Corparáideach iad. • Déantar monatóireacht ina dhiaidh sin ar mholtaí na n-iniúchóireachtaí chun a chinntiú go gcuirtear i bhfeidhm iad de réir mar a aontaíodh.

Seirbhísí Leabharlainne agus Ealaíon	4.9 Múnlaí dea-chleachtais agus chur chuige comhtháite a leanúint chun seirbhísí a thabhairt agus bheith ag freastal dá réir ar riachtanais an phobail. 4.12 Teacht éasca a bheith ag cách ar sheirbhísí agus ar áitribh na comhairle agus sin a chur chun cinn go leanúnach.	• Taighde a dhéanamh ar uaireanta oscailte agus iad a chur ar chomhréim ar fud an chontae ar bhealach a fhreagraíonn do riachtanais seirbhíse agus do ghannchion foirne i ngach pobal. • Teacht an phobail ar fhaisnéis, ar oideachas agus ar dheiseanna cultúrtha a chur chun cinn agus a éascú agus tacaíocht a thabhairt dó sin faoin tSeirbhís Leabharlainne agus Ealaíon.	• Athbhreithniú ar mhúnla nua seachadta na seirbhíse leabharlainne, inar aibhsíodh gur dóigh le 86.3% de na grúpaí pobail lena ndearnadh suirbhé 'gur chór don tSeirbhís Leabharlainne spás agus am a chur ar fáil atá tiomanta d'fhorbairt pobail agus dheonach'. • Chuaigh foireann Ardbhainistíochta na Leabharlainne i mbun comhoibriú idirghníomhaireachta chun an leas is mó is féidir a bhaint as acmhainní agus táirgí insoláthartha a chur ar chomhréim, m.sh. CSC, FSS agus OÉ Má Nuad • Tá córas curtha i bhfeidhm a dhéanann fógraí leictreonacha ar imeachtaí leabharlainne. • Forbraíodh an aip 'Libanywhere' le go mbeadh teacht ar sheirbhísí leabharlainne 24 uair sa lá, 7 lá sa tseachtain. • Leathnaíodh amach an tsraith léachtaí móréilimh 'Bréagáin, Teicneolaíocht agus Oiliúint' a chruthaíonn nasc idir tuismitheoirí, múinteoirí agus teiripeoirí saothair. • Cuireadh teagasc TCLL - Tadhall, Clóscríbhneoireacht, Léitheoireacht agus Litriúchán - ar fáil i leabharlanna do dhaoine óga a bhfuil disléicse orthu. • Tugann clár fairsing na leabharlainne deis do bhaill teacht ar léachtaí agus ar cheardlanna oideachasúla, m.sh. 'Conas na Meáin Shóisialta a Úsáid'. • Seoladh Clár Oideachais na Leabharlann do Mheánscoileanna i Léim an Bhradáin, i gCill Dara agus sa Nás. • Tá an tSeirbhís Ealaíon i ndiaidh réimse deiseanna le haghaidh forbairt ghairmiúil

			a thabhairt d'ealaíontóirí atá ag obair i measc an phobail, mar thacaíocht chun acmhainn an phobail a fhorbairt.
Pleanáil	4.1 Barr feabhais a chur ar úsáid na dteicneolaíochtaí nua TF agus cumarsáide chun feabhas a chur ar an gcaoi a dtugtar seirbhísí.	**Iarratais Pleanála agus an Próiseas Ceadúnaithe** • Seirbhís ardchaighdeáin a thabhairt don phobal.	• Cuireadh an córas bainistíochta doiciméad 'I-Doc' i bhfeidhm le go mbeadh teacht ar dhoiciméid i gcomhaid phleanála. Leathnaíodh an córas 'I-Doc' sa chaoi is go mbeadh taifid na mblianta 1998-2011 san áireamh ann. • Cuireadh an córas CTPF (Cion Tairbhe um Pleanáil agus Forbairt) i bhfeidhm chun sonraisc ar thobhaigh a chruthú agus taifead a dhéanamh ar íocaíochtaí agus ar thobhaigh gan íoc. • Leathnaíodh bunachar sonraí an chláir phleanála sa chaoi is go mbeadh taifid na mblianta 1964 go 1987 san áireamh ann, lena n-áirítear cártaí innéacs agus clárleabhair. • Rinneadh léarscáileanna an chláir phleanála (735) a thiontú ina bhformáidí cuí comhaid. • Cuireadh tús in 2012 le leaganacha stairiúla den Phlean Forbartha Contae agus de na Pleananna Ceantair Áitiúil a scanadh agus a chur i bhfoirm dhigiteach. • I gcomhpháirtíocht leis an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus le soláthraithe teicneolaíochta eile, rinneadh na nithe seo a leanas: (1) Uaslódáladh an Plean Forbartha Contae agus na Pleananna Ceantair Áitiúil chuig an léibheann nua náisiúnta dar teideal “Myplan”; (2) Baineadh úsáid as teicneolaíochtaí eile GIS (faisnéise geografaí) chun faisnéis a chur ar fáil do ghníomhaireachtaí seachtracha eile,

			i.e. sonraí faoi eastáit tithíochta neamhchríochnaithe agus faoi shuirbhéanna ar sholáthar talún.
	4.9 Múnlaí dea-chleachtais agus chur chuige comhtháite a leanúint chun seirbhísí a thabhairt agus bheith ag freastal dá réir ar riachtanais an phobail.	**Faisnéis agus Rochtain Phoiblí** • Seirbhís chuimsitheach a thabhairt don phobal. **Forfheidhmiúchán agus Comhlíonadh** • Tuilleadh forbartha a dhéanamh ar fheidhmeanna forfheidhmiúcháin agus comhlíonta.	• Cuireadh próiseas i bhfeidhm chun bailíochtú thar an gcuntar a dhéanamh ar gach teach agus síneadh aonuaire. • Seirbhísí for-rochtana – Reáchtáladh clinicí réamhphleanála in Áras Chill Dara, i mBaile Átha Í agus i Léim an Bhradáin in 2012. • Rinneadh éascaíocht in Áras Chill Dara, de réir mar ba ghá, do chlinicí aonair réamhphleanála i gcás forbairtí tráchtála agus/nó forbairtí a d'fhéadfadh fostaíocht a chruthú. • Leanadh de ghníomh forfheidhmiúcháin trí Litreacha Rabhaidh agus Litreacha Forfheidhmiúcháin a eisiúint agus trí chaingean dlí a thabhairt in aghaidh fhorbairtí neamhúdaraithe.

		Rialú Foirgníochta • Cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú na Rialachán um Rialú Foirgníochta agus Forbartha ar fud an chontae. Cinnte a dhéanamh de go gcríochnófar gach forbairt nua cónaithe sa chontae (seachas forbairtí ina bhfuil gá le cuideachtaí bainistíochta) ar chaighdeán inghlactha agus go dtógfar na heastáit sin i gcúram faoi cheann tréimhse ama inghlactha tar éis iad a bheith críochnaithe chun sástacht na Comhairle Contae.	• Rinneadh próiseáil leanúnach ar dheimhnithe sábháilteachta ó dhóiteáin, ar dheimhnithe ar bhealach isteach do dhaoine faoi mhíchumas agus ar fhógraí tosach feidhme de réir cheanglas reachtúil. • Bíonn monatóireacht á déanamh ar bhonn leanúnach ar gach forbairt ghníomhach cónaithe agus tá tús curtha le nósanna imeachta feidhmiúcháin nuair is gá. • Leanadh de bheith i dteagmháil leis an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus le Cumann Bainistíochta an Rialtais Áitiúil maidir le heastáit neamhchríochnaithe. Is minic anois a thagann an Rannóg um Rialú Forbartha ar fhadhbanna maidir le heastáit neamhchríochnaithe nó eastáit a bhfuil deacrachtaí airgeadais ag a bhforbróirí nó atá faoi ghlacadóireacht nó faoi leachtú. • Tá clár oibre leanúnach ann chun forbairtí tithíochta cónaithe a thógáil i gcúram.

Bóithre, Iompar agus Sábháilteacht Phoiblí	4.2 Cinnte a dhéanamh de go bhfaighfear luach ar airgead i soláthar earraí agus seirbhísí de bharr dea-chleachtas a leanúint agus bheith ag cloí le beartais soláthair náisiúnta.		• D'éirigh leis an Stiúrthóireacht um Bóithre, Iompar agus Sábháilteacht Phoiblí luach ar airgead a fháil i soláthar earraí agus seirbhísí de bharr dea-chleachtas a leanúint agus bheith ag cloí le beartais soláthair náisiúnta agus Eorpacha.
Seirbhísí Uisce	4.4 Cailleadh agus cur amú uisce sa chóras uisce poiblí a laghdú trí bheith ag caomhnú uisce agus ag brath sceitheanna go leanúnach.	• Méadrú leanúnach ar sholáthairtí tráchtála. • Laghdú ar uisce gan chuntas (toirt agus céatadán)	• Oibríodh an líonra soláthair uisce agus rinneadh cothabháil air chun a chinntiú go rabhthas i gcomhlíonadh iomlán le caighdeáin cháilíochta uisce.

Cuspóir 5: Cill Dara a chur chun cinn agus a fhorbairt mar áit mhaith cónaithe agus gnó.			
Roinn	**Fochatagóir an Phlean Chorparáidigh**	**Cuspóir an Phlean Gnó**	**Dul Chun Cinn**
Pobal & Fiontar	5.2 Naisc le hOllscoil na hÉireann, Má Nuad a láidriú sa chaoi is go gcruthófar deiseanna fostaíochta trí leas a bhaint as inniúlachtaí taighde agus forbartha an choláiste agus as an taithí atá acu bheith i gcomhfhiontair le tionscail den scoth.	• Tacaíocht a thabhairt do chur i bhfeidhm Straitéis an Bhoird Forbartha Contae (BFC) agus é a chomhordú.	• Tar éis sheimineár eacnamaíochta in 2010, tháinig na grúpaí oibre eacnamaíochta a forbraíodh faoin BFC le chéile in 2011. Aithníodh roinnt gníomhartha ríthábhachtacha i bhfoghrúpaí ina raibh ionadaithe tofa agus príomhchuid den lucht gnó.
Pobal & Fiontar (Seirbhísí Fóillíochta)	5.5 Dreach agus deilbh agus timpeallacht Chontae Chill Dara a fhorbairt agus a fheabhsú.	• Áiseanna áineasa agus taitneamhachta a chur ar fáil sa chontae, iad a fheabhsú agus cothabháil a dhéanamh orthu trí pháirceanna, spásanna oscailte, clóis súgartha agus tírdhreachú a dhéanamh.	• Tírdhreachú timpeallán i mBaile Átha Í agus i gCill. • Cuireadh bleibeanna ar fud an chontae, mar a dhéantar gach earrach. • Cuireadh crainn ar fud an chontae, mar a dhéantar gach bliain. • Rinneadh clár cothabhála féir in 2012.

An Comhshaol	5.7 Tuilleadh beart láidir a chur i bhfeidhm chun bruscar a laghdú agus rialacháin bainistíochta dramhaíola a fhorfheidhmiú.		• Athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar sheanlíonta talún an chontae a fuarthas trí leagáid. • Rinneadh tuilleadh dul chun cinn chun láithreáin tréigthe a dhíothú • Monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar cháilíocht an aeir • Athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar cheadúnais scaoilte i séaraigh bhréana agus in uiscí. • Leanadh den chlár faoina dtugtar aghaidh ar fhoirgnimh chontúirteacha. • Oibríodh go dlúth le coistí bailte slachtmhara chun bailte agus sráidbhailte Chill Dara a mhaisiú.
Tithíocht	5.5 Dreach agus deilbh agus timpeallacht Chontae Chill Dara a fhorbairt agus a fheabhsú.		• Féachann an Fhoireann Phobail, atá bainteach leis an Rannóg Tithíochta, le pobail inbhuanaithe a chothú in eastáit na n-údarás áitiúil. • Tá cábáin/áiseanna pobail ar fáil i roinnt eastát agus bíonn an fhoireann ag obair le cumainn cónaitheoirí atá comhdhéanta mar is cuí chun tacaíocht a thabhairt do thionóntaí. • Bíonn na hOifigigh Idirchaidrimh do Thionóntaí ag plé le saincheisteanna iompraíochta frithshóisialta agus ag dul i ngleic leo, nuair is féidir, trí idirghabháil agus réiteach aighnis, seachas an díshealbhú.

Seirbhísí Leabharlainne agus Ealaíon	5.12 An saol cultúrtha agus saol na n-ealaíon i gCill Dara a chur chun cinn agus a fheabhsú	• Leanfaidh foirne na Seirbhíse Leabharlainne agus Ealaíon den chur chuige comhoibríoch chun cláir chuí a chur ar fáil i gcomhpháirt lena chéile. • Na cláir caidrimh phoiblí, margaíochta agus sealbhuithe agus na hacmhainní agus buiséid TFC a chur ar chomhréim chun tacaíocht a thabhairt do na Cláir Chultúrtha agus Ealaíon uile a bhaineann le hábhar, lena n-áirítear an Ginealas/Cartlanna agus an Staidéar Áitiúil.	• Imeachtaí a bhaineann le cúrsaí cultúrtha, ealaíon, oideachais agus soláthar faisnéise a leathnú ar fud an líonra leabharlann. Ar na himeachtaí nua in 2012, tá: - Leabhar Amháin, Baile Amháin - Féile na Bealtaine - Sraith Scannán Stairiúil - Club Scannán: Sraith Stiúrthóirí Clasaiceacha - Seachtain Teaghlaigh na Leabharlainne • Feachtas margaíochta a dhírigh ar dhaoine óga go háirithe • Leathnú soláthar na Ríomhsheirbhíse de bharr na bhfreagraí a tugadh ar shuirbhé ar líne. • Breis a chur le clár atá tiomanta go sonrach do leanaí agus do theaghlaigh in Ionad Ealaíon Bhruach na hAbhann • Paca spraoi do leanaí dar teideal 'An Ailtireacht Bheo', a ceapadh le haghaidh Léim an Bhradáin agus atá le forbairt le haghaidh bhailte eile ar fud an chontae.
Seirbhísí Uisce	5.6 Caighdeáin na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) i leith cháilíocht an tsoláthair uisce agus na gcóras cóireála fuíolluisce a chomhlíonadh go leanúnach agus/nó cáilíocht níos fearr ná sin féin a bhaint amach.	• Cinnte a dhéanamh de go ndéanfar próiseáil éifeachtúil éifeachtach ar gach iarratas pleanála nó iarratas ar cheadúnas.	• Uaslódáladh sonraí faoi uisce óil chuig córas nua ríomhaireachta ar a ndéanfar tuilleadh forbartha in 2013. • Rinneadh monatóireacht ar bhonn míosúil ar gach ionad cóireála fuíolluisce chun a chinntiú go rabhthas i gcomhlíonadh le riachtanais cheadúnas scaoilte an GCC.

Athy Town Council

Comhairle Baile Bhaile Átha

Comhairle Baile Bhaile Átha Í

Tá fás suntasach tagtha ar Bhaile Átha Í le roinnt blianta anuas agus tá daonra de bhreis ar 9,500 laistigh de cheantar an bhaile anois. Tá forbairt eacnamaíoch an bhaile ríthábhachtach le cinntiú go bhfuil an fás seo inbhuanaithe agus leanann an Chomhairle Baile dá ról lárnach i bhfás agus i bhforbairt an bhaile. Bhí cuid mhaith athruithe spreagúla déanta agus molta le bliain anuas.

Comhaltaí Tofa agus an Fheidhmeannacht

Is iad comhaltaí Chomhairle Baile Bhaile Átha Í an Cathaoirleach Mark Wall (Lucht Oibre), an Leas-Cathaoirleach Thomas Redmond (Lucht Oibre), na Comhairleoirí Aoife Breslin (Lucht Oibre), Mark Dalton (Fianna Fáil), Richard Daly (Fine Gael), Michael Dunne (Sinn Féin), James Mahon (Lucht Oibre), John Lawler (Fianna Fáil) agus Mary O'Sullivan (Fine Gael).

Tá na Comhairleoirí Daly agus Wall ina gcomhaltaí tofa de Chomhairle Contae Chill Dara freisin (Ceantar Bhaile Átha Í).

Bainisteoir Baile/Stiúrthóir Seirbhísí

Joe Boland

Cléireach Baile: Brian O'Gorman

Innealtóir Baile Diarmuid Donohue

Reáchtálann Comhairle Baile Bhaile Átha Í a cuid cruinnithe reachtúla míosúla ar an tríú Céadaoin de gach mí sna hOifigí Cathrach, Bóthar Mhainistir Eimhín, Baile Átha Í.

Athy TOWN COUNCIL

Airgeadas

D'ainneoin na srianta buiséid, tugann méid iomlán an chomhchaiteachais ioncaim agus chaipitiúil in 2012 (thart ar €6.2 milliún, lena n-áirítear thart ar € 4.9 milliún de chaiteachas ioncaim) léiriú ar a mhéad atá an Comhairle Bhaile ag cur le forbairt gheilleagrach, shóisialta, chultúrtha agus bhonneagair an bhaile trína gcuid clár agus beartas. Toisc go bhfuil daonra an bhaile ag dul i méid, bíonn ardú mór ar na héilimh ar na seirbhísí a chuirtear ar fáil.

Tithíocht

Tá 327 teach i seilbh na Comhairle Baile faoi láthair. Tugadh cóiríocht do 49 iarratasóir tithíochta i gcóiríocht nua agus cóiríocht a bhí ann cheana i rith na bliana faoi chláir tithíochta sóisialta na comhairle, a chuimsíonn folúntais a thagann chun cinn in aonaid atá bainistithe ag cumainn tithíochta deonaí, an scéim um chóiríocht ar cíos agus léasú fadtéarmach.

Leanadh ar aghaidh le clár na bhfeabhsúchán caipitiúil le linn na bliana, agus ghlac an Chomhairle cur chuige réamhghníomhach chun na haonaid reatha agus na haonaid fholmha a athchóiriú agus a uasghrádú. Dá bharr sin, bhíothas in ann aonaid fholmha a athligean chomh sciobtha agus ab fhéidir. Ina theannta sin, críochnaíodh Scéim Caipitil Woodstock Lodge (10 n-aonad) le linn na bliana, forbairt atá tarraingteach go maith a bhuíochas le hathchóiriú an struchtúir faoi chosaint ar an suíomh.

Bóithre

Ó críochnaíodh mótarbhealach M9 agus an bóthar nua ceangail go Baile Átha Í i dtús na bliana 2010, tá tuilleadh béime leagtha ar shuíomh straitéiseach an bhaile sa réigiún agus i mórcheantar Bhaile Átha Cliath. In 2012, críochnaíodh oibreacha ar thimpeallán ag bealach isteach sa bhaile lena dhearadh mar loc canála.

Bóthar Dáileacháin Ó Dheas

I dtús na bliana 2011, glacadh go foirmiúil le tionscadal caipitil beartaithe an Bhóthair Dáileacháin Ó Dheas ar liosta scéimeanna tosaíochta na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt (Clár na mBóithre Speisialta Neamhnáisiúnta). Tá costas leasaithe an tionscadail thart ar €34 milliún agus cuireadh iarratas ar mhaoiniú faoi bhráid na Roinne. Fuarthas leithdháileadh tosaigh €150,000 ar mhaithe leis na hoibreacha imscrúdaithe suímh a chríochnú, in éineacht le heilimintí den phróiseas dearaidh nach raibh críochnaithe a chur i gcrích. Iarradh ar an gcomhairle an obair a chur ar sos don am i láthair, suirbhéanna tráchta agus nuashonrú an Ráitis Tionchair Timpeallachta (RTT), srl. san áireamh. Go réalaíoch, tá leithdháileadh an-mhór de dhíth ar an gcomhairle ag an gcéim seo chun dul ar aghaidh chuig an gcéad chéim eile sa tionscadal, rud a bhainfidh le cinntiú an Ordú Ceannaigh Éigeantaigh (OCÉ) agus an RTT agus le fáil talún. Táthar ag fanacht le cinneadh foirmiúil na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt sula bhféadfar tús a chur leis an scéim.

An Plean Bainistíochta Tráchta

Tá dul chun cinn suntasach déanta i gcur i bhfeidhm an Phlean Bainistíochta Tráchta, a glacadh in 2010 tar éis tréimhse fhada comhairliúcháin phoiblí.

Tá na tionscadail seo a leanas curtha i gcrích go nuige seo:

- Feabhsuithe ar Acomhal Fortbarrington.
- Soilsí do choisithe ag an mbealach isteach chuig an gClub CLG
- Feabhsú ar an líonra comharthaíochta ag Cearnóg Emily.

Ba é an tÚdarás Náisiúnta Iompair a mhaoinigh gach obair den sórt sin.
In 2012, cuireadh cuid mhór den bhonneagar crua isteach (teilifís chiorcaid iata, lúba, srl.) chun éascaíocht a dhéanamh don chóras nua bainistíochta tráchta a bhí beartaithe.

Táthar ag beartú go dtabharfar tús áite do na scéimeanna seo a leanas in 2013:

- Uasghrádú ar Acomhal Bhóthar an tSráidbhaile
- Cur i bhfeidhm iomlán an chórais SCOOT/MOVA.

Chomh maith leis sin ar fad, tá sé beartaithe go mbeidh réamhdhearadh an droichid choise ar fáil go luath in 2013 agus go bhféadfar tús a chur le próiseas comhairliúcháin phoiblí an uair sin maidir leis na roghanna éagsúla suímh atá ann. Táthar ag beartú go bhféadfar costais uile an dearaidh a fháil ar ais ón Údarás Náisiúnta Iompair, cé nár tugadh gealltanas go dtí seo maidir le costais tógála.

Blocdeontas le haghaidh Oibreacha Bóthair

Rinneadh roinnt feabhsuithe eile ar bhóithre agus ar chosáin sa bhaile le linn na bliana. D'fhaomh an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil blocdheontas €195,000.

Seirbhísí Uisce

Déanann an Chomhairle Baile bonneagar na seirbhísí uisce (uisce agus séarachas) a chothabháil agus a oibriú ina ceantar riaracháin, faoi chomhaontú thar ceann Chomhairle Contae Chill Dara (faoi Alt 85 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001).

Soláthar Uisce

Tá na bearta a rinneadh le blianta beaga anuas chun an soláthar uisce ar an mbaile a threisiú críochnaithe anois, ar feitheamh chríochnú Scéim Astarraingte na Bearú, rud atá le bheith curtha ar fáil faoi Ráithe 3 de 2013. Dá réir sin, beidh soláthar na Comhairle Baile go hiomlán slán, ós rud é go mbeidh siad in ann uisce a fháil ó cheithre fhoinse éagsúla. Ach tá gá le roinnt obair bhreise chun feabhas a chur ar na córais dáilte taobh istigh de theorainn an bhaile. Ba é Bóthar Ceangail Cheatharlach an chéad obair ar tugadh faoi (faoi Chlár Scéimeanna Beaga na Roinne).

Tá clár oibreacha chun sceitheadh uisce sa chontae a laghdú á chur faoi chaibidil faoi láthair. Tugadh faoi roinnt oibreacha tosaigh

roimhe seo chun sceitheadh a stopadh in Coneyboro agus i gCorrán Ard.

Fuíolluisce

Is ábhar sásaimh dúinn gur críochnaíodh an scéim feabhsaithe séarachais i rith 2011. Réitigh sé sin roinnt fadhbanna a bhí ann le fada, a bhain go háirithe le huisce bheith ag sileadh anuas ón dromchla isteach sa líonra séarachais. Thug an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil deontas don tionscadal seo agus ba í an Chomhairle Contae a riar é. Tá an chomhairle ag cuimhniú faoi láthair ar chonradh forlíontach a chur chun cinn, más féidir, chun aghaidh a thabhairt ar roinnt saincheisteanna nach ndeachthas i ngleic leo go fóill a bhaineann leis an líonra i lár an bhaile.

Tá Plean Cóireála Fuíolluisce an bhaile fós á oibriú gan dul thar acmhainn, rud atá fíorthábhachtach le go mbeidh borradh faoi ghnólachtaí na háite amach anseo.

Bainistíocht Tuillte

Mar chuid den athbhreithniú ar an bPlean Forbartha Baile, rinneadh an Rannóg Seirbhísí Uisce (Comhairle Contae Chill Dara) measúnú ar an riosca i gcás tuilte. In éineacht leis sin, i gcomhréir leis an Treoir um Thuilte, tá Oifig na nOibreacha Poiblí (OOP) ag stiúradh Measúnaithe ar Riosca i gcás Tuilte Abhantraí. Tosaíodh ar an obair sin in 2011 agus tá sí ar siúl go leanúnach ó shin.

Pleanáil

Críochnaíodh an t-athbhreithniú ar an bPlean Forbartha Baile le linn na bliana agus glacadh an plean nua (2012-2018) go foirmiúil ar an 28 Feabhra 2012. Tá an fheidhm phleanála á riar go láraithe anois i gComhairle Contae Chill Dara, ach is í an Chomhairle Baile an t-údarás pleanála reachtúil go fóill.

Fuair an Chomhairle Baile 32 iarratas pleanála le linn na bliana. Ceadaíodh 22 acu agus diúltaíodh do 7 gcinn eile. Cuireadh 4 achomharc chuig an mBord Pleanála.

An Comhshaol

Bíonn Baile Átha Í ag díriú i gcónaí ar obair fheabhsúcháin a dhéanamh a chuirfidh ar chumas an bhaile tuilleadh gradaim a bhaint amach i gcomórtas na mbailte slachtmhara. Ba é seo an 14ú bliain a chuir an baile isteach ar an gcomórtas. Baineadh 264 marc amach i gCatagóir na mBailte Móra (E) agus, leis sin, an grád céanna a bhí ag an mbaile roimhe seo. Tá tionscnaimh á gcur chun cinn ag Coiste na mBailte Slachtmhara (Fochoiste Comhairle Baile) a aithníodh ina bplean cúig bliana, a seoladh in 2008, agus iad ag iarraidh feabhsuithe breise a dhéanamh ar an mbaile, le comhoibriú na Comhairle Baile agus Ceantair, scoileanna áitiúla, muintir an phobail agus Comhlachas Tráchtála Bhaile Átha Í.

Tá Ionad Fóntas Cathartha Bhaile Átha Í, atá á hoibriú anois ag Oxigen Environmental, suite ar Bhóthar Bhaile Átha Cliath ar an mbaile agus tugadh faoi deara arís go mbíonn an pobal ag baint níos mó úsáide as an áis. Tá ceithre cinn déag de bhainc bhuidéil ar dhá shuíomh i lár an bhaile.

Lean foireann na Maor Bruscair den mhonatóireacht ar dhumpáil mhídhleathach agus gan údarás agus imscrúdaíodh cuid mhaith tuairiscí ar chaitheamh bruscair i rith na bliana agus eisíodh fíneálacha nuair a aithníodh na ciontóirí. Chomh maith leis sin, chuir an Chomhairle Baile glantachán rialta áitiúil chun cinn agus chabhraigh siad le grúpaí cónaitheoirí trí scéim bhliantúil deontas.

Tionscadail Ghinearálta

Tar éis don athbhreithniú straitéiseach a bheith déanta ar obair Fhóram Infheistíochta, Forbartha agus Fostaíochta Bhaile Átha Í (FIFFBÁÍ), tá an grúpa dírithe anois ar chur i bhfeidhm na ngníomhartha a aithníodh i bPlean Gníomhaíochta Tionscadail BRAND, agus ar thionscnaimh forbartha eile. Chomh maith leis sin, coinníonn na comhpháirtithe forbartha éagsúla ar an mbord iad féin ar an eolas faoina gcuid oibre le déanaí ag cruinniú ráithiúil an ghrúpa. I rith na bliana, rinne FIFFBÁÍ, i gcomhar le Bord Fiontar Contae Chill Dara, éascaíocht do dhaoine a bhí ag dul i mbun oiliúna i gcúrsaí gnó. Cuireadh an Tionscadal WINSENT, a bhí bunaithe i mBaile Átha Í, i gcrích in 2012 agus cuireadh fiontraíocht shóisialta chun cinn sa chontae dá bharr, i gcomhar le comhpháirtithe i dtíortha eile.

Bíonn Grúpa Tionscóirí Bhaile Átha Í (dream a chuimsíonn ionadaithe den Chomhairle Baile, Comhlachas Tráchtála Bhaile Átha Í, Siopadóireacht i mBaile Átha Í, na Bailte Slachtmhara, Athy Young at Heart, an Tionscadal Turasóireachta Allamuigh agus Ionad Oidhreachta-Músaem Bhaile Átha Í) fós ag cur an téama 'Ceiliúr Baile Átha Í' chun cinn go gníomhach trí fhéile agus ócáidí a reáchtáil, lena n-áirítear Paráid bhliantúil na Féile Pádraig, Lá Spraoi Teaghlaigh Bhaile Átha Í agus an Féile nua Sráideanna agus Sónna na Nollag. Tá an grúpa tiomanta d'fhorbairt bhreise a dhéanamh ar chlár féilte agus imeachtaí an bhaile le cabhair na dtionscnóirí atá ann cheana féin agus tionscnóirí nua amach anseo.

Féile Sráideanna agus Sónna na Nollag

Rinne an Tionscadal BRAND (athbhrandáil an bhaile) an suíomh gréasáin tairsigh Athy.ie a sheoladh i nDeireadh Fómhair 2012. Críochnófar an tionscadal féin sa chéad ráithe de 2013 agus táthar ag beartú go bhforbrófar tionscnamh leantach margaíochta don bhaile in éineacht le heagraíochtaí comhpháirtíochta chun cur le rath na dtionscnamh a rinneadh le déanaí, lena n-áirítear tionscadal turasóireachta SHINE agus 'Siopadóireacht i mBaile Átha Í'.

Ghlac Jenson Button, tiománaí rásaíochta Formula 1, páirt i dTrí-atlan Bhaile Átha Í.

Tá RAPID (Regenerating Areas through Planning, Investment and Development/Ceantair a Athnuachan de bharr Pleanála, Infheistíochta agus Forbartha) ag leanúint ar aghaidh sa bhaile agus tá sé théama straitéiseacha arna bhforbairt anois aige:

- An timpeallacht fhisiceach
- Coireacht, sábháilteacht agus iompar frithshóisialta
- Tacaíocht do theaghlaigh
- Sláinte
- Oideachas
- Oiliúint agus Fostaíocht.

Tá an Chomhairle Baile ag obair i ndlúthpháirt leis na gníomhaireachtaí comhpháirteacha chun na torthaí is fearr a bhaint amach don phobal.

Bhí an Chomhairle Baile ina hóstach d'fháiltiú cathartha ar an 1 Meitheamh 2012 in Ionad Ealaíon Pobail Bhaile Átha Í chun ceiliúradh a dhéanamh ar chothrom an lae thábhachtaigh a bunaíodh Club Peile Bhaile Átha Í 125 bliain ó shin. D'éirigh thar cionn leis an gclub in 2011 nuair a ghnóthaigh a chuid foirne Craobhchomórtas Sinsear an Chontae agus an Craobhchomórtas Faoi 21. Glacadh le Músaem Ionad Oidhreachta Bhaile Átha Í ar Chlár Chaighdeáin Músaeim na Comhairle Oidhreachta agus tá sé beartaithe go mbeidh an músaem ina mhúsaem iomlán nuair a bheidh na sainchaighdeáin bainte amach aige. Tá an Chomhairle Baile ag oibriú le bord an chomhlachta chun tús a chur le hathbhreithniú straitéiseach ar fhorbairt an ionaid amach anseo. Coinnítear san ionad an t-aon taispeántas amháin ar domhan a bhfuil buantéama aige a cheiliúrann turais pholacha Sir Ernest Shackleton, fear arbh as Baile Átha Í é. Ba é an tUachtarán Micheál D. Ó hUiginn a d'oscail Scoil Fhómhair Shackleton go hoifigiúil i nDeireadh Fómhair, an 12ú bliain anois a reáchtáladh í.

An tUachtarán Micheál D. Ó hUiginn

Bíonn Ionad Fiontar Pobail Bhaile Átha Í ag freastal i gcónaí ar riachtanais ghnólachtaí nuathionscanta agus ghnólachtaí atá dul i méid i mBaile Átha Í agus tá áiseanna á bhforbairt anois ann chun réimse clár oiliúna a óstáil le haghaidh gníomhaireachtaí ábhartha. Seoladh tionscadal nua Turasóireachta Allamuigh Interreg i gContae Chill Dara sa cheathrú ráithe de 2012 agus tá sé bunaithe ag an ionad.

Rinne Ionad Ealaíon Pobail Bhaile Átha Í, atá suite sa Séipéal Modhach, ceiliúradh ar chothrom dhá bhliain a oscailte in 2012 agus bíonn réimse leathan ócáidí agus taispeántas cultúrtha á gcur ar siúl anois ann. Tá an Chomhairle buíoch as tacaíocht fhlaithiúil an phobail Mhodhaigh agus na hOifige Ealaíon (Comhairle Contae Chill Dara) a chabhraigh leo an tionscadal seo a thabhairt ar an saol.

Geallta Bád Dragain – Deireadh Seachtaine Saoire Bainc na Bealtaine

An Comhchoiste Póilíneachta

Bunaíodh Comhchoiste Póilíneachta Bhaile Átha Í in 2006 faoi Acht an Gharda Síochána 2005. Is é cuspóir an Chomhchoiste Póilíneachta fóram a chur ar fáil ina bhféadann an t-údarás áitiúil, oifigigh shinsearacha na nGardaí sa cheantar, comhaltaí na Comhairle agus an Oireachtais chomh maith le hionadaithe ón earnáil pobail agus dheonach dul i gcomhairle agus plé agus moltaí a dhéanamh maidir le póilíneacht ina gceantar.

Bhuail Comhchoiste Póilíneachta Bhaile Átha Í le chéile ceithre huaire le linn na bliana agus phléigh siad ceisteanna a bhain le bainistíocht tráchta, bainistíocht eastát, rialú capall agus mí-úsáid substaintí. Sa tríú cruinniú bliantúil de chuid an Chomhchoiste Póilíneachta i nDeireadh Fómhair, díríodh ar an téama dar teideal *'Financial Worries-Know Where To Turn'* agus d'fhreastail go leor de mhuintir na háite agus grúpaí pobail air. Chomh maith leis sin, tugann an Comhchoiste Póilíneachta tacaíocht leanúnach don RAPID AIT le bunú Fhóram nua Phobal Woodstock, rud atá ag cabhrú le muintir na háite feabhas a chur ar an gcomhshaol ina gceantar féin. Táthar ag beartú go mbunófar fóram dá leithéid i gceantar Clonmullion sa dara ráithe de 2013.

Nascadh Baile

Tá Baile Átha Í nasctha le Grandvilliers (atá suite i réigiún Picardy sa Fhrainc, taobh ó thuaidh de Pháras). Síníodh na cairteacha go foirmiúil i Samhain 2004 sa Fhrainc agus i Márta 2005 i mBaile Átha Í. Oibríonn Fochoiste Nasctha Bailte na Comhairle go dlúth lenár gcomhpháirtithe sa Fhrainc agus eagraíonn siad ócáid nasctha bhliantúil. Chomh maith leis sin, eagraítear roinnt tionscadal malartaithe traschultúrtha chun deis a thabhairt do shaoránaigh an dá bhaile páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí oideachais, gnó agus sóisialta sa dá bhaile. I Meitheamh 2012, thug toscaireacht ó Bhaile Átha Í cuairt ar Grandvilliers le haghaidh cuairt bhliantúil na mbailte nasctha, rud a cheiliúr 'An Bhliain Eorpach don Aosú Gníomhach' thar an trí lá sin. Bhí roinnt ócáidí eile ar siúl i rith na bliana, agus bhí ionadaithe ón dá bhaile ag taisteal idir Éirinn agus an Fhrainc.

Newbridge Town Council

Droichead Nua

Comhairle Baile Dhroichead Nua

Tithíocht

Lean an Chomhairle Baile dá feidhm tithíochta a riar i 2012. Soláthraíodh seirbhísí bailithe ioncaim agus cothabhála tithíochta do na 26 teach atá ag an gComhairle.

Comhshaol

Leanann an Chomhairle Baile de bheith ag cur maoiniú ar fáil le haghaidh chomórtas na mbailte slachtmhara agus bíonn an coiste fós i mbun glantacháin agus feabhsuithe ar dhreach an bhaile ar bhonn leanúnach.

Ba ghné de ghníomhaíochtaí na Comhairle Baile é soilsiú na Nollag arís in 2012.

An Comhchoiste Póilíneachta

Leanadh den Chomhchoiste Póilíneachta in 2012. Is é cuspóir an Chomhchoiste Póilíneachta fóram a chur ar fáil ina bhféadann an t-údarás áitiúil, oifigigh shinsearacha na nGardaí sa cheantar, comhaltaí na Comhairle agus an Oireachtais chomh maith le hionadaithe ón earnáil pobail agus dheonach dul i gcomhairle agus plé agus moltaí a dhéanamh maidir le póilíneacht ina gceantar.

Cuirtear fáilte roimh bhaill den phobal ag gach cruinniú agus is féidir féachaint ar dhoiciméid ar an suíomh gréasáinwww.kildarejointpolicing.ie.

Ar na nithe a pléadh in 2012, bhí:

- Ólachán poiblí
- An líon ionsaithe ar dhaoine sa bhaile
- Leibhéal na coireachta i nDroichead Nua
- Páirceáil mhídhleathach i nDroichead Nua ar laethanta cluichí
- An líon Gardaí i nDroichead Nua
- Obair dheonach don Gharda Síochána (Cúltaca an Gharda Síochána
- Páirceáil mhídhleathach ag scoileanna agus ina gcóngar

Halla an Bhaile

Rinneadh dul chun cinn in 2012 ar phleananna chun Halla an Bhaile a athchóiriú. Ceapadh ailtirí chun an tionscadal a chur chun cinn agus rinneadh suirbhé aispeiste agus oibreacha tosaigh in 2012.

Na Gradaim Pobail agus Saorálaíochta

Bhronn Comhairle Baile Dhroichead Nua gradaim in 2012 chun grúpaí agus daoine de mhuintir an phobail agus saorálaithe a aithint sna naoi gcatagóir seo a leanas:

- Gradam cultúir don éascaitheoir/eagraíocht is fearr – An tUas. Des Egan agus Eagraíocht Manley Hopkins
- Gradam cultúir don taibheoir is fearr – An tUas. Paul Cooke, Grúpa Staire Dhroichead Nua
- Grúpa pobail/deonach – Banna Ceoil Bhunscoil Phádraig
- Duine de mhuintir an phobail/saorálaí – An Bhean Uasal Mary Doyle
- Éacht acadúil/oideachais – Scoil an Teaghlaigh Naofa i gcomórtas na dTrialacha Náisiúnta Barra
- Gradam spóirt don chlub/eagraíocht is fearr – Club CLB Sarsfields
- Gradam spóirt don saorálaí is fearr – An Bhean Uasal Theresa Harrison, Cluichí Pobail
- Gradam spóirt don lúthchleasaí – An tUas. Sean Baldwin, Lúthchleasaí Parailimpeach
- Clú is Cáil – An tUas. Barry Moore, nó Luka Bloom mar is fearr aithne air.

Feidhmeanna Ionadaíochta

Nascadh le Bad Lippspringe

Tá cruinnithe nasctha bailte á n-eagrú ag Droichead Nua agus Bad Lippspringe le trí bliana déag anuas. Comhoibríonn na grúpaí éagsúla spóirt, cultúrtha, pobail agus stairiúla ar an mbaile lena chéile. Bíonn dea-chumarsáid idir na grúpaí seo agus is maith an t-eagar a bhíonn ar ócáidí le linn na cuairte dá bharr. Socraíodh gníomhaíochtaí ag an deireadh seachtaine freisin chun ceiliúradh a dhéanamh ar an ócáid. Bhí Droichead Nua ina óstach do thoscaireacht 25 cuairteoir as an nGearmáin i Márta 2012. In ómós an bhaile nasctha, tugadh Bealach Bad Lippspringe mar ainm ar chosán i bPáirc Líneach na Life agus iad ar cuairt.

Nascadh le Ocala

Thug toscaireacht ó Ocala cuairt ar Dhroichead Nua i Márta 2012 le haghaidh Pharáid na Féile Pádraig. Bhí 12 thoscaire ann, idir chomhraiceoirí dóiteáin, phóilíní agus ionadaithe ón tionscal eachrach. Ghlac na comhraiceoirí dóiteáin agus na póilíní páirt i bParáid na Féile Pádraig i nDroichead Nua agus a gcuid éidí á gcaitheamh acu. Don chéad uair, thug ionadaithe ó lucht gnó Dhroichead Nua cuairt ar Ocala. Bíonn marcaigh as Droichead Nua fós ag fáil taithí oibre printíseachta ar fheirmeacha in Ocala.

Feidhmeanna Eile

Thairg an Chomhairle Baile tacaíocht airgeadais agus cúnamh d'eagraíochtaí áitiúla in 2012. Ina measc seo, bhí grúpaí a bhain le Bailte Slachtmhara Dhroichead Nua, na Cluichí Pobail, Deontais Pobail, Nascadh Dhroichead Nua, Féile Lá Fhéile Pádraig agus Fáilte Chill Dara.

Leixlip
TOWN COUNCIL

Comhairle Baile Léim an Bhradáin

RÉAMHRÁ

Bunaíodh Coimisinéirí Baile Léim an Bhradáin in 1988 agus athraíodh go Comhairle Baile Léim an Bhradáin iad in 2002 faoin Acht Rialtais Áitiúil 2001.

Bhí an Comhairleoir Joe Neville ina Chathaoirleach go dtí Meitheamh 2012. Toghadh an Comhairleoir Joe Neville ina Chathaoirleach ag Cruinniú Cinn Bliana na comhairle i Meitheamh 2012 agus toghadh an Comhairleoir Teresa Byrne ina Leas-Chathaoirleach go dtí Meitheamh 2013. Is iad na comhairleoirí atá ag seirbheáil ar Chomhairle Baile Léim an Bhradáin faoi láthair ná: Na Comhairleoirí Teresa Byrne, Bernard Caldwell, Shane Fitzgerald, Anthony Larkin, Denis McCarthy, Joe Neville, Colm Purcell, Seán Purcell agus Michael O'Brien. Comhthoghadh an Comhairleoir Michael O'Brien i mí Eanáir.

Tá oifig na Comhairle Baile suite i dTeach an Bhaile Nua, Cnoc an Chaptaein. Tionóltar an chomhairle ar an gcéad Mháirt de gach mí i seomra na comhairle agus bíonn na cruinnithe ar oscailt don phobal agus don lucht preasa.

Is é an tUasal Peter Minnock, Stiúrthóir Seirbhísí, Comhairle Contae Chill Dara an Bainisteoir Baile.

Buiséad

Ba é an buiséad le haghaidh 2012 ná €332,700 agus faightear an maoiniú seo ó Chomhairle Contae Chill Dara agus ón gCiste Rialtais Áitiúil. Déanann an chomhairle an-chuid oibre trí na fochoistí seo a leanas: Comhshaol agus Bainistíocht Dramhaíola, Ealaíona agus Oidhreacht agus Feabhsuithe Baile.

Comhshaol agus Bainistíocht Dramhaíola

Comhaltaí: Na Comhairleoirí Denis McCarthy (tionólaí), Anthony Larkin, Joe Neville, Teresa Byrne

Comhaltaí nach bhfuil ar an gComhairle: Declan Kenny, Matt Crehan, Michael Mousley, Albert Larkin agus Pat Martyn

Is é cuspóir an choiste seo spreagadh a thabhairt do dhaoine dramhaíl tí a laghdú, a athúsáid agus a athchúrsáil agus monatóireacht a dhéanamh ar shaincheisteanna comhshaoil. Déanann sé monatóireacht freisin ar Chomórtas na nEastát Slachtmhar, GarraitheTosaigh, an Scéim Deontas d'Fheabhsú Spásanna Oscailte agus an Comórtas Glactha Ceantair faoi Chúram.

Leanann an coiste den mhaoirseoireacht ar sholáthar agus ar chothabháil na mboscaí fuinneoige, na gciseán ar crochadh agus an chuir bláthanna i lár an bhaile. Tugtar boscaí fuinneoige saor in aisce don chuid is mó de na háitribh ar feadh na Príomhshráide. Tá ciseáin ar crochadh agus gabhdáin mhóra suite ar fud an bhaile. Bíonn an Chomhairle Baile fós ag cur maoiniú ar fáil chun uisce a thabhairt do na plandaí a chuir Cumann Baile Slachtmhar Léim an Bhradáin.

D'eagraigh an coiste Lá Athchúrsála Dramhaíola Glaise i mí Aibreáin ag an Scioból Iontach. Bhí an-rath agus an-fhreastal ar fad ar an ócáid agus tá sé i gceist go leanfar den tionscnamh in 2013.

Reáchtáladh lá athchúrsála d'ábhar leictreach i gClub Rugbaí Barnhall i mí Iúil agus bhí cur i láthair ann freisin inar léiríodh conas buta uisce a fheistiú agus a chur ag obair. D'éirigh thar cionn leis.

Lorg an coiste meastacháin don chostas a ghabhfadh le síolta féir a scaipeadh ar an bhfána taobh leis na staighrí aníos chuig Teach na nGasóg agus cuireadh an obair sin i gcrích i gcomhar le Cumann Baile Slachtmhar Léim an Bhradáin.

Ar mhaithe leis an gcomhshaol a chosaint ar shalú ag madraí, cheannaigh an Chomhairle málaí caca madra atá go hiomlán in-bhithmhillte agus chuir siad ar fáil iad saor in aisce d'úinéirí madraí. Bhí na málaí seo ar fáil ó Theach an Bhaile Nua, Leabharlann Léim an Bhradáin, Ionad Fóntas Léim an Bhradáin, Áitreabh Óige Léim an Bhradáin agus Stáisiún Gardaí Léim an Bhradáin. Cuireann an Chomhairle Baile áiseanna athchúrsála ar fáil le haghaidh cartúis printéara, cadhnraí baile agus fóin phóca.

Comórtas na nEastát Slachtmhar

Thug Yvonne O'Connor, Comhairleach Gairneoireachta, agus Simon Wallace, Ceannfort Páirceanna Poiblí ag Comhairle Contae Chill Dara breithiúnas ar na heastáit i mí Iúil. Bhí 15 iontrálaí ann. Bhí an comórtas roinnte ina thrí chatagóir agus é faoi réir líon na dtithe san eastát. Bronnadh duaiseanna i mbliana don Eastát Beag is Fearr, an tEastát Meánmhéid is Fearr, an tEastát Mór is Fearr, an Iontráil Nua is Fearr, Eastát Ardmholta, an tEastát is mó Feabhas agus an tEastát is Fearr ar an Iomlán.

Bhronn an Cathaoirleach Colm Purcell duaiseanna ar na buaiteoirí le linn ócáide in Óstán Springfield ar an 13 Meán Fómhair 2012. Ba í an Chomhairle Baile a d'urraigh na duaiseanna i ngach catagóir.

Comórtas an Gharraí Tosaigh

Bhí triúr is ochtó in iomaíocht sa chomórtas. Tugadh duaiseanna nua isteach i mbliana agus roinneadh an comórtas ina dhá chuid: ceann do gharraithe beaga agus ceann do gharraithe móra.

An Comórtas Glactha Ceantair faoi Chúram

D'eagraigh an Chomhairle Baile an Comórtas Glactha Ceantair faoi Chúram arís i gcomhar le Hewlett Packard. Ghlac Brian Woods ó Hewlett Packard páirt mar mholtóir. Is é aidhm an chomórtais spreagadh a thabhairt do ghrúpaí pobail freagracht a ghlacadh as cuid den bhaile i rith an tsamhraidh agus cothabháil a dhéanamh ar an gceantar sin ina dhiaidh sin.

I mbliana, roghnaíodh ceantair le haghaidh an chomórtais a raibh gá lena bhfeabhsú agus a bhfuil tábhacht ar leith ag baint leo. Agus é faoi réir na hoibre a bhí i gceist le haghaidh na gceantar go léir, leithdháileadh €100 nó €200. Ocht gceantar déag a bhí i gceist.

An Scéim Deontas Feabhsúcháin le haghaidh Spásanna Oscailte

Bronnadh €4,630 de dheontais san iomlán ar Chumainn Chónaitheoirí Léim an Bhradáin.

Feabhsuithe Baile

Comhaltaí: Na Comhairleoirí Anthony Larkin (tionólaí), Shane Fitzgerald, Joe Neville, Seán Purcell, Teresa Byrne
Comhaltaí nach bhfuil ar an gComhairle: Declan Kenny, Matt Crehan, Michael Mousley, Albert Larkin, Pat Martyn

Cuireadh cinn nua ar na lampaí ar Dhroichead Rye san earrach agus glanadh cloch an droichid sin chomh le maith cloch Dhroichead Louisa.

D'eagraigh an coiste obair ghlantacháin i mí Feabhra ón Droichead Rye go dtí an cora éisc agus piocadh suas bruscar ó Chearnóg Ralph chomh fada le Teach na nGasóg.

D'eagraigh an coiste uasghrádú ar charrchlós na Príomhshráide, lenar áiríodh an carrchlós a athdhromchlú agus a athlíneáil, mullaird a bhaint, cuaillí soilse nua a chur isteach, agus clár faisnéise agus comharthaíocht a chur in airde le haghaidh athainmniú an charrchlóis mar Chearnóg Arthur Guinness.

Ealaíona agus Oidhreacht

Comhaltaí: Na Comhairleoirí Shane Fitzgerald (tionólaí), Joe Neville, Teresa Byrne, Denis McCarthy
Is é cuspóir an choiste seo ná na healaíona a chur chun cinn agus ár n-oidhreacht a chosaint.

D'eagraigh an coiste ceiliúradh Lá Fhéile Pádraig a reáchtáladh i gcarrchlós na Príomhshráide. Bhíothas ag péinteáil aghaidheanna agus ag déanamh balún ar an lá agus bhí preabchaisleáin ann freisin. Bhí ceol traidisiúnta na hÉireann agus rince Gaelach ar siúl freisin. Bhain gach duine taitneamh as an ócáid agus ní dhéanfar dearmad uirthi. Tá an ócáid á maoiniú ag an

gComhairle Baile le leithdháileadh deontais €2,000.
D'eagraigh an coiste an Comórtas Ealaíne arís i mí na Samhna agus é mar aidhm leis ealaín a chur chun cinn i measc daoine óga Léim an Bhradáin.

Deontais Pobail

Reáchtáil an Chomhairle Baile a Scéim Deontais Pobail le buiséad iomlán €10,000.

Cur i Láthair

Rinne an Chomhairle Baile cur i láthair do Eoin Rheinisch i mBealtaine agus ghuigh gach rath air sna Cluichí Oilimpeacha i Londain in 2012.

Gradaim Chathartha

Den 20ú bliain as a chéile, d'iarr an Chomhairle Baile ar mhuintir an phobail daoine a ainmniú le haghaidh gradaim. Tá an scéim gradam seo ann chun spiorad pobail a spreagadh agus a chothú i Léim an Bhradáin, chomh maith le braistint féiniúlachta a chruthú. Tá an Chomhairle i ndiaidh onóir a thabhairt do 180 duine go dtí seo, óir is é cuspóir na ngradam aitheantas a thabhairt as ucht iarracht a dhéanamh ar son an phobail i Léim an Bhradáin agus/nó as éacht den scoth a dhéanamh in aon cheann de na catagóirí agus sin a cheiliúradh. Bhronn an Cathaoirleach Joe Neville na gradaim, ag ócáid in Óstán Théach Léim an Bhradáin ar an 10 Bealtaine.

Ábhair Eile

Toscaireachtaí

Chuir Comhairle Baile Léim an Bhradáin fáilte roimh thoscaireachtaí ó Shared Access, CLG Léim an Bhradáin, Nascadh Bailte Léim an Bhradáin agus Bus Átha Cliath i mbliana.

An Comhchoiste Póilíneachta

Lean an coiste de bheith ag teacht le chéile gach ráithe in 2012. Is iad comhaltaí an choiste comhaltaí na Comhairle Baile móide an Teachta Catherine Murphy, an Teachta Bernard Durkan, an Teachta Emmet Stagg, an Ceannfort Paul Dolan, an Sáirsint Aonghus Hussey, Pat Cooney, ionadaí pobail, agus Peter Minnock. Toghadh an Comhairleoir Denis McCarthy ina chathaoirleach in 2012 le haghaidh tréimhse dhá bhliain.

Is é ról an choiste fóram a sholáthar ina bhféadann an t-údarás áitiúil agus Oifigigh Shinsearacha an Gharda Síochána, chomh maith le Comhaltaí Oireachtais agus páirtithe leasmhara pobail, dul i gcomhairle lena chéile agus plé agus moltaí a dhéanamh maidir le hábhair a théann i bhfeidhm ar phóilíneacht an cheantair. Bíonn na cruinnithe go léir ar oscailt don phobal agus tá na doiciméid ar fáil ar an láithreán gréasáin www.kildarejointpolicing.ie.

Ainmniú Cearnóg Arthur Guinness

Reáchtáladh ceiliúradh Guinness ar an 27 Meán Fómhair chun Lá Artúir a chomóradh. Mar chuid den ócáid, chuathas Bealach Guinness i gCill Dara, ina dtugtar cuairt ar Shéipéal Mhuire, arb é ionad adhlactha an Ardeaspaig Arthur Price é, cuairt ar an Músaem Gaile i dTeach Sraféin, cuairt ar an reilig in Uachtar Ard agus ar uaigh Arthur Guinness, agus cuairt ar The Mucky Duck agus ar The Village Inn i gCill Droichid. Leag an Leaschathaoirleach Colm Purcell bláthfhleasc ag uaigh Artúir in Uachtar Ard agus thug sé aitheasc os comhair an tslua. Bhí an tOnórach Desmond Guinness i láthair ag searmanas leagtha na bláthfhleisce. Bhí Seamus Kelly, staraí áitiúil, ina threoraí ar an lá agus chuir leis an ócáid go mór.

Ba é ainmniú Cearnóg Arthur Guinness ar an 27 Meán Fómhair barrchríoch dhá bhliain oibre ag an gComhairle Baile, Comhairle Contae Chill Dara agus an Fochoiste um Fheabhsuithe Baile. Mar chuid den tionscadal bhí athdhromchlú an charrchlóis, soilse poiblí nua, cláir faisnéise agus comharthaíocht. Cuireadh tús leis an gceiliúradh i Séipéal Mhuire, ionad adhlactha an Ardeaspaig Price, áit ar chuir an tOir. Scott Peoples agus staraí na heaglaise Brendan Twomney fáilte romhainn. Bhog na haíonna ar aghaidh ansin chuig Cearnóg Arthur Guinness Square le haghaidh chur i láthair na gclár faisnéise faoi Arthur Guinness agus na comharthaíochta do Bhealach na Grúdlainne agus Bealach Artúir. Rinne an Cathaoirleach agus Patrick Guinness aitheasc don ghrúpa. Óladh sláinte go hoifigiúil d'Artúr at 17.59 sa Siopa Meánach, áit a raibh an Corn Heineken ar taispeáint a bhuí leis an gComhairleoir Anthony Larkin.

Tionscadail Pobail agus Comhshaoil

Cuireann an Chomhairle buiséad ar fáil gach bliain do thionscadail pobail agus comhshaoil agus tá duine acu ar conradh leis an gcomhairle chun na hoibreacha seo a chur i gcrích.

Tobar Spá Léim an Bhradáin

Is iad ionadaithe na Comhairle Baile ar an gCoiste Spá ná: Na Comhairleoirí Shane Fitzgerald, Anthony Larkin, Teresa Byrne agus Denis McCarthy. Déanann Simon Wallace ionadaíocht ar son Chomhairle Contae Chill Dara. Déantar ionadaíocht ar son na gcomhlachtaí seo a leanas ar an gcoiste; An Coiste Comhairleach ar Shéadchomharthaí Stairiúla, Dublin Naturalist Field Club, Ailtire Caomhantais, Iar-Rúnaí An Taisce, an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, Cumann Forbartha Slatiascaireachta Léim an Bhradáin agus Seirbhísí Fiadhúlra na hÉireann.

Mar chuid den obair a rinneadh ag Spá Léim an Bhradáin in 2012, coimisiúnaíodh tuarascáil ar riocht bhallaí coinneála an Tobair Spá agus rinneadh oibreacha caomhantais orthu. Críochnaíodh sin in 2012 agus luaitear sa tuarascáil roinnt moltaí maidir leis na ballaí a chaomhnú agus láthair amhairc ó chosán tarraingthe na canála a fhorbairt. Is de bhun na moltaí sin a dhéanfar na hoibreacha sin amach anseo. Rinneadh cothabháil freisin ar an talamh féaraigh timpeall ar an áit. Strimeáil agus baint an fhéir ghearrtha a bhí i gceist leis an obair sin. Déantar an obair sin ag deireadh gach bliana chun cur le héagsúlacht speiceas an fhéaraigh agus í a chaomhnú.

Nascadh Baile

Is iad comhaltaí an Choiste Nasctha le haghaidh 2011/2012 an Comhairleoir Seán Purcell agus an Comhairleoir Teresa Byrne.

Lean an Chomhairle Baile de bheith ag tacú le hobair an Chumainn Nasctha Bailte ar mhaithe lena ngníomhaíochtaí. Rinne an Cathaoirleach Joe Neville ionadaíocht ar son na Comhairle Baile nuair a chuaigh sé ar thuras nasctha bailte chuig Bressuire i Meitheamh. Leithdháileadh deontas ar luach €3,000 Chumann Nasctha Bailte.

Soilse na Nollag

Lean an Chomhairle Baile de bheith ag tabhairt tacaíochta d'obair Choiste Shoilse na Nollag agus é ag soláthar soilse iontacha féiltiúla ar an mbaile. Leithdháileadh deontas ar luach €14,000 don choiste.

Féile Léim an Bhradáin

Tagann go leor cuairteoirí chuig Léim an Bhradáin gach bliain chun freastal ar Fhéile Léim an Bhradáin, a reáchtáiltear ag deireadh seachtaine saoire bainc an Mheithimh. Bhronn an Chomhairle Baile deontas €10,000 chun tacú leis an obair a bhí i gceist leis an bhféile.

Cumann na mBailte Slachtmhara i Léim an Bhradáin

Is mór ag an gComhairle Baile obair dhian agus tiomantas Chumann na mBailte

Slachtmhara agus na ndaoine a dhéanann obair dheonach dó. Leithdháileadh deontas ar luach €7,500 do Choiste na mBailte Slachtmhara.

Ar an 20 Meán Fómhair, chuir Comhairle Baile Léim an Bhradáin ócáid ar siúl in Óstán Theach Léim an Bhradáin le haghaidh Chumann na mBailte Slachtmhara i Léim an Bhradáin mar cheiliúradh ar 50 bliain a bhunaithe. Reáchtáladh an ceiliúradh in Óstán Theach Léim an Bhradáin agus bhí cór Údaráis Áitiúla Chill Dara ag casadh amhrán ann.

In 2012, bhuaigh Cumann na mBailte Slachtmhara i Léim an Bhradáin an bonn cré-umha i gComórtas Náisiúnta na mBailte Slachtmhara.

Comhdhálacha

Comhlachas Údarás Bardasach na hÉireann (CÚBÉ)

D'fhreastail an Comhairleoir Teresa Byrne ar sheimineár earraigh an CÚBÉ i gCabhán i mí Feabhra agus ar chomhdháil an fhómhair i nGaillimh i Meán Fómhair.

Naas Town Council

Comhairle Baile an Náis

Comhairle Baile an Náis

Is í Comhairle Baile an Náis an t-údarás áitiúil do cheantar uirbeach an Náis agus tá naonúr comhaltaí ann a thoghtar go díreach.

Bhí an Comhairleoir Willie Callaghan ina Mhéara i rith 2012. Bhí an Comhairleoir Emer McDaid ina Leas-Mhéara agus ba í an Comhairleoir Rioghnagh Bracken a tháinig i gcomharbacht uirthi. Seo mar a leanas comhairleoirí Chomhairle Baile an Náis in 2012:

- An Comhairleoir Rioghnagh Bracken
- An Comhairleoir Anne Breen
- An Comhairleoir Willie Callaghan
- An Comhairleoir Pat Clear
- An Comhairleoir Ger Dunne
- An Comhairleoir Emer McDaid
- An Comhairleoir Seamie Moore
- An Comhairleoir Alan O'Kelly
- An Comhairleoir Darren Scully

Tá Comhairle Baile an Náis ina príomhsholáthraí seirbhíse don Nás agus ina fóram ionadaíoch daonlathach do mhuintir an Náis. Tionóltar cruinnithe na Comhairle ar an tríú Máirt de gach mí (seachas Lúnasa). Is comhaltaí de chuid Chomhairle Contae Chill Dara freisin iad na Comhairleoirí Callaghan, Moore agus Scully. Déantar ionadaíocht ar son na gComhaltaí ar roinnt grúpaí pobail áitiúla freisin, chomh maith le Coistí Beartais Straitéiseacha na Comhairle Contae.

Ionadaithe chuig Comhlachtaí Éagsúla

An Coiste Gairmoideachais	An Comhairleoir Rioghnagh Bracken An Comhairleoir Emer McDaid
CÚBÉ	An Comhairleoir Willie Callaghan An Comhairleoir Seamie Moore
Comhar-Árachais Comhairlí Éireann Teo.	An Comhairleoir Darren Scully
Coistí Chontae Chill Dara um Beartais Straitéiseacha	An Comhairleoir Anne Breen An Comhairleoir Ger Dunne
Comhchoiste Póilíneachta an Náis	An Comhairleoir Rioghnagh Bracken (Cathaoirleach)
Bord Amharclann an Mhóta	An Comhairleoir Pat Clear An Comhairleoir Alan O'Kelly
Grúpa Spóirt an Náis	An Comhairleoir Ger Dunne
Seirbhísí Fostaíochta Áitiúla Chill Dara	An Comhairleoir Ger Dunne

Airgeadas

Ba é €10.27 milliún an caiteachas iomlán a cuireadh sa bhuiséad don bhliain 2012, i gcomparáid le €10.37 milliún don bhliain 2011. Is cuid mhór caiteachais é sin agus is léir go bhfuil sé tábhachtach a chinntiú go bhfaighfear an luach is fearr ar airgead agus muid ag dearcadh ar an bhforbairt shóisialta agus pobail atá mar chuid d'obair na comhairle.

Ba é €67.61 an ráta bliantúil luachála a ghlac Comhairle Baile an Nás don bhliain 2012.





Clár Oibreacha Bóthair

Is ann do chlár leanúnach feabhsúcháin agus gnáthchothabhála ar na bóithre áitiúla atá faoi chuimsiú limistéar riaracháin Chomhairle Baile an Náis. Áirítear leis sin obair dheisiúcháin ar linntreoga agus ar chosáin, glantachán silteán, cothabháil ar chomharthaí bóthair agus ar ainmchláir agus cinn nua a chur ina n-ionad, lomadh féir, bearradh ciumhaiseanna, srl. Caitheadh €295,000 ar ghnáthchothabháil.

Rinneadh roinnt oibreacha feabhsúcháin ar bhóithre agus ar chosáin an Náis in 2012 ar chostas €610,000.

Tithíocht

Tá stoc tithíochta 324 teach ag Comhairle Baile an Náis a bhfuil idir chóiríocht aonair agus chóiríocht teaghlaigh ann. Déanann an Chomhairle cothabháil ar a stoc tithíochta sóisialta trí mheascán den saothar díreach agus de chonraitheoirí nuair is gá sin. Cuireadh €450,000 ar fáil chuige sin in 2012. Bítear ag freastal ar riachtanais na ndaoine a bhfuil cóiríocht de dhíth orthu trí chorrfholúntais a leithdháileadh agus tionóntaí a aistriú chuig cóiríocht a oireann dá riachtanais ag an am.

Leithdháiltear tithe de réir Scéim Leithdháilte na dTithe Cónaithe a glac comhaltaí na comhairle. Bhí 800 iarratasóir ar liosta tithíochta na comhairle ar an 31 Nollaig 2012.

Áineas agus Áiseanna

Cuireann Comhairle Baile an Náis dhá chlós súgartha ar fáil sa Nás, ag Páirc Mhóin Réad agus Ballycane. Tá an trealamh súgartha oiriúnach do leanaí in aoisghrúpaí éagsúla. Tá páirceanna imeartha curtha ar fáil ag Comhairle Baile an Náis freisin ag Páirc Mhóin Réad agus Ballycane do ghrúpaí áitiúla spóirt.

Tugann Tionscadal Bhealaigh an Bhaile Stairiúil spreagadh do mhuintir na háite agus do chuairteoirí níos mó ama a chaitheamh i mbun turasóireachta sa Nás chun níos mó eolais a fháil faoi thábhacht stairiúil an bhaile. Tá cúig bhealach ar leith ann.

Tá an Chomhairle tar éis cláir faisnéise faoin bhfiadhúlra agus faoi ghnáthóga an cheantair a chur in airde mórthimpeall na lochanna agus ar feadh na canála.

Bhain Coiste Bailte Slachtmhara an Náis, le tacaíocht Chomhairle Baile an Náis, caighdeán ard agus bonn airgid amach i gComórtas Náisiúnta na mBailte Slachtmhara don tríú bliain as a chéile.

D'fhreastail go leor daoine ar Pharáid na Cásca sa Nás, freisin, agus bhain taitneamh as an réimse leathan rannpháirtithe a bhí san ócáid rathúil seo. Tugann Comhairle Baile an Nás tacaíocht airgeadais do lucht eagair na paráide.

Pobal

Dheonaigh an Chomhairle Baile deontais de luach €75,000 do chumainn cónaitheoirí, do ghrúpaí spóirt agus amharclannaíochta agus d'eagraíochtaí éagsúla a bhíonn ag obair le daoine faoi mhíchumas, leis an óige agus le daoine scothaosta.

Bronnadh gradaim chathartha ar roinnt daoine aonair agus grúpaí i réimsí an chultúir, an léinn acadúil, an phobail agus an spóirt mar aitheantas ar a bhfuil bainte amach acu agus ar a gcuireann siad leis an bpobal.

I gcomhar le Comhlachas Tráchtála Chill Dara Thuaidh agus le gnólachtaí áitiúla, reáchtáil Comhairle Baile an Nás promóisean Nollag a dhírigh ar shearmanas lasta soilse na Nollag, ócáid ar éirigh go maith léi.

Comhchoiste Póilíneachta an Náis

Bunaíodh Coiste Póilíneachta an Náis chun fóram a sholáthar ina bhféadann an t-údarás áitiúil agus oifigigh shinsearacha an Gharda Síochána atá freagrach as póilíneacht a dhéanamh ar an gceantar, chomh maith le comhaltaí Oireachtais agus páirtithe leasmhara pobail, dul i gcomhairle lena chéile agus plé agus moltaí a dhéanamh maidir le hábhair a théann i bhfeidhm ar phóilíneacht an cheantair. Tá gach duine den naonúr comhairleoirí baile sa Nás ina gcomhaltaí den Chomhchoiste Póilíneachta agus is í an Comhairleoir Rioghnagh Bracken an cathaoirleach.

Nascadh Bailte leis an Nás

Tá forbairt á déanamh go fóill ar an gcaidreamh idir an Nás agus na bailte atá nasctha leis: Allaire (An Fhrainc), Dillingen (An Ghearmáin), St. David's (An Bhreatain Bheag), Casalattico (An Iodáil) agus Omaha (SAM). Thug ionadaithe as St. David’s agus as Dillingen cuairt ar an Nás um Cháisc 2012. Thug méara Omaha agus toscaireachtaí as an gcathair sin cuairt ar an Nás i mí Lúnasa.

Fiontraíocht Áitiúil

Agus iad ag obair as láimh le Comhairle Baile an Náis, chuir Comhlachas Tráchtála Chill Dara Thuaidh tús le próiseas in 2012 chun taighde a dhéanamh ar Phlean Gníomhaíochta Margaíochta don Nás agus é a ullmhú. Is éard is aidhm leis an bplean próifíl an bhaile a ardú go háitiúil, go réigiúnach, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta sa chaoi is go gcuirfidh méadú ar an líon cuairteoirí chuig an mbaile borradh faoin ngeilleagar áitiúil, rud a bhuanóidh gnólachtaí an bhaile agus a chuirfidh le comhtháthú sóisialta na háite dá bharr. Táthar ag súil go mbeidh an plean curtha i gcrích in 2013. Le tacaíocht Fháilte Chill Dara, chuir Comhairle Baile an Náis feachtas margaíochta ar siúl le linn fhéile bhliantúil rásaíochta Bhaile Phúinse, a d'fhéach leis an mbaile agus a bhfuil le feiceáil agus le déanamh ann a chur chun cinn i measc an iliomad cuairteoirí ar an bhféile as tíortha eile agus as áiteanna eile in Éirinn.

Meanma agus Misneach